**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla*

**2020/0361(COD)**

11.10.2021

# TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

chuig an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (COM(2020)0825 – C9-0418/2020 – 2020/0361(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Geoffroy Didier

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

Ba cheart go gcumhdófaí leis an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha na seirbhísí digiteacha uile a bhfuil ról tábhachtach acu sa scaipeadh a dhéantar ar inneachar neamhdhleathach, chun go ndéanfar rialú leordhóthanach ar a gcleachtais modhnaithe inneachair. Sin an fáth a ndearna mé raon feidhme na hIonstraime um Sheirbhísí Digiteacha a shoiléiriú chun díriú go sainráite ar 3 chineál seirbhísí a mbíonn mór-ról acu sa scaipeadh inneachair: innill chuardaigh, seirbhísí beoshruthaithe inneachair ó úsáideoirí agus seirbhísí teachtaireachtaí.

Ba cheart na trí chatagóir seirbhísí sin a bheith faoi réir na n-oibleagáidí a sholáthraítear do na seirbhísí idirghabhála uile faoi láthair sa chéad áit, agus sa dara háit, faoi réir na n-oibleagáidí maidir le measúnú agus maolú riosca a fheidhmítear ar ardáin an-mhór, i gcás ina sáraíonn siad na tairseacha ábhartha. Ba cheart seirbhísí beoshruthaithe agus seirbhísí teachtaireachtaí freisin a bheith ag teacht faoi oibleagáidí áirithe is infheidhme do sheirbhísí óstála agus ardáin ar líne, a mhéid is féidir na hoibleagáidí sin a chur i bhfeidhm orthu. D’fhéadfadh na seirbhísí sin oibleagáidí a chomhlíonadh a bhaineann le cuntais a fhionraí agus le ráthaíochtaí a thairgtear d’úsáideoirí i gcás smachtbhannaí mar shampla, agus ba cheart na hoibleagáidí sin a bheith á gcomhlíonadh acu.

Mar chúlra leis an mborradh tapa le blianta beaga anuas agus le linn phaindéim Covid-19 go háirithe, chothaigh na margaí ar líne bagairtí a bhaineann le cosaint tomhaltóirí, ó thaobh cearta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus sábháilteacht táirgí agus comhlíontacht táirgí, araon. Thairis sin, is údar imní breise na margaí sin i dtaca le cearta maoine tionsclaíochta agus góchumadh, agus i dtaca le héagothroime iomaíochta i gcoitinne, trína méadaítear ar an neamhchothroime iomaíochta a gcaithfidh cuideachtaí comhlíontacha cur suas leis ó chuideachtaí neamhchomhlíontacha.

Mar shampla, sna himscrúduithe ar na 10 bpríomh-mhargadh ar líne fuarthas go raibh 63% de na táirgí, ar an meán, a bhí á moladh do thomhaltóirí Eorpacha, neamhchomhlíontach agus go raibh 28% de na táirgí sin contúirteach go hiarbhír, ráta cuid mhaith níos airde ná i gcás miondíoltóirí a mbíonn siopa fisiciúil acu.

Is cinnte go bhfuil baint ag a leithéid le bealach éalaithe dlíthiúil sa chreat dlí reatha trína ligtear do mhargaí ar líne éalú ó roinnt de na riachtanais bhunúsacha nach féidir leibhéal réasúnach agus sásúil cosanta a áirithiú dá n-uireasa do na tomhaltóirí Eorpacha a dhéanann ceannach ar líne. Dá fhorleithne an sciar den mhargadh atá ag na margaí ar líne, is ea is airde an riosca agus is mó d’ábhar buartha é.

I bhfianaise an mhéid thuas, chun deireadh a chur leis an mbealach éalaithe dlíthiúil sin agus an riosca breise sin a chur as an áireamh, dealraíonn sé go gcaithfear forálacha breise sonracha maidir le hardáin ar líne a thairgeann seirbhísí margaidh a chur leis an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha.

Fadhb eile atá ann ná cur i bhfeidhm phrionsabal na tíre tionscnaimh, mar a thugtar air, agus an toradh a d’fhéadfadh a bheith air sin, i bhfianaise bunú reatha ardáin inneachair san Aontas, ná nach mbeadh ach dornán beag údarás náisiúnta ann a mbeadh de chumhacht acu an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha a fhorfheidhmiú. B’fhéidir nach mbeadh na húdaráis sin in ann a róil a chomhlíonadh. Thairis sin, faoin scéim atá beartaithe, ní fhéadfadh sainiúlachtaí náisiúnta a bheith á gcur san áireamh i gceart maidir le hinneachar a rialú.

Caithfear an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha a choigeartú dá bhrí sin chun go dtabharfar sainphribhléidí idirghabhála go sainráite d'údaráis inniúla na tíre cinn scríbe (e.g. an chumhacht chun rochtain a fháil ar shonraí, rannpháirtíocht san imscrúdú agus sa chinnteoireacht, an chumhacht chun gníomhú maidir le fadhb a dhéanann difear dá gcríoch, idirghabháil dhíreach i gcás neamhghníomh gan údar ag údarás na tíre bunaíochta).

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla ar an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Tá seirbhísí na sochaí faisnéise agus go háirithe seirbhísí idirghabhálacha anois ina gcuid thábhachtach de gheilleagar an Aontais agus de shaol laethúil shaoránaigh an Aontais. Scór bliain tar éis glacadh leis an gcreat dlíthiúil reatha is infheidhme maidir le seirbhísí den sórt sin a leagtar síos i dTreoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25], thug samhlacha agus seirbhísí nua agus nuálacha gnó, cosúil le líonraí sóisialta agus margaí ar líne, deis d'úsáideoirí gnó agus do thomhaltóirí faisnéis a thabhairt agus a rochtain agus tabhairt faoi idirbhearta ar ***bhealaí*** nua. Úsáideann tromlach saoránach an Aontais na seirbhísí sin ar bhonn laethúil anois. Ach, tá an claochlú digiteach agus an úsáid mhéadaithe a bhaintear as na seirbhísí sin anois ina fhoinse rioscaí agus dúshlán nua, d'úsáideoirí aonair agus don tsochaí ina hiomláine. | (1) Tá seirbhísí na sochaí faisnéise agus go háirithe seirbhísí idirghabhálacha anois ina gcuid thábhachtach de gheilleagar an Aontais agus de shaol laethúil shaoránaigh an Aontais. Fiche bliain tar éis ghlacadh an chreata dhlíthiúil reatha is infheidhme maidir leis na seirbhísí sin a leagtar síos i dTreoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25], thug samhlacha agus seirbhísí nua agus nuálacha gnó, amhail líonraí sóisialta agus margaí ar líne, deis d'úsáideoirí gnó agus do thomhaltóirí faisnéis a thabhairt agus a rochtain agus tabhairt faoi idirbhearta ar ***bhealaí nua agus nuálacha, lena gclaochlaítear a ngnásanna cumarsáide, nasctha, tomhaltais agus gnó ar thaobh amháin, agus lena mbaintear amach claochluithe sochaíocha agus eacnamaíocha san Aontas ar an taobh eile***. Úsáideann formhór shaoránaigh an Aontais na seirbhísí sin ar bhonn laethúil anois. Tá an claochlú digiteach agus an úsáid mhéadaithe a bhaintear as na seirbhísí sin anois ina fhoinse rioscaí agus dúshlán nua, áfach, d'úsáideoirí aonair, ***mar shampla i bhfoirm calaois agus camscéimeanna airgeadais ar líonraí sóisialta*** agus don |

tsochaí ina hiomláine araon.

[25] Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an tráchtáil leictreonach, go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach (Treoir maidir le tráchtáil leictreonach) (IO L 178, 17.7.2000, lch. 1).

[25] Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an tráchtáil leictreonach, go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach ('Treoir maidir le tráchtáil leictreonach') (IO L 178, 17.7.2000, lch. 1).

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Tá na Ballstáit ag tabhairt níos mó dlíthe náisiúnta isteach, nó ag smaoineamh ar dhlíthe náisiúnta a thabhairt isteach maidir leis na hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ag forchur, go háirithe, ceanglais díchill chuí do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha. Tá tionchar diúltach ag na dlíthe náisiúnta difriúla sin ar an margadh inmheánach, atá comhdhéanta, de bhun Airteagal 26 den Chonradh, de limistéar gan teorainneacha inmheánacha ina n-áirithítear saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí agus saoirse bhunaíochta, ag tabhairt san áireamh cineál trasteorann an idirlín go bunúsach, a úsáidtear go ginearálta chun na seirbhísí sin a sholáthar. Ba cheart na coinníollacha maidir le soláthar seirbhísí idirghabhálacha ar fud an mhargaidh inmheánaigh a chomhchuibhiú, chun rochtain a chur ar fáil do ghnólachtaí ar mhargaí agus ar dheiseanna nua chun leas a bhaint as buntáistí an mhargaidh inmheánaigh, fad is a cheadaítear do thomhaltóirí agus d'fhaighteoirí eile na seirbhísí rogha níos mó a bheith acu. | (2) Tá na Ballstáit ag tabhairt níos mó dlíthe náisiúnta isteach, nó ag smaoineamh ar dhlíthe náisiúnta a thabhairt isteach maidir leis na hábhair a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ag forchur, go háirithe, ceanglais díchill chuí do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha. ***Cruthaíonn na dlíthe náisiúnta difriúla sin ilroinnt rialála agus bíonn tionchar diúltach acu*** ar an margadh inmheánach, atá comhdhéanta, de bhun Airteagal 26 den Chonradh, de limistéar gan teorainneacha inmheánacha ina n-áirithítear saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí agus saoirse bunaíochta, ag cur san áireamh chineál trasteorann an idirlín go bunúsach, a úsáidtear go ginearálta chun na seirbhísí sin a sholáthar. Ba cheart na coinníollacha maidir le soláthar seirbhísí idirghabhálacha ar fud an mhargaidh inmheánaigh a chomhchuibhiú, chun rochtain a chur ar fáil do ghnólachtaí ar mhargaí agus ar dheiseanna nua chun leas a bhaint as buntáistí an mhargaidh inmheánaigh, fad is a cheadaítear do thomhaltóirí agus d'fhaighteoirí eile na seirbhísí rogha níos mó a bheith acu***, lena mbaintear amach cothromaíocht chuí idir tacaíocht don nuálaíocht, ar thaobh amháin, agus*** |

| | |
|---|---|
| | ***cosaint do thomhaltóirí agus d'úsáideoirí eile seirbhíse ar an taobh eile*.** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Tá iompar freagrach agus dícheallach na soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha fíor-riachtanach i gcomhair timpeallacht shábháilte, intuartha agus iontaofa agus le ligean do shaoránaigh an Aontais agus daoine eile a gcearta bunúsacha a ráthaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') a fheidhmiú, go háirithe an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil ***agus*** an tsaoirse chun gnó a sheoladh, ***agus*** an ceart chun neamh-idirdhealaithe. | (3) Tá iompar freagrach agus dícheallach na soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha fíor-riachtanach i gcomhair timpeallacht shábháilte, ***inrochtana,*** intuartha agus iontaofa agus chun go ligfear do shaoránaigh an Aontais agus daoine eile a gcearta bunúsacha a ráthaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') a fheidhmiú, go háirithe an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil***,*** an tsaoirse chun gnó a sheoladh, ***an ceart chun príobháideachais agus go gcosnófaí sonraí pearsanta,*** an ceart chun neamh-idirdhealaithe agus ***an ceart chun rochtana ar an gceartas*.** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Dá bhrí sin, d'fhonn feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a choimirciú agus a fheabhsú, ba cheart sraith spriocdhírithe rialacha sainordaitheacha aonfhoirmeacha, éifeachtacha agus comhréireacha a bhunú ar leibhéal an Aontais. Soláthraítear na coinníollacha sa Rialachán seo do sheirbhísí nuálacha digiteacha teacht chun cinn agus méadú sa mhargadh inmheánach. Tá an comhfhogasú ar bhearta rialála náisiúnta ar leibhéal an Aontais a bhaineann leis na ceanglais do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha | (4) Dá bhrí sin, chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a choimirciú agus a fheabhsú, ba cheart sraith spriocdhírithe rialacha sainordaitheacha aonfhoirmeacha, éifeachtacha agus comhréireacha a bhunú ar leibhéal an Aontais. Soláthraítear na coinníollacha sa Rialachán seo faoinar féidir le seirbhísí nuálacha digiteacha teacht chun cinn agus méadú sa mhargadh inmheánach. Tá an comhfhogasú ar bhearta rialála náisiúnta ar leibhéal an Aontais a bhaineann leis na ceanglais do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha |

| | |
|---|---|
| riachtanach chun ilroinnt an mhargaidh a sheachaint agus deireadh a chur léi sini agus chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ag laghdú na héiginnteachta, dá bhrí sin, d'fhorbróirí agus ag cothú idir-inoibritheachta. Ach úsáid a bhaint as ceanglais atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, níor cheart bac a chur ar nuálaíocht ach ba cheart ina ionad sin í a spreagadh. | riachtanach chun ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh a sheachaint agus deireadh a chur léi agus chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ag laghdú na héiginnteachta, dá bhrí sin, d'fhorbróirí agus ag cothú idir-inoibritheachta. Trí úsáid a bhaint as ceanglais atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, níor cheart bac a chur ar nuálaíocht ach ba cheart ina ionad sin í a spreagadh ***agus ba cheart go n-urramófaí cearta bunúsacha.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Ba cheart féachaint ar nasc substaintiúil den chineál sin leis an Aontas mar rud arb ann dó i gcás ina bhfuil bunaíocht ag an soláthraí seirbhíse san Aontas nó, ina éagmais sin, ar an mbonn go bhfuil líon suntasach úsáideoirí i mBallstát amháin nó níos mó, nó go bhfuil gníomhaíochtaí spriocdhírithe i dtreo Ballstát amháin nó níos mó. ***Is féidir*** spriocdhíriú gníomhaíochtaí i dtreo Ballstát amháin nó níos mó a chinneadh ar bhonn na gcúinsí ábhartha ar fad, lena n-áirítear tosca cosúil le húsáid teanga nó airgeadra a úsáidtear go ginearálta sa Bhallstát sin, nó an fhéidearthacht chun táirgí nó seirbhísí a ordú, nó fearann náisiúnta barrleibhéil a úsáid. Ba cheart spriocdhíriú gníomhaíochtaí i dtreo Ballstát amháin nó níos mó a dhíorthú ó infhaighteacht iarratais sa stór iarratais náisiúnta ábhartha, ó fhógraíocht áitiúil nó fógraíocht sa teanga a úsáidtear sa Bhallstát sin a sholáthar, nó ó chaidreamh custaiméirí a láimhseáil cosúil le seirbhís do chustaiméirí a sholáthar sa teanga a úsáidtear go ginearálta sa Bhallstát sin. Ba cheart nasc substaintiúil a thoimhdiú freisin i gcás ina ndíríonn soláthraí seirbhíse a ghníomhaíochtaí i dtreo Ballstát amháin nó | (8) Ba cheart féachaint ar an nasc substaintiúil sin leis an Aontas mar rud arb ann dó i gcás ina bhfuil bunaíocht ag an soláthraí seirbhíse san Aontas nó, ina éagmais sin, ar an mbonn go bhfuil go bhfuil líon suntasach úsáideoirí i mBallstát amháin nó níos mó. ***Ba cheart*** spriocdhíriú gníomhaíochtaí i dtreo Ballstát amháin nó níos mó a chinneadh ar bhonn na gcúinsí ábhartha ar fad, lena n-áirítear tosca amhail úsáid teanga nó airgeadra a úsáidtear go ginearálta sa Bhallstát sin, nó an fhéidearthacht táirgí nó seirbhísí a ordú, nó fearann náisiúnta barrleibhéil a úsáid. Ba cheart spriocdhíriú gníomhaíochtaí i dtreo Ballstát amháin nó níos mó a dhíorthú ó infhaighteacht iarratais sa stór iarratais náisiúnta ábhartha, ó fhógraíocht áitiúil nó fógraíocht sa teanga a úsáidtear sa Bhallstát sin a sholáthar, nó ó chaidreamh custaiméirí a láimhseáil amhail seirbhís do chustaiméirí a sholáthar sa teanga a úsáidtear sa Bhallstát sin i gcoitinne. Ba cheart nasc substaintiúil a thoimhdiú freisin i gcás ina ndíríonn soláthraí seirbhíse a ghníomhaíochtaí i dtreo Ballstát amháin nó níos mó mar a leagtar amach in Airteagal 17(1)(c) de Rialachán (AE) 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa |

níos mó mar a leagtar amach in Airteagal 17(1)(c) de Rialachán (AE) 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27]. Ar an lámh eile, ní féidir díreach inrochtaineacht theicniúil suímh ghréasáin ón Aontas a mheas, ar an bhforas sin amháin, mar rud lena mbunaítear nasc substaintiúil leis an Aontas.

agus ón gComhairle[27]. Ar an taobh eile den scéal, ní féidir díreach inrochtaineacht theicniúil suímh ghréasáin ón Aontas a mheas, ar an bhforas sin amháin, mar rud lena mbunaítear nasc substaintiúil leis an Aontas.

[27] Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO L 351, 20.12.2012, lch. 1).

[27] Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála (IO L 351, 20.12.2012, lch. 1).

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Ba cheart go gcomhlánódh an Rialachán seo, ach nach n-imreodh sé tionchar ar chur i bhfeidhm rialacha a eascraíonn as ionstraimí eile de dhlí an Aontais a rialaíonn gnéithe áirithe de sholáthar seirbhísí idirghabhálacha, go háirithe Treoir 2000/31/CE, cé is moite de na hathruithe sin a thugtar isteach leis an Rialachán seo, Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle arna leasú,[28] agus Rialachán (AE) Uimh.../.. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29] – Rialachán beartaithe maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne – beartaithe maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne. Dá bhrí sin, níl tionchar ag an Rialachán seo ar na hionstraimí eile sin, a mheastar a bheith ina lex specialis i ndáil leis an gcreat is infheidhme go ginearálta mar a leagtar amach sa Rialachán seo.***Ach, tá feidhm ag rialacha an*** Rialacháin ***seo maidir le saincheisteanna nach dtéitear i ngleic leo*** | (9) Ba cheart go gcomhlánódh an Rialachán seo cur i bhfeidhm rialacha a eascraíonn as ionstraimí eile de dhlí an Aontais a rialaíonn gnéithe áirithe de sholáthar seirbhísí idirghabhálacha, ach nach n-imreodh sé tionchar air sin, go háirithe Treoir 2000/31/CE, cé is moite de na hathruithe sin a thugtar isteach leis an Rialachán seo, Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle arna leasú,[28] agus Rialachán (AE) .../.. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29] – Rialachán beartaithe maidir le hInneachar Sceimhlitheoireachta ar Líne. Dá bhrí sin, ní dhéanann an Rialachán seo difear do na hionstraimí eile sin, ***i measc ionstraimí eile,*** arna meas mar *lex specialis* i ndáil leis an gcreat is infheidhme go ginearálta mar a leagtar amach sa Rialachán seo.***Ba cheart go n-urramófaí leis an Rialachán seo freisin inniúlachtaí na mBallstát dlíthe a ghlacadh lena gcuirtear saoirse agus iolrachas na meán*** |

***nó nach dtéitear i ngleic leo go hiomlán sna hionstraimí eile sin chomh maith le*** saincheisteanna ar a bhfágann na hionstraimí eile sin Ballstáit leis an bhféidearthacht chun bearta áirithe a ghlacadh ar an leibhéal náisiúnta.

***chun cinn chomh maith le héagsúlacht chultúrtha agus teanga. Níor cheart go ndéanfadh an*** Rialachán ***seo difear do shaoirse na mBallstát rialáil níos láidre*** a dhéanamh ar shaincheisteanna lena bhfágann na gníomhartha eile sin deis do na Ballstáit bearta áirithe a ghlacadh ar an leibhéal náisiúnta. ***I gcás ina mbeidh coimhlint idir Treoir 2010/13/AE arna leasú agus an Rialachán seo, ba cheart forlámhas a bheith ag Treoir 2010/13/AE chomh maith leis na bearta náisiúnta arna ndéanamh i gcomhréir leis an Treoir sin. Chun cúnamh a thabhairt do na Ballstáit agus do sholáthraithe, ba cheart don Choimisiún treoirlínte a sholáthar maidir le conas an idirghníomhaíocht idir gníomhartha éagsúla de chuid an Aontais a léirmhíniú agus conas cosc a chur ar aon dúbláil ceanglas ar sholáthraithe nó aon choinbhleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann agus ceanglais chomhchosúla á léirmhíniú.***

[28] Treoir 2010/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos i ndlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit a bhaineann le soláthar seirbhísí meán closamhairc (An Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc) (Téacs le hábharthacht EEA), IO L 95 15.4.2010, lch. 1.

[29] Rialachán (AE) Uimh.../.. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle – Rialachán beartaithe maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne

[28] Treoir 2010/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos i ndlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit a bhaineann le soláthar seirbhísí meán closamhairc (An Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc) (Téacs le hábharthacht EEA), IO L 95 15.4.2010, lch. 1.

[29] Rialachán (AE) Uimh.../.. ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle – Rialachán beartaithe maidir le hInneachar Sceimhlitheoireachta ar Líne

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Ar mhaithe le soiléireacht, ba | (10) Ar mhaithe le soiléireacht, ba |

cheart a shonrú freisin go bhfuil an Rialachán seo gan dochar do Rialachán (AE) 2019/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30] agus Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31], Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] agus Rialachán [.../...] ar mhaolú sealadach ó fhorálacha áirithe na Treorach 2002/58/CE[33] chomh maith le dlí an Aontais ar chosaint tomhaltóirí, go háirithe Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34], Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35] agus Treoir 93/13/CEE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36], arna leasú le Treoir (AE) 2019/2161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37], agus ar sonraí pearsanta a chosaint, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38]. Rialaítear cosaint daoine aonair maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoi rialacha dhlí an Aontais amháin ar an ábhar sin, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 agus Treoir 2002/58/CE. Tá an Rialachán seo freisin gan dochar do rialacha dhlí an Aontais maidir le coinníollacha oibre.

[30] Rialachán (AE) 2019/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 (IO L 186, 11.7.2019, lch. 1).

[31] Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d’úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as

cheart a shonrú freisin go bhfuil an Rialachán seo gan dochar do Rialachán (AE) 2019/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30] agus Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31], Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] agus Rialachán [.../...] ar mhaolú sealadach ó fhorálacha áirithe na Treorach 2002/58/CE[33] chomh maith le dlí an Aontais ar chosaint tomhaltóirí, go háirithe Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34], Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35] agus Treoir 93/13/CEE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36], arna leasú le Treoir (AE) 2019/2161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37], ***Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37a], Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37b],***agus ar sonraí pearsanta a chosaint, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38]. Rialaítear cosaint daoine aonair maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoi rialacha dhlí an Aontais ar an ábhar sin, agus faoi na rialacha sin amháin, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 agus Treoir 2002/58/CE. Tá an Rialachán seo freisin gan dochar do rialacha dhlí an Aontais maidir le coinníollacha oibre.

[30] Rialachán (AE) 2019/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margú agus úsáid réamhtheachtaithe pléascán, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 98/2013 (IO L 186, 11.7.2019, lch. 1).

[31] Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d’úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as

seirbhísí idirghabhála ar líne (IO L 186, 11.7.2019, lch. 57).

[32] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach), IO L 201, 31.7.2002, lch. 37.

[33] Rialachán [.../...] ar mhaolú sealadach ó fhorálacha áirithe na Treorach 2002/58/CE.

[34] Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagothroma idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoir 97/7/CE, Treoir 98/27/CE agus Treoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (‘An Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagothroma’)

[35] Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

[36] Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagothroma i gconarthaí tomhaltóirí

[37] Treoir (AE) 2019/2161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 98/6/CE , 2005/29/CE agus 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le forfheidhmiú agus

seirbhísí idirghabhála ar líne (IO L 186, 11.7.2019, lch. 57).

[32] Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir um príobháideachas agus cumarsáid leictreonach), IO L 201, 31.7.2002, lch. 37.

[33] Rialachán [.../...] ar mhaolú sealadach ó fhorálacha áirithe Threoir 2002/58/CE.

[34] Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagothroma idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoir 97/7/CE, Treoir 98/27/CE agus Treoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (‘An Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagothroma’)

[35] Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

[36] Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagothroma i gconarthaí tomhaltóirí.

[37] Treoir (AE) 2019/2161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 98/6/CE , 2005/29/CE agus 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le forfheidhmiú agus

nuachóiriú rialacha cosanta tomhaltóirí an Aontais

nuachóiriú rialacha cosanta tomhaltóirí an Aontais

[37a] ***Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach malartach díospóide le haghaidh díospóidí tomhaltóirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (IO L 165, 18.6.2013, lch. 63).***

[37b] ***Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO L 376, 27.12.2006, lch. 36).***

[38] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

[38] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (11) Ba cheart a shoiléiriú go bhfuil an Rialachán seo gan dochar do rialacha dhlí an Aontais maidir le cóipcheart agus cearta lena mbaineann, lena mbunaítear rialacha agus nósanna imeachta sonracha nár cheart go mbeadh tionchar orthu. | (11) Ba cheart a shoiléiriú go bhfuil an Rialachán seo gan dochar do rialacha dhlí an Aontais maidir le cóipcheart agus cearta lena mbaineann, ***go háirithe Treoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a],*** lena mbunaítear rialacha agus nósanna imeachta sonracha nár cheart go mbeadh tionchar orthu ***agus ar lex speialis iad, a bhfuil tús áite acu ar an Rialachán seo***. |

[1a] ***Treoir (AE) 2019/790 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le cóipcheart***

***agus cearta gaolmhara sa Mhargadh Aonair Digiteach agus lena leasaítear Treoracha 96/9/EC agus 2001/29/CE (IO L 130, 17.5.2019, lch 92).***

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) D'fhonn an cuspóir a bhaint amach maidir le timpeallacht shábháilte, intuartha agus iontaofa ar líne a áirithiú, chun críche an Rialacháin seo ba cheart coincheap an 'ábhair neamhdhleathaigh' a shainiú go leathan agus cumhdaíonn sé freisin faisnéis a bhaineann le hábhar, táirgí, seirbhísí agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha. Go háirithe, ba cheart a thuiscint leis an gcoincheap sin go dtagraíonn sé d'fhaisnéis, gan beann ar a fhoirm, atá faoin dlí is infheidhme neamhdhleathach ann féin, cosúil le fuathchaint nó ábhar sceimhlitheoireachta neamhdhleathach agus ábhar idirdhealaitheach neamhdhleathach, nó ***a bhaineann le*** gníomhaíochtaí atá neamhdhleathach, cosúil le comhroinnt íomhánna ina dtaispeántar mí-úsáid gnéis leanaí, comhroinnt íomhánna príobháideacha neamhthoiliúil neamhdhleathach, cibearstalcaireacht, díolachán táirgí neamhchomhlíontacha nó góchumtha, úsáid neamhúdaraithe ábhar atá faoi chosaint cóipchirt nó gníomhaíochtaí a bhaineann le sáruithe dlí um chosaint tomhaltóirí. I ndáil leis sin, tá sé neamhábhartha an dtagann neamhdhleathacht na faisnéise nó na gníomhaíochta ó dhlí an Aontais nó ón dlí náisiúnta atá comhsheasmhach le dlí an Aontais agus céard é cineál beacht nó ábhar an dlí atá i gceist. | (12) Dá bhrí sin, chun an cuspóir a bhaint amach maidir le timpeallacht shábháilte, ***inrochtanta,*** intuartha agus iontaofa ar líne a áirithiú, chun críche an Rialacháin seo, ba cheart coincheap an 'inneachair neamhdhleathaigh' ***a bheith mar bhonn taca leis an tuairim ghinearálta gur cheart an rud atá neamhdhleathach as líne a bheith neamhdhleathach ar líne freisin. Ba cheart an coincheap*** a shainiú go leathan freisin chun go gcumhdófaí faisnéis a bhaineann le hinneachar, táirgí, seirbhísí agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha. Go háirithe, ba cheart a thuiscint leis an gcoincheap sin go dtagraíonn sé d'fhaisnéis, gan beann ar a fhoirm, atá faoin dlí is infheidhme neamhdhleathach ann féin, cosúil le fuathchaint nó inneachar sceimhlitheoireachta neamhdhleathach agus inneachar idirdhealaitheach neamhdhleathach, nó ***nach bhfuil i gcomhréir le dlí an Aontais toisc*** go dtagraíonn sé do ghníomhaíochtaí atá neamhdhleathach, cosúil le comhroinnt íomhánna ina dtaispeántar mí-úsáid gnéis leanaí, comhroinnt neamhthoiliúl neamhdhleathach íomhánna príobháideacha, cibearstalcaireacht, díolachán táirgí neamhchomhlíontacha ***contúirteacha*** nó góchumtha, ***trádáil neamhdhleathach ainmhithe, plandaí agus substaintí,*** úsáid neamhúdaraithe inneachair atá faoi chosaint cóipchirt, ***soláthar seirbhísí neamhdhleathacha amhail seirbhísí óstála ar ardáin do*** |

***chóiríocht ghearrthéarmach ar cíos nach bhfuil i gcomhréir le dlí an Aontais nó le dlí náisiúnta,*** nó gníomhaíochtaí a bhaineann le sáruithe dlí um chosaint tomhaltóirí. I ndáil leis sin, is neamhábhartha má thagann neamhdhleathacht na faisnéise nó na gníomhaíochta ó dhlí an Aontais nó ón dlí náisiúnta atá comhsheasmhach le dlí an Aontais agus céard é cineál beacht nó ábhar an dlí atá i gceist.

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) Inneachar a scaiptear chun críoch oideachais, iriseoireachta, ealaíne nó taighde nó chun inneachar neamhdhleathach a chosc nó a chomhrac, lena n-áirítear an t-inneachar arb ionann é agus tuairimí poileimiciúla nó conspóideacha a léiriú le linn díospóireacht phoiblí, níor cheart go measfaí gur inneachar neamhdhleathach é. Ar an gcaoi chéanna, níor cheart inneachar, amhail físeán d'fhinné súl coire a d'fhéadfadh a bheith ann, a mheas mar ábhar neamhdhleathach, díreach mar go léirítear gníomh neamhdhleathach leis. Ba cheart go gcinnfí le measúnú an fíorchuspóir a bhaineann leis an scaipeadh sin agus an amhlaidh go scaiptear é ar an bpobal chun na gcríoch sin.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) I bhfianaise saintréithe áirithe na | (13) I bhfianaise shaintréithe áirithe na |

| | |
|---|---|
| seirbhísí lena mbaineann agus an gá comhfhreagrach leis na soláthraithe sin a bheith faoi réir oibleagáidí áirithe sonracha, is gá idirdhealú a dhéanamh, laistigh den chatagóir níos leithne de sholáthraithe seirbhísí óstála mar a shainmhínítear sa Rialachán seo, ar an bhfochatagóir d'ardáin ar líne. Ba cheart ardáin ar líne, ***cosúil le*** líonraí sóisialta nó margaí ar líne, a shainmhíniú mar sholáthraithe seirbhísí óstála ní hamháin a stórálann faisnéis a sholáthraíonn faighteoirí na seirbhísí arna iarraidh sin dóibh, ach a scaipeann an fhaisnéis sin ar an bpobal, arís arna iarraidh sin dóibh. Ach, d'fhonn forchur oibleagáidí atá róleathan a sheachaint, níor cheart soláthraithe seirbhísí óstála a mheas mar ardáin ar líne inar mionghné agus gné choimhdeach amháin de sheirbhís ***eile*** atá i scaipeadh ar an bpobal agus nach féidir an ghné sin, ar chúiseanna teicniúla cuspóireacha, a úsáid gan an phríomhsheirbhís eile sin, agus nach bealach é comhtháthú na gné sin le dul timpeall ar infheidhmeacht rialacha an Rialacháin seo is infheidhme maidir le hardáin ar líne. Mar shampla, d'fhéadfadh gné den sórt sin a bheith i gceist i rannán na mbarúlacha i nuachtán ar líne, inar léir go bhfuil sé coimhdeach don phríomhsheirbhís a léiríonn an foilseachán nuachta faoi fhreagracht eagarthóireachta an fhoilsitheora. | seirbhísí lena mbaineann agus an ghá comhfhreagraigh leis na soláthraithe sin a bheith faoi réir oibleagáidí áirithe sonracha, is gá, laistigh den chatagóir níos leithne soláthraithe seirbhísí óstála mar a shainmhínítear í sa Rialachán seo, fochatagóir na n-ardán ar líne a aithint. Ba cheart ardáin ar líne, ***innill chuardaigh***, líonraí sóisialta***, ardáin do chomhroinnt inneachair,*** nó margaí ar líne ***agus ardáin beoshruthaithe nó soláthraithe teachtaireachtaí príobháideacha*** a shainmhíniú mar sholáthraithe seirbhísí óstála ní hamháin a stórálann faisnéis a sholáthraíonn faighteoirí na seirbhísí arna iarraidh sin dóibh, ach a scaipeann an fhaisnéis sin ar an bpobal, arís arna iarraidh sin dóibh. Ach, chun forchur oibleagáidí atá róleathan a sheachaint, níor cheart soláthraithe seirbhísí óstála a mheas mar ardáin ar líne inar mionghné agus gné choimhdeach amháin ***den phríomhsheirbhís*** atá i scaipeadh ar an bpobal agus nach féidir an ghné sin, ar chúiseanna teicniúla cuspóireacha, a úsáid gan an phríomhsheirbhís eile sin, agus nach bealach é comhtháthú na gné sin le dul timpeall ar infheidhmeacht rialacha an Rialacháin seo is infheidhme maidir le hardáin ar líne. Mar shampla, d'fhéadfadh gné den sórt sin a bheith i gceist i rannán na mbarúlacha i nuachtán ar líne, inar léir go bhfuil sé coimhdeach don phríomhsheirbhís a léiríonn an foilseachán nuachta faoi fhreagracht eagarthóireachta an fhoilsitheora. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Ba cheart go n-áireofaí leis an gcoincheap 'scaipeadh ar an bpobal', mar a úsáidtear sa Rialachán seo, faisnéis a chur ar fáil do líon daoine a d'fhéadfadh a | (14) Ba cheart go n-áireofaí leis an gcoincheap 'scaipeadh ar an bpobal', mar a úsáidtear sa Rialachán seo, faisnéis a chur ar fáil do líon ***mór daoine nó líon daoine*** a |

| | |
|---|---|
| bheith neamhtheoranta, is é sin le rá faisnéis a dhéanamh inrochtana d'úsáideoirí i gcoitinne gan gá le tuilleadh gníomhaíochta a bheith le déanamh ó fhaighteoir na seirbhíse a sholáthraíonn an fhaisnéis riachtanach, gan beann ar an féidir leis na daoine sin rochtain a fháil ar an bhfaisnéis atá i gceist nó nach féidir. Níor cheart a thuiscint leis an bhféidearthacht chun grúpaí úsáideoirí seirbhíse ar leith a chruthú, as féin, nach ndéantar an fhaisnéis a scaiptear ar an mbealach sin a scaipeadh ar an bpobal. Ach, ba cheart scaipeadh faisnéise laistigh de ghrúpaí dúnta ina bhfuil líon ***teoranta*** daoine réamhchinntithe a eisiamh sa choincheap. Tagann seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39], cosúil le ríomhphoist nó seirbhísí teachtaireachta príobháidí, lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin seo. Níor cheart faisnéis a mheas amhail gur scaipeadh ar an bpobal í de réir bhrí an Rialacháin seo ach amháin i gcás ina dtarlaíonn sé sin ar iarratas díreach ó fhaighteoir na seirbhíse sin a chuir an fhaisnéis ar fáil.<br>__________________<br>[39] Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (Athmhúnlú), IO L 321, 17.12.2018, lch. 36 | d'fhéadfadh a bheith neamhtheoranta, is é sin le rá faisnéis a dhéanamh inrochtana d'úsáideoirí i gcoitinne gan gá le tuilleadh gníomhaíochta a bheith le déanamh ó fhaighteoir na seirbhíse a sholáthraíonn an fhaisnéis riachtanach, gan beann ar an féidir leis na daoine sin rochtain a fháil ar an bhfaisnéis atá i gceist nó nach féidir. Níor cheart a thuiscint leis an bhféidearthacht grúpaí úsáideoirí seirbhíse ar leith a chruthú, nach ndéantar an fhaisnéis a scaiptear ar an mbealach sin a scaipeadh ar an bpobal. Ach, ba cheart scaipeadh faisnéise laistigh de ghrúpaí dúnta ina bhfuil líon daoine réamhchinntithe a eisiamh sa choincheap. Tagann seirbhísí cumarsáide idirphearsanta, mar a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39], cosúil le ríomhphoist nó seirbhísí teachtaireachta príobháidí, lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin seo. Níor cheart faisnéis a mheas amhail gur scaipeadh ar an bpobal í de réir bhrí an Rialacháin seo ach amháin i gcás ina dtarlaíonn sé sin ar iarratas díreach ó fhaighteoir na seirbhíse sin a chuir an fhaisnéis ar fáil.<br>__________________<br>[39] Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (Athmhúnlú), IO L 321, 17.12.2018, lch. 36 |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Mar gheall ar an deimhneacht dhlíthiúil arna soláthar ag an gcreat cothrománach le haghaidh díolúintí coinníollacha ó dhliteanas do sholáthraithe | (16) Mar gheall ar an deimhneacht dhlíthiúil arna soláthar ag an gcreat cothrománach le haghaidh díolúintí coinníollacha ó dhliteanas do sholáthraithe |

| | |
|---|---|
| seirbhísí idirghabhálacha, mar a leagtar síos i dTreoir 2000/31/CE, tháinig go leor seirbhísí nua chun cinn agus tháinig méadú orthu ar fud an mhargaidh inmheánaigh. Ba cheart an creat a chaomhnú dá bhrí sin. D'fhonn na héagsúlachtaí agus na rialacha ábhartha a bheith á dtrasuí agus á gcur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta, áfach, agus ar mhaithe le soiléireacht agus comhleanúnachas, ba cheart an creat sin a ionchorprú sa Rialachán sin. Is gá freisin gnéithe áirithe den chreat sin a shoiléiriú, ag féachaint do chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. | seirbhísí idirghabhálacha, a leagtar síos i dTreoir 2000/31/CE, tháinig go leor seirbhísí nua chun cinn agus tháinig méadú orthu ar fud an mhargaidh inmheánaigh. Ba cheart an creat a chaomhnú dá bhrí sin. Chun na héagsúlachtaí agus na rialacha ábhartha a bheith á dtrasuí agus á gcur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta, áfach, agus ar mhaithe le soiléireacht***, comhsheasmhacht, intuarthacht, inrochtaineacht*** agus comhleanúnachas, ba cheart an creat sin a ionchorprú sa Rialachán sin. Is gá freisin gnéithe áirithe den chreat sin a shoiléiriú, ag féachaint do chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Níor cheart feidhm a bheith ag na díolúintí ó dhliteanas a bhunaítear sa Rialachán seo i gcás, seachas é féin a theorannú do sholáthar neodrach na seirbhísí, maidir le próiseáil theicniúil ***agus*** uathoibríoch amháin na faisnéise a sholáthraigh faighteoir na seirbhíse, go bhfuil a ról gníomhach ag soláthraí na seirbhísí idirghabhálacha den sórt sin a thugann eolas, nó smacht ar an bhfaisnéis sin. Níor cheart na díolúintí sin a bheith ar fáil dá réir sin maidir le dliteanas a bhaineann le faisnéis nach soláthraíonn faighteoir na seirbhíse ach a sholáthraíonn soláthraí na seirbhíse idirghabhálacha féin, lena n-áirítear i gcás inar forbraíodh an fhaisnéis faoi fhreagracht eagarthóireachta an tsoláthraí sin. | (18) Níor cheart feidhm a bheith ag na díolúintí ó dhliteanas a bhunaítear sa Rialachán seo i gcás, seachas é féin a theorannú do sholáthar neodrach na seirbhísí, maidir le próiseáil theicniúil uathoibríoch amháin na faisnéise a sholáthraigh faighteoir na seirbhíse, go bhfuil a ról gníomhach ag soláthraí na seirbhísí idirghabhálacha den sórt sin a thugann eolas, nó smacht ar an bhfaisnéis sin. Níor cheart na díolúintí sin a bheith ar fáil dá réir sin maidir le dliteanas a bhaineann le faisnéis nach soláthraíonn faighteoir na seirbhíse ach a sholáthraíonn soláthraí na seirbhíse idirghabhálacha féin, lena n-áirítear i gcás inar forbraíodh an fhaisnéis faoi fhreagracht eagarthóireachta an tsoláthraí sin. ***Meastar ról gníomhach a bheith á imirt ag soláthraí seirbhísí idirghabhála a dhéanann an t-inneachar a eagrú agus a dhéanann tagairt don inneachar, gan beann ar mhodhanna uathoibríocha nó eile a bheith in úsáid.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Ní sholáthraíonn soláthraí seirbhísí idirghabhálacha ***a théann i gcomhar d'aon turas le faighteoir seirbhísí d'fhonn tabhairt faoi*** ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha a sheirbhís go neodrach agus dá bhrí sin níos cheart go mbeadh sé in ann tairbhe a bhaint as na díolúintí ó dhliteanas arna bhforáil sa Rialachán seo. | (20) Níl seirbhís á soláthar go neodrach ag soláthraí seirbhísí idirghabhála ***arb é an príomhchuspóir atá leo*** gníomhaíochtaí neamhdhleathacha ***a dhéanamh nó a éascú*** agus níor cheart dá bhrí sin go bhféadfadh sé tairbhiú de na díolúintí ó dhliteanas dá bhforáiltear sa Rialachán seo. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Ba cheart go mbeadh soláthraí in ann tairbhe a bhaint as na díolúintí ó dhliteanas do 'chainéal fórach' agus do sheirbhísí 'taiscthe' nuair nach mbaineann sé in aon chor leis an bhfaisnéis a tharchuirtear. Éilítear dó seo, i measc nithe eile, nach modhnaíonn an soláthraí an fhaisnéis arna tharchur aige. Ach, níor cheart go dtuigfí an ceanglas seo amhail go gcumhdaítear leis ionramhálacha de chineál teicniúil a tharlaíonn i rith an tarchuir, cosúil le hionramhálacha nach n-athraíonn sláine na faisnéise a tharchuirtear. | (21) Ba cheart go mbeadh soláthraí in ann tairbhe a bhaint as na díolúintí ó dhliteanas do 'chainéal fórach' agus do sheirbhísí 'taiscthe' nuair nach mbaineann sé in aon chor leis an bhfaisnéis a tharchuirtear. Éilítear leis sin, i measc nithe eile, nach modhnaíonn an soláthraí an fhaisnéis arna tarchur aige. Ach, níor cheart go dtuigfí an ceanglas seo amhail go gcumhdaítear leis ionramhálacha de chineál teicniúil***, amhail bainistiú líonraí,*** a tharlaíonn i rith an tarchuir, cosúil le hionramhálacha nach n-athraíonn sláine na faisnéise a tharchuirtear. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| (22) Chun tairbhe a bhaint as an díolúine ó dhliteanas i gcomhair seirbhísí óstála, ba cheart don soláthraí, nuair a fhaigheann sé eolas nó feasacht maidir le hábhar neamhdhleathach, feidhmiú go tapa chun rochtain ar an ábhar sin a bhaint nó a dhíchumasú. Ba cheart tabhairt faoi bhaint nó díchumasú na rochtana agus aird ar phrionsabal na saoirse chun tuairimí a nochtadh. Féadfaidh an soláthraí an t-eolas nó an fheasacht iarbhír sin a fháil trí***, go háirithe, a imscrúduithe féintionscnaimh féin nó*** fógraí seolta isteach chuige ó dhaoine aonair nó eintitis i gcomhréir leis an Rialachán seo a mhéid a bhfuil na fógraí sin beacht go leordhóthanach agus go bhfuil bunús oiriúnach leo le ceadú d'oibreoir eacnamaíoch dícheallach iad a shainaithint, a mheasúnú agus i gcás inarb iomchuí feidhmiú in aghaidh ábhar neamhdhleathach líomhnaithe. | (22) Chun tairbhe a bhaint as an díolúine ó dhliteanas i gcomhair seirbhísí óstála, ba cheart don soláthraí, nuair a fhaigheann sé eolas nó feasacht maidir le hinneachar neamhdhleathach, feidhmiú go tapa chun rochtain ar an inneachar sin a bhaint nó a dhíchumasú. Ba cheart tabhairt faoi bhaint nó díchumasú na rochtana agus aird ar ***Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh***, ***lena n-áirítear*** prionsabal na saoirse chun tuairimí a nochtadh. Féadfaidh an soláthraí an t-eolas nó an fheasacht iarbhír sin a fháil trí fhógraí seolta isteach chuige ó dhaoine aonair nó eintitis i gcomhréir leis an Rialachán seo a mhéid a bhfuil na fógraí sin beacht go leordhóthanach agus go bhfuil bunús oiriúnach leo le ceadú d'oibreoir eacnamaíoch dícheallach iad a shainaithint, a mheasúnú agus i gcás inarb iomchuí feidhmiú in aghaidh inneachar neamhdhleathach líomhnaithe. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Chun cosaint éifeachtach tomhaltóirí a áirithiú nuair atáthar ag dul i ngleic le hidirbhearta tráchtála idirghafa ar líne, níor cheart go mbeadh soláthraithe ***áirithe*** seirbhísí óstála***, eadhon,*** ardáin ar líne a cheadaíonn do thomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt chun críche le trádálaithe, in ann tairbhe a bhaint as an díolúine ó dhliteanas do sholáthraithe seirbhíse óstála a chuirtear ar bun sa Rialachán seo a mhéid a chuireann na hardáin ar líne sin an fhaisnéis ábhartha a bhaineann leis na hidirbhearta atá i gceist i láthair ar bhealach a thugann le fios do thomhaltóirí a chreidiúint gur sholáthair na hardáin ar líne sin iad féin nó faighteoirí na seirbhíse ag feidhmiú faoina n-údarás nó a rialú an fhaisnéis, agus dá bhrí sin go | (23) Chun cosaint éifeachtach tomhaltóirí a áirithiú nuair atáthar ag dul i ngleic le hidirbhearta tráchtála idirghafa ar líne, ***lena n-áirítear idirbhearta airgeadais ar líne,*** níor cheart go mbeadh soláthraithe seirbhísí óstála, ardáin ar líne ***agus soláthraithe seirbhíse eile amhail margaí*** a cheadaíonn do thomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt chun críche le trádálaithe, in ann tairbhe a bhaint as an díolúine ó dhliteanas do sholáthraithe seirbhíse óstála a chuirtear ar bun sa Rialachán seo a mhéid a chuireann na hardáin ar líne sin an fhaisnéis ábhartha a bhaineann leis na hidirbhearta atá i gceist i láthair***, lena n-áirítear idirbhearta airgeadais ar líne,*** ar bhealach a thugann le fios do thomhaltóirí a chreidiúint gur |

| | |
|---|---|
| bhfuil an t-eolas nó rialú ar an eolas ag na hardáin ar líne, fiú murab amhlaidh atá go réadúil. Chuige sin, ba cheart a chinneadh go hoibiachtúil, ar bhonn gach cúinse ábhartha, cibé an bhféadfadh an cur i láthair a bheith mar bhunús le creidiúint de chuid gnáth-thomhaltóra atá réasúnta eolach. | sholáthair na hardáin ar líne sin iad féin nó faighteoirí na seirbhíse ag feidhmiú faoina n-údarás nó a rialú an fhaisnéis, agus dá bhrí sin go bhfuil an t-eolas nó rialú ar an eolas ag na hardáin ar líne, fiú murab amhlaidh atá go réadúil. Chuige sin, ba cheart a chinneadh go hoibiachtúil, ar bhonn gach cúinse ábhartha, cibé an bhféadfadh an cur i láthair a bheith mar bhunús le creidiúint de chuid gnáth-thomhaltóra atá réasúnta eolach. |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Chun deimhneacht dhlíthiúil a chruthú agus gan gníomhaíochtaí atá dírithe ar ábhar neamhdhleathach a bhrath, a shainaithint agus gníomhú ina aghaidh a dhíspreagadh, gníomhaíochtaí ar féidir le soláthraithe seirbhísí idirghabhála tabhairt fúthu ar bhonn deonach, ba cheart a shoiléiriú díreach mar gheall go dtugann soláthraithe faoi na gníomhaíochtaí nach hionann sin agus a rá nach mbeidh na díolúintí ó dhliteanas a leagtar amach sa Rialachán seo ar fáil, ar choinníoll go ndéantar na gníomhaíochtaí sin de mheon macánta agus ar bhealach dícheallach. Ina theannta sin, is iomchuí a shoiléiriú mar gheall go ndearna na soláthraithe sin bearta, de mheon macánta, chun ceanglais dhlí an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear iad sin a leagtar amach sa Rialachán seo a mhéid a bhaineann lena dtéarmaí agus coinníollacha a chomhlíonadh, nach bhfágfaidh sé sin nach mbeidh na díolúintí sin ó dhliteanas ar fáil. Dá bhrí sin, níor cheart aon ghníomhaíochtaí agus bearta den chineál sin a bhféadfadh soláthraí ar leith tabhairt fúthu a thabhairt san áireamh agus cinneadh á dhéanamh cibé an féidir nó nach féidir leis an soláthraí brath ar an | (25) Chun deimhneacht dhlíthiúil a chruthú***, ag áirithiú go gcuirtear na forálacha maidir leis an gcreat rialála i bhfeidhm ar bhealach comhréireach,*** agus gan gníomhaíochtaí atá dírithe ar inneachar neamhdhleathach a bhrath, a shainaithint agus gníomhú ina aghaidh a dhíspreagadh, gníomhaíochtaí ar féidir le soláthraithe seirbhísí idirghabhála tabhairt fúthu ar bhonn deonach, ba cheart a shoiléiriú díreach mar gheall go dtugann soláthraithe faoi na gníomhaíochtaí nach ionann sin agus a rá nach mbeidh na díolúintí ó dhliteanas a leagtar amach sa Rialachán seo ar fáil, ar choinníoll go ndéantar na gníomhaíochtaí sin de mheon macánta agus ar bhealach dícheallach ***agus go bhfuil coimircí breise ag gabháil leo***. Ina theannta sin, is iomchuí a shoiléiriú mar gheall go ndearna na soláthraithe sin bearta, de mheon macánta, chun ceanglais dhlí an Aontais ***nó an dlí náisiúnta*** a chomhlíonadh, lena n-áirítear iad sin a leagtar amach sa Rialachán seo a mhéid a bhaineann lena dtéarmaí agus coinníollacha a chomhlíonadh, nach bhfágfaidh sé sin nach mbeidh na díolúintí sin ó dhliteanas ***a leagtar amach sa Rialachán seo*** ar fáil. Dá bhrí sin, níor |

| | |
|---|---|
| díolúine ó dhliteanas, go háirithe a mhéid a bhaineann le cibé an soláthraíonn nó nach soláthraíonn an soláthraí a sheirbhís go neodrach agus gur féidir leis dá bhrí sin teacht faoi réim raon feidhme na forála ábhartha, gan an riail seo ag tabhairt le fios gur féidir leis an soláthraí braith uirthi. | cheart aon ghníomhaíochtaí agus bearta den chineál sin a bhféadfadh gur thug soláthraí ar leith tabhairt fúthu ***chun inneachar neamhdhleathach a bhrath, a shainaithint agus gníomhú ina aghaidh ar bhonn deonach*** a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh cibé an féidir nó nach féidir leis an soláthraí brath ar an díolúine ó dhliteanas, go háirithe a mhéid a bhaineann le cibé an soláthraíonn nó nach soláthraíonn an soláthraí a sheirbhís go neodrach agus gur féidir leis dá bhrí sin teacht faoi réim raon feidhme na forála ábhartha, gan an riail seo ag tabhairt le fios gur féidir leis an soláthraí brath uirthi. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Ó 2000, tá teicneolaíochtaí nua tagtha chun cinn a fheabhsaíonn infhaighteacht, éifeachtacht, luas, iontaofacht, inniúlachtaí agus slándáil córas chun sonraí ar líne a tharchur agus a stóráil, rud a mhéadaíonn éiceachóras ar líne atá ag éirí níos casta. Chuige seo, ba cheart a mheabhrú gur féidir le soláthraithe seirbhísí a bhunaíonn agus a éascaíonn an ailtireacht loighciúil bhunúsach agus feidhmiú ceart an idirlín, lena n-áirítear feidhmeanna coimhdeacha teicniúla, tairbhe a bhaint freisin as na díolúintí ó dhliteanas a leagtar amach sa Rialachán seo, a mhéid a cháilíonn a seirbhísí mar 'chainéil fhóracha', 'taisceadh' nó seirbhísí óstála. Áirítear le seirbhísí den sórt sin, de réir mar a bheidh, líonraí achair logánta gan sreang, seirbhísí córas ainmneacha fearainn (DNS), clárlanna ainmneacha fearainn barrleibhéil, údaráis deimhnithe a eisíonn deimhnithe digiteacha, nó líonraí seachadta ábhair, a chumasaíonn nó a fheabhsaíonn feidhmeanna soláthraithe eile seirbhísí idirghabhálacha. Ar an gcuma | (27) Ó 2000, tá teicneolaíochtaí nua tagtha chun cinn a fheabhsaíonn infhaighteacht, éifeachtacht, luas, iontaofacht, acmhainneacht agus slándáil córas chun sonraí ar líne a tharchur agus a stóráil, rud a fhágann gurb ann d'éiceachóras ar líne atá ag éirí níos casta. Chuige seo, ba cheart a mheabhrú gur féidir le soláthraithe seirbhísí a bhunaíonn agus a éascaíonn an ailtireacht loighciúil fholuiteach agus feidhmiú ceart an idirlín, lena n-áirítear feidhmeanna coimhdeacha teicniúla, tairbhe a bhaint freisin as na díolúintí ó dhliteanas a leagtar amach sa Rialachán seo, a mhéid a cháilíonn a seirbhísí mar 'chainéil fhóracha', 'taisceadh' nó seirbhísí óstála. Áirítear i measc na seirbhísí sin, de réir mar a bheidh, líonraí achair logánta gan sreang, seirbhísí córas ainmneacha fearainn (DNS), clárlanna ainmneacha fearainn barrleibhéil, údaráis deimhnithe a eisíonn deimhnithe digiteacha, nó líonraí seachadta ábhair, a chumasaíonn nó a fheabhsaíonn feidhmeanna soláthraithe eile seirbhísí |

chéanna, tá forbairt mhór tagtha ar sheirbhísí a úsáidtear chun cíocha cumarsáide, agus modhanna teicniúla a seachadta, is cionsiocair le seirbhísí ar líne cosúil le IP gutha, seirbhísí teachtaireachta agus seirbhís ríomhphoist gréasánbhunaithe, i gcás ina seachadtar an chumarsáid trí sheirbhís rochtana idirlín. Féadfaidh na seirbhísí sin, freisin, tairbhe a bhaint as díolúintí ó dhliteanas, a mhéid a cháilíonn siad mar 'cainéal fórach', 'taisceadh' nó seirbhís óstála.

idirghabhálacha. Ar an gcuma chéanna, tá forbairt mhór tagtha ar sheirbhísí a úsáidtear chun críoch cumarsáide, agus modhanna teicniúla a seachadta, is cionsiocair le seirbhísí ar líne cosúil le IP gutha, seirbhísí teachtaireachta agus seirbhísí ríomhphoist gréasánbhunaithe, ina seachadtar an chumarsáid trí sheirbhís rochtana idirlín. Féadfaidh na seirbhísí sin, ***cé nach dtagann siad faoi raon feidhme na n-oibleagáidí faoin Rialachán seo,*** freisin, tairbhe a bhaint as díolúintí ó dhliteanas, a mhéid a cháilíonn siad mar 'cainéal fórach', 'taisceadh' nó seirbhís óstála.

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) ***Níor cheart go mbeadh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha faoi réir*** oibleagáid faireacháin i ndáil le hoibleagáidí de chineál ginearálta. Ní bhaineann sé seo le hoibleagáidí faireacháin i gcás ar leith agus, go háirithe, ní dhéanann sé difear d'orduithe a thugann údaráis náisiúnta i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta, i gcomhréir leis na coinníollacha a bhunaítear leis an Rialachán seo. Níor cheart a fhorléiriú le ní ar bith sa Rialachán seo amhail oibleagáid faireacháin ghinearálta nó oibleagáid ghníomhach aimsithe fíoras a fhorchur, nó mar oibleagáid ghinearálta ar sholáthraithe bearta réamhghníomhacha a dhéanamh i ndáil le hábhar neamhdhleathach. | (28) ***Coisctear ar Bhallstáit*** oibleagáid faireacháin ***a fhorchur*** a***r sholáthraithe seirbhíse amháin*** i ndáil le hoibleagáidí de chineál ginearálta, ***ag forchur sainaithint leanúnach inneachair ó iomlán an inneachair atá ar fáil.*** Ní bhaineann sé sin le hoibleagáidí faireacháin i gcás ar leith***, i gcás ina leagtar síos é i ngníomhartha de chuid an Aontais*** agus, go háirithe, ní dhéanann sé difear d'orduithe a thugann údaráis náisiúnta i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta, ***lena gcuirtear chun feidhme gníomhartha de chuid an Aontais*** i gcomhréir leis na coinníollacha a bhunaítear leis an Rialachán seo ***agus lex specialis eile de chuid an Aontais***. Níor cheart a fhorléiriú le ní ar bith sa Rialachán seo amhail oibleagáid faireacháin ghinearálta nó oibleagáid ghníomhach aimsithe fíoras a fhorchur, nó mar oibleagáid ghinearálta ar sholáthraithe bearta réamhghníomhacha a dhéanamh i ndáil le hinneachar neamhdhleathach ***nó mar oibleagáid chun uirlisí uathoibrithe scagtha inneachair a úsáid***. ***Chomh maith*** |

| | |
|---|---|
| | ***céanna, níor cheart go gcuirfeadh aon ní sa Rialachán seo cosc ar sholáthraithe a gcuid seirbhísí a chriptiú ó cheann ceann.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28a) Níor cheart é a bheith d'oibleagáid ar sholáthraithe seirbhíse uirlisí uathoibrithe a úsáid i modhnóireacht inneachair toisc go mbíonn deacrachtaí ag na huirlisí sin tuiscint éifeachtach a fháil ar chaolchúis an chomhthéacs agus na brí a bhaineann le cumarsáid dhaonna, rud atá riachtanach chun a chinneadh an sáraíonn an t-inneachar a ndearnadh measúnú air an dlí nó na téarmaí seirbhíse.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Ag brath ar chóras dlí gach Ballstáit agus an réimse dlí atá i gceist, féadfaidh údaráis bhreithiúnacha nó riaracháin náisiúnta ordú a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha gníomhú in aghaidh nithe sonracha ar leith d'ábhar neamhdhleathach, nó míreanna áirithe faisnéise sonraithe a sholáthar. Tá éagsúlacht mhór idir na dlíthe náisiúnta ar a n-eisítear na horduithe sin agus táthar ag tabhairt aghaidh níos mó ar orduithe i gcásanna trasteorann. Chun a áirithiú gur féidir cloí leis na horduithe sin ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, ionas gur féidir leis na húdaráis phoiblí lena mbaineann tabhairt faoina gcúraimí agus nach mbíonn na soláthraithe faoi réir aon | (29) Ag brath ar chóras dlí gach Ballstáit agus an réimse dlí atá i gceist, féadfaidh údaráis bhreithiúnacha nó riaracháin náisiúnta ordú a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha gníomhú in aghaidh nithe sonracha ar leith d'inneachar neamhdhleathach, nó míreanna áirithe faisnéise sonraithe a sholáthar. Tá difríochtaí móra idir na dlíthe náisiúnta ***atá i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh***, ar ar a mbonn a eisítear na horduithe sin agus is minice a thugtar aghaidh ar na horduithe i gcásanna trasteorann, ***as a n-eascraíonn go minic ilroinnt an mhargaidh inmheánaigh.*** Chun a áirithiú gur féidir cloí leis na |

ualach neamhréireach, gan tionchar gan ghá a imirt ar chearta agus ar leasanna dlisteanacha aon tríú páirtithe, is gá coinníollacha áirithe a leagan síos ar cheart do na horduithe sin iad a chomhlíonadh chomh maith le ceanglais chomhlántacha áirithe maidir le próiseáil na n-orduithe sin.

horduithe sin ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, ionas gur féidir leis na húdaráis phoiblí lena mbaineann tabhairt faoina gcúraimí agus nach mbeadh na soláthraithe faoi réir aon ualach neamhréireach, gan tionchar gan ghá a imirt ar chearta agus ar leasanna dlisteanacha aon tríú páirtithe, is gá coinníollacha ***aonchineálacha*** áirithe a leagan síos ar cheart do na horduithe sin iad a chomhlíonadh chomh maith le ceanglais chomhlántacha áirithe maidir le próiseáil ***éifeachtach*** na n-orduithe sin. ***Níor cheart go ndéanfaí difear do na rialacha is infheidhme maidir le haitheantas frithpháirteach do chinntí cúirte.***

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Ba cheart orduithe le gníomhú in aghaidh ábhar neamhdhleathach nó chun faisnéis a sholáthar a eisiúint i gcomhréir le dlí an Aontais, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 agus an cosc ar oibleagáidí ginearálta chun faireachán a dhéanamh ar fhaisnéis nó chun fíorais nó cúinsí a thugann gníomhaíocht neamhdhleathach le fios mar a leagtar síos sa Rialachán seo a lorg go gníomhach. Tá na coinníollacha agus na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a bhfuil feidhm acu maidir le horduithe le feidhmiú in aghaidh ábhar neamhdhleathach gan dochar d'ionstraimí eile an Aontais ina bhforáiltear do chórais chosúla i gcomhair gníomhú in aghaidh cineálacha sonracha ábhar neamhdhleathach, amhail Rialachán (AE) .../... [Rialachán beartaithe a phléann le scaipeadh ábhar sceimhlitheoireachta ar líne, nó Rialachán (AE) 2017/2394 a thugann cumhachtaí sonracha chun ordú a thabhairt d'údaráis um fhorfheidhmiú dlí tomhaltóirí i mBallstát chun faisnéis a | (30) Ba cheart orduithe le gníomhú in aghaidh inneachar neamhdhleathach nó chun faisnéis a sholáthar a eisiúint i gcomhréir le dlí an Aontais, ***lena n-áirítear Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus*** go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 agus an cosc ar oibleagáidí ginearálta chun faireachán a dhéanamh ar fhaisnéis nó chun fíorais nó cúinsí a thugann gníomhaíocht neamhdhleathach le fios mar a leagtar síos sa Rialachán seo a lorg go gníomhach. Tá na coinníollacha agus na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a bhfuil feidhm acu maidir le horduithe le feidhmiú in aghaidh inneachar neamhdhleathach gan dochar d'ionstraimí eile an Aontais ina bhforáiltear do chórais chomhchosúla i gcomhair gníomhú in aghaidh cineálacha sonracha d'inneachar neamhdhleathach, amhail Rialachán (AE) .../... [Rialachán beartaithe a phléann le scaipeadh inneachair sceimhlitheoireachta ar líne, nó Rialachán (AE) 2017/2394 a thugann cumhachtaí sonracha chun ordú a |

| | |
|---|---|
| sholáthar, cé go bhfuil na coinníollacha agus na ceanglais a bhfuil feidhm acu maidir le horduithe chun faisnéis a sholáthar gan dochar d'ionstraimí eile an Aontais lena bhforáiltear do rialacha ábhartha den chineál céanna d'earnálacha sonracha. Ba cheart do na coinníollacha agus na ceanglais sin a bheith gan dochar do rialacha coinneála agus caomhnaithe faoin dlí náisiúnta is infheidhme, i gcomhréir le dlí an Aontais agus iarrataí rúndachta ó údaráis um fhorfheidhmiú an dlí a bhaineann le neamhnochtadh faisnéise. | thabhairt d'údaráis um fhorfheidhmiú dlí tomhaltóirí i mBallstát chun faisnéis a sholáthar, cé go bhfuil na coinníollacha agus na ceanglais a bhfuil feidhm acu maidir le horduithe chun faisnéis a sholáthar gan dochar d'ionstraimí eile an Aontais lena bhforáiltear do rialacha ábhartha den chineál céanna d'earnálacha sonracha. Ba cheart do na coinníollacha agus na ceanglais sin a bheith gan dochar do rialacha coinneála agus caomhnaithe faoin dlí náisiúnta is infheidhme, i gcomhréir le dlí an Aontais agus iarrataí rúndachta ó údaráis forfheidhmithe dlí a bhaineann le neamhnochtadh faisnéise. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Ba cheart go leagfaí amach raon feidhme críochach na n-orduithe sin go soiléir ar bhonn an dlí is infheidhme san Aontas nó an dlí náisiúnta, a chumasaíonn eisiúint an ordaithe agus níor cheart go sáróidís an méid a bhfuil fíorghá leis chun a chuspóirí a bhaint amach. Chuige sin, ba cheart go gcothromódh an t-údarás breithiúnach nó riaracháin náisiúnta a eisíonn an t-ordú an cuspóir a bhfuil sé mar aidhm leis an aidhm a bhaint amach, i gcomhréir leis an mbunús dlí a chumasaíonn a eisiúint, le cearta agus leasanna dlisteanacha gach tríú páirtí a bhféadfadh an t-ordú difear a dhéanamh dóibh, go háirithe a gcearta bunúsacha faoin gCairt. Ina theannta sin, i gcás ina bhféadfadh éifeachtaí a bheith ag an ordú dá dtagraítear san fhaisnéis shonrach lasmuigh de chríoch an Bhallstáit ina bhfuil an t-údarás lena mbaineann, ba cheart don údarás measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá i gceist gur dóchúil go mbeidh sé comhdhéanta d'ábhar neamhdhleathach i mBallstáit eile lena | (31) Ba cheart go leagfaí amach raon feidhme críochach na n-orduithe sin gníomhú i gcoinne inneachar neamhdhleathach go soiléir ar bhonn an dlí is infheidhme san Aontas nó an dlí náisiúnta, lena gcumasaítear eisiúint an ordaithe agus níor cheart go sáróidís an méid a bhfuil fíorghá leis chun a chuspóirí a bhaint amach. I ndáil leis sin, ba cheart go gcothromódh an t-údarás breithiúnach nó riaracháin náisiúnta a eisíonn an t-ordú an cuspóir a bhfuil sé mar aidhm leis an gcuspóir a bhaint amach, i gcomhréir leis an mbunús dlí a chumasaíonn a eisiúint, le cearta agus leasanna dlisteanacha gach tríú páirtí a bhféadfadh an t-ordú difear a dhéanamh dóibh, go háirithe a gcearta bunúsacha faoin gCairt. Ina theannta sin, i gcás ina bhféadfadh éifeachtaí a bheith ag an ordú dá dtagraítear san fhaisnéis shonrach lasmuigh de chríoch an Bhallstáit ina bhfuil an t-údarás lena mbaineann, ba cheart don údarás measúnú a dhéanamh ar cibé an dócha nó nach dócha gurb ionann an faisnéis atá i gceist agus inneachar |

mbaineann agus, i gcás inarb ábhartha, rialacha ábhartha de dhlí an Aontais nó den dlí idirnáisiúnta agus leasa cúirtéise idirnáisiúnta a thabhairt san áireamh.

neamhdhleathach i mBallstáit eile lena mbaineann agus, i gcás inarb ábhartha, rialacha ábhartha de dhlí an Aontais nó den dlí idirnáisiúnta agus leasanna cúirtéise idirnáisiúnta a thabhairt san áireamh. ***Sa chomhthéacs sin agus chun comhréireacht a choinneáil, ba cheart orduithe a dhírítear ar sholáthraí a bhfuil a phríomhbhunaíocht aige i mBallstát eile nó lasmuigh den Aontas a theorannú don Bhallstát a eisíonn an t-ordú, ach amháin más dlí an Aontais an bunús dlí leis an ordú.***

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Baineann na horduithe chun faisnéis a sholáthar arna rialáil ag an Rialachán seo le faisnéis shonrach a tháirgeadh maidir le faighteoirí aonair na seirbhíse idirghabhálaí lena mbaineann a sainaithnítear sna horduithe sin chun críocha comhlíontacht faighteoirí na seirbhísí le rialacha an Aontais nó le rialacha náisiúnta is infheidhme a chinneadh. Dá bhrí sin, níor cheart go ndéanfadh rialacha an Rialacháin seo maidir le soláthar faisnéise aon difear d’orduithe maidir le faisnéis ar ghrúpa faighteoirí na seirbhíse nach sainaithnítear go sonrach, lena n-áirítear orduithe chun faisnéis chomhiomlán is gá chun críocha staitistiúla nó ceapadh beartais fianaisebhunaithe a sholáthar. | (32) Baineann na horduithe chun faisnéis a sholáthar arna rialáil ag an Rialachán seo le faisnéis shonrach a tháirgeadh maidir le faighteoirí aonair na seirbhíse idirghabhálaí lena mbaineann a sainaithnítear sna horduithe sin chun críoch chomhlíontacht fhaighteoirí na seirbhísí le rialacha an Aontais nó le rialacha náisiúnta is infheidhme a chinneadh. ***Ba cheart go gcuimseofaí san fhaisnéis sin faisnéis a bailíodh go dlíthiúil, amhail seoltaí ríomhphoist ábhartha, uimhreacha teileafóin, agus na sonraí teagmhála eile is gá chun an comhlíonadh sin a áirithiú.*** Dá bhrí sin, níor cheart go ndéanfadh rialacha an Rialacháin seo maidir le soláthar faisnéise aon difear d’orduithe maidir le faisnéis ar ghrúpa faighteoirí na seirbhíse nach sainaithnítear go sonrach, lena n-áirítear orduithe chun faisnéis chomhiomlán is gá chun críoch staitistiúil nó ceapadh beartais fianaisebhunaithe a sholáthar. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Níl orduithe le gníomhú in aghaidh ábhar neamhdhleathach agus chun faisnéis a sholáthar faoi réir na rialacha lena gcosnaítear inniúlacht na mBallstát san áit ina bhfuil an soláthraí seirbhíse lena mbaineann bunaithe agus ag leagan síos maoluithe féideartha ón inniúlacht sin i gcásanna áirithe, a leagtar amach in Airteagal 3 de Threoir 2000/31/CE, ach amháin má chomhlíontar coinníollacha an Airteagail sin. Mar gheall go mbaineann na horduithe atá i gceist le míreanna sonracha ábhar agus faisnéis neamhdhleathach, faoi seach, i gcás ina bhfuil siad bainteach le soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha atá bunaithe i mBallstát eile, ní chuireann siad srian i bprionsabal le saoirse na soláthraithe sin a seirbhísí a sholáthar thar theorainneacha. Dá bhrí sin, níl feidhm ag na rialacha a leagtar amach in Airteagal 3 de Threoir 2000/31/CE, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an ngá chun bunús a thabhairt le bearta a mhaolaíonn ó inniúlacht an Bhallstáit i gcás ina bhfuil an soláthraí seirbhíse bunaithe ar fhorais shonraithe áirithe agus maidir le fógairt na mbeart sin, maidir leis na horduithe sin. | (33) Níl orduithe maidir le gníomhú in aghaidh inneachar neamhdhleathach agus faisnéis a sholáthar faoi réir na rialacha lena gcosnaítear inniúlacht an Bhallstáit ina bhfuil an soláthraí seirbhíse lena mbaineann bunaithe agus lena leagtar síos maoluithe féideartha ón inniúlacht sin i gcásanna áirithe, a leagtar amach in Airteagal 3 de Threoir 2000/31/CE, ach amháin má chomhlíontar coinníollacha an Airteagail sin. Mar gheall go mbaineann na horduithe atá i gceist le míreanna sonracha inneachair neamhdhleathaigh agus faisnéise neamhdhleathaí, ***mar a shainmhínítear iad i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh***, faoi seach, i gcás ina gcuirtear iad chuig soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha atá bunaithe i mBallstát eile, ní chuireann siad srian i bprionsabal le saoirse na soláthraithe sin a seirbhísí a sholáthar thar theorainneacha. Dá bhrí sin, níl feidhm ag na rialacha a leagtar amach in Airteagal 3 de Threoir 2000/31/CE, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an ngá chun bunús a thabhairt le bearta a mhaolaíonn ó inniúlacht an Bhallstáit i gcás ina bhfuil an soláthraí seirbhíse bunaithe ar fhorais shonraithe áirithe agus maidir le fógairt na mbeart sin, maidir leis na horduithe sin. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) Chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach, agus go háirithe chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a | (34) Chun cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach, agus go háirithe chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a |

| | |
|---|---|
| fheabhsú agus timpeallacht shábháilte agus thrédhearcach ar líne a áirithiú, is gá sraith oibleagáidí díchill chuí comhchuibhithe atá soiléir agus cothrom a bhunú do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm leis na hoibleagáidí sin go háirithe cuspóirí difriúla an bheartais phoiblí a ráthú cosúil le sábháilteacht agus iontaobhas faighteoirí na seirbhíse, lena n-áirítear mionaoisigh agus úsáideoirí leochaileacha, na cearta bunúsacha ábhartha a chumhdaítear sa Chairt a chosaint, chun cuntasacht bhríoch na soláthraithe sin a áirithiú agus chun faighteoirí agus páirtithe eile dá ndéantar difear a chumhachtú, fad is a éascaítear an fhormhaoirseacht riachtanach a dhéanann na húdaráis inniúla. | fheabhsú agus timpeallacht ***inrochtana,*** shábháilte agus thrédhearcach ar líne a áirithiú, is gá sraith oibleagáidí díchill chuí comhchuibhithe atá soiléir***, intuartha*** agus cothrom a bhunú do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm leis na hoibleagáidí sin go háirithe cuspóirí difriúla an bheartais phoiblí a ráthú cosúil le sábháilteacht agus iontaobhas faighteoirí na seirbhíse, lena n-áirítear mionaoisigh agus úsáideoirí leochaileacha ***amhail iad siúd a bhfuil saintréithe cosanta acu faoi Airteagal 21 den Chairt***, na cearta bunúsacha ábhartha a chumhdaítear sa Chairt a chosaint, chun cuntasacht fhónta na soláthraithe sin a áirithiú agus chun faighteoirí agus páirtithe eile dá ndéantar difear a chumhachtú, fad is a éascaítear an fhormhaoirseacht riachtanach a dhéanann na húdaráis inniúla, ***ag áirithiú go bhfuil an chothromaíocht cheart ann idir tacaíocht don nuálaíocht ar thaobh amháin agus cosaint do thomhaltóirí agus d'úsáideoirí ar an taobh eile.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) ***Chuige sin, tá sé tábhachtach*** go gcuirtear na hoibleagáidí ***díchill chuí in oiriúint i gcomhair chineál na seirbhísí idirghabhálacha lena mbaineann. Leagtar amach sa Rialachán seo dá bhrí sin oibleagáidí bunúsacha is infheidhme maidir le gach*** soláthraí seirbhísí idirghabhálacha***, chomh maith le hoibleagáidí breise do sholáthraithe seirbhísí óstála agus, go sonrach, ardáin ar líne agus ardáin an-mhór ar líne. A mhéid a*** thagann soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha ***laistigh de na catagóirí éagsúla sin i bhfianaise cineál a seirbhísí agus a méid,*** ba cheart dóibh ***oibleagáidí*** | (35) ***Chun a áirithiú nach gcuirfear*** na hoibleagáidí ***i bhfeidhm ach*** i leith na soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha ***sin i gcás inar mhó an sochar ná an t-ualach ar an soláthraí, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún tarscaoileadh a eisiúint ó cheanglais chaibidil III, go hiomlán nó go páirteach, do na*** soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha ***sin ar soláthraithe neamhbhrabúis iad nó a bhfuil misean chun leas an phobail á shaothrú acu agus ar FBManna iad gan aon riosca sistéamach a bhaineann le hinneachar neamhdhleathach. Tabharfaidh*** |

***comhfhreagracha ar fad an Rialacháin seo a chomhlíonadh. Tá na hoibleagáidí díchill chuí chomhchuibhithe sin, ar*** cheart ***dóibh a bheith réasúnach agus neamhthreallach, ag teastáil chun ábhar imní sainaitheanta maidir leis an mbeartas*** poiblí ***a bhaint amach, cosúil le coimirciú sainleasanna dlisteanacha faighteoirí na seirbhísí, dul i ngleic le cleachtais neamhdhleathacha agus cearta bunúsacha ar líne a chosaint.***

***soláthraithe cúiseanna réasúnaithe leis an gcúis gur*** cheart ***tarscaoileadh a eisiúint dóibh. Ba cheart don Choimisiún iarratas den sórt sin a scrúdú agus an t-údarás aige tarscaoileadh a eisiúint nó a chúlghairm tráth ar bith.*** Ba cheart ***don Choimisiún liosta*** poiblí ***a choimeád de na tarscaoiltí uile a eisíodh agus de na coinníollacha a ghabhann leo ina mbeidh tuairisc ar an bhfáth a bhfuil bonn cirt le tarscaoileadh a thabhairt don soláthraí.***

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Chun cumarsáide réidh agus éifeachtúil a bhaineann le hábhair a chumhdaítear sa Rialachán seo a éascú, ba cheart go n-éileofaí ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha pointe teagmhála aonair a bhunú agus faisnéis ábhartha a fhoilsiú maidir lena bpointe teagmhála, lena n-áirítear na teangacha atá le húsáid i gcumarsáid den sórt sin. Is féidir le comharthóirí iontaofa agus eintitis ghairmiúla atá faoi chaidreamh sonrach le soláthraí na seirbhísí idirghabhálacha an pointe teagmhála a úsáid freisin. I gcodarsnacht leis an ionadaí dlí, ba cheart don phointe teagmhála a bheith ann chun críocha oibríochtúla agus ní gá go mbeadh láthair fhisiciúil aige. | (36) Chun cumarsáid réidh agus éifeachtúil a bhaineann le hábhair a chumhdaítear sa Rialachán seo a éascú, ba cheart go n-éileofaí ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha pointe teagmhála aonair a bhunú agus faisnéis ábhartha ***agus cothrom le dáta*** a fhoilsiú maidir lena bpointe teagmhála, lena n-áirítear na teangacha atá le húsáid sa chumarsáid sin. Is féidir le comharthóirí iontaofa agus eintitis ghairmiúla atá faoi chaidreamh sonrach le soláthraí na seirbhísí idirghabhálacha an pointe teagmhála a úsáid freisin. I gcodarsnacht leis an ionadaí dlí, ba cheart don phointe teagmhála a bheith ann chun críoch oibríochtúil agus ní gá go mbeadh láthair fhisiciúil aige. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha atá bunaithe i dtríú tír a thairgeann seirbhísí san Aontas ionadaí dlí | (37) Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha atá bunaithe i dtríú tír a thairgeann seirbhísí san Aontas ionadaí dlí |

| | |
|---|---|
| atá sainordaithe go leordhóthanach san Aontas a ainmniú agus faisnéis a sholáthar maidir lena n-ionadaithe dlí, chun gur féidir formhaoirseacht éifeachtach a dhéanamh agus, i gcás inar gá, an Rialachán seo a fhorfheidhmiú i ndáil leis na soláthraithe sin. Ba cheart don ionadaí dlí sin a bheith in ann feidhmiú freisin mar phointe teagmhála, ar choinníoll go gcloítear le ceanglais ábhartha an Rialacháin seo. | atá sainordaithe go leordhóthanach san Aontas a ainmniú agus faisnéis a sholáthar maidir lena n-ionadaithe dlí, chun gur féidir formhaoirseacht éifeachtach a dhéanamh agus, i gcás inar gá, an Rialachán seo a fhorfheidhmiú i ndáil leis na soláthraithe sin. Ba cheart don ionadaí dlí sin a bheith in ann feidhmiú freisin mar phointe teagmhála, ar choinníoll go gcloítear le ceanglais ábhartha an Rialacháin seo. ***Chun ualach díréireach a sheachaint, ba cheart go mbeadh díolúine ag micrifhiontair agus fiontair bheaga, mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún[1a] ón oibleagáid ionadaí dlíthiúil a ainmniú.***<br>_________________<br>***[1a] Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micreaghnóthais, gnóthais bheaga agus gnóthais mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Cé gur cheart meas a bheith ar shaoirse conartha soláthraithe na seirbhísí idirghabhálacha i bprionsabal, tá sé iomchuí rialacha áirithe a leagan síos maidir le hábhar, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú théarmaí agus coinníollacha na soláthraithe sin ar mhaithe le trédhearcacht, cosaint faighteoirí na seirbhíse agus torthaí míchothroma nó treallacha a sheachaint. | (38) Cé gur cheart meas a bheith ar shaoirse conartha sholáthraithe na seirbhísí idirghabhálacha i bprionsabal, is iomchuí rialacha áirithe a leagan síos maidir le hinneachar, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú théarmaí agus choinníollacha na soláthraithe sin ar mhaithe le trédhearcacht, cosaint fhaighteoirí na seirbhíse agus torthaí míchothroma nó treallacha a sheachaint. ***Go háirithe, tá sé tábhachtach a áirithiú go mbeidh na téarmaí agus coinníollacha cothrom, neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach, agus go ndréachtófar iad i dteanga shoiléir gan débhrí i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme. Ba cheart go n-áireofaí sna téarmaí agus coinníollacha*** |

***freisin faisnéis maidir le haon bheartais, nósanna imeachta, bearta agus uirlisí a úsáidtear chun na críche inneachar a mhodhnú, lena n-áirítear cinnteoireacht algartamach, athbhreithniú daonna, na hiarmhairtí dlí a mbeidh ar na húsáideoirí déileáil leo as inneachar neamhdhleathach a stóráil nó a uaslódáil go feasach mar aon leis an gceart atá acu úsáid na seirbhíse a fhoirceannadh. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha achoimre bheacht ar phríomhghnéithe na dtéarmaí agus coinníollacha a sholáthar d'fhaighteoirí seirbhísí freisin, ar achoimre í is féidir a léamh go héasca.***

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(38a) Is féidir le soláthraithe bearta deonacha a dhéanamh le haghaidh measúnuithe riosca ginearálta ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann lena seirbhísí, mar shampla i gcaidreamh le mionaoisigh. Níor cheart go leanfadh aon oibleagáid nua phróifílithe, rianaithe nó sainaitheantais ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhála as na bearta sin.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(38b) Níor cheart na díolúintí ó dhliteanas a bhunaítear sa Rialachán seo a bheith ar fáil do sholáthraithe seirbhísí idirghabhála nach gcomhlíonann na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo. D'fhéadfadh an*** |

***neamhchomhlíonadh difear a dhéanamh don fhéidearthacht tairbhe a bhaint as an díolúine ó dhliteanas, toisc gurb é aidhm an Rialacháin seo a áirithiú go rannchuidíonn na caighdeáin chun cáiliú do na díolúintí sin le hardleibhéal sábháilteachta agus iontaoibhe sa timpeallacht ar líne.***

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) Chun leibhéal leordhóthanach trédhearcachta agus cuntasachta a áirithiú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha tuairisciú go bliantúil, i gcomhréir leis na ceanglais chomhchuibhithe sa Rialachán seo, maidir leis an modhnú ábhair a nglacann siad páirt ann, lena n-áirítear na bearta ar glacadh leo de thoradh cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú a dtéarmaí agus coinníollacha. Ach, chun ualaí neamhréireacha a sheachaint, níor cheart go mbeadh feidhm ag na hoibleagáidí tuairiscithe trédhearcachta sin maidir le soláthraithe ar micrifhiontair agus fiontair bheaga iad mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún[40]. | (39) Chun leibhéal leordhóthanach trédhearcachta agus cuntasachta a áirithiú, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha tuairisciú go bliantúil, i gcomhréir leis na ceanglais chomhchuibhithe sa Rialachán seo, maidir leis an modhnú inneachair a nglacann siad páirt ann, lena n-áirítear na bearta ar glacadh leo de thoradh chur i bhfeidhm agus fhorfheidhmiú a dtéarmaí agus coinníollacha. Chun ualaí neamhréireacha a sheachaint, áfach, níor cheart go mbeadh feidhm ag na hoibleagáidí tuairiscithe trédhearcachta sin maidir le soláthraithe ar micrifhiontair agus fiontair bheaga iad mar a shainmhínítear iad i Moladh 2003/361/CE. ***In aon leaganacha poiblí de na tuarascálacha sin, ba cheart aon fhaisnéis a bhaint a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do ghníomhaíochtaí leanúnacha chun inneachar neamhdhleathach nó inneachar atá ina shárú ar théarmaí agus coinníollacha soláthraí óstála a chosc, a bhrath nó a bhaint anuas.*** |

***[40] Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124,***

***20.5.2003, lch. 36).***

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Tá ról an-tábhachtach ag soláthraithe seirbhísí óstála le dul i ngleic le hábhar neamhdhleathach ar líne, agus iad ag stóráil faisnéise arna soláthar agus arna iarraidh ag faighteoirí na seirbhísí agus ar gnách go dtugann siad rochtain d'fhaighteoirí eile uirthi, uaireanta ar scála mór. Tá sé tábhachtach go gcuireann gach soláthraí seirbhísí óstála, beag beann ar a méid, sásraí fógra agus gnímh furasta i bhfeidhm atá éasca a úsáid agus a éascaíonn fógra a thabhairt faoi mhíreanna sonracha faisnéise a mheasann an páirtí fógartha a bheith ina ábhar neamhdhleathach do sholáthraí na seirbhísí óstála lena mbaineann ('fógra'), lenar féidir leis an soláthraí sin cinneadh a dhéanamh cibé an aontaíonn nó nach n-aontaíonn sé leis an measúnú sin dá bhun agus cibé ar mian leis rochtain ar an ábhar sin a bhaint nó a dhíchumasú ('gníomh'). Ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais maidir le fógraí, ba cheart do gach duine aonair nó eintiteas a bheith in ann fógra a thabhairt i leith ilmhíreanna ábhar a líomhnaítear a bheith neamhdhleathach agus sin a dhéanamh trí fhógra aonair. Ba cheart feidhm a bheith leis an oibleagáid chun sásraí fógra agus gníomhaíochta a chur i bhfeidhm, mar shampla, ar sheirbhísí stórála agus comhroinnte comhad, seirbhísí óstála gréasáin, freastalaithe fógraíochta agus boscaí bruscair greamaithe, a mhéid is a cháilíonn siad mar sholáthraithe seirbhísí óstála a chumhdaítear leis an Rialachán seo. | (40) Tá ról an-tábhachtach ag soláthraithe seirbhísí óstála le dul i ngleic le hinneachar neamhdhleathach ar líne, toisc go ndéanann siad stóráil ar fhaisnéis arna soláthar ag faighteoirí na seirbhísí agus arna hiarraidh sin dóibh agus go dtugann siad rochtain d'fhaighteoirí eile uirthi de ghnáth, uaireanta ar scála mór. Tá sé tábhachtach go gcuireann gach soláthraí seirbhísí óstála, gan beann ar a méid, sásraí fógra agus gnímh furasta i bhfeidhm atá éasca ***a rochtain, cuimsitheach, éasca*** a úsáid agus a éascaíonn fógra a thabhairt faoi mhíreanna sonracha faisnéise a mheasann an páirtí fógartha a bheith ina n-inneachar neamhdhleathach do sholáthraí na seirbhísí óstála lena mbaineann ('fógra'), ar féidir leis an soláthraí sin cinneadh a dhéanamh***, bunaithe ar a mheasúnú féin,*** cibé an aontaíonn nó nach n-aontaíonn sé leis an measúnú sin dá bhun agus cibé ar mian leis rochtain ar an inneachar sin a bhaint nó a dhíchumasú ('gníomh'). Ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais maidir le fógraí, ba cheart do gach duine aonair nó eintiteas a bheith in ann fógra a thabhairt i leith ilmhíreanna inneachair a líomhnaítear a bheith neamhdhleathach agus sin a dhéanamh trí fhógra aonair. ***Ba cheart d'ardáin ar líne iarracht a dhéanamh cosc a chur ar inneachar a sainaithníodh a bheith neamhdhleathach cheana agus a baineadh ar bhonn fógra roimh ré, ó theacht ar ais arís. Níor cheart go dtiocfadh aon oibleagáid as a chur i bhfeidhm agus ba cheart go mbeadh an cur i bhfeidhm faoi réir athbhreithniú daonna.*** Ba cheart feidhm a bheith ag an |

oibleagáid chun sásraí fógra agus gníomhaíochta a chur ar bun, mar shampla, maidir le seirbhísí stórála agus comhroinnte comhad, seirbhísí óstála gréasáin, freastalaithe fógraíochta agus boscaí bruscair greamaithe, a mhéid a cháilíonn siad mar sholáthraithe seirbhísí óstála a chumhdaítear leis an Rialachán seo. ***Ina theannta sin, ba cheart an sásra fógra agus gnímh a chomhlánú le forálacha 'gan taispeáint arís' lenar cheart do sholáthraithe seirbhísí óstála a ndícheall a dhéanamh chun cosc a chur le hinneachar a bheith ar taispeáint arís atá comhionann le hinneachar eile a sainaithníodh cheana agus a bhain siad anuas mar go raibh sé neamhdhleathach. Níor cheart go mbeadh aon oibleagáid ghinearálta faireacháin mar thoradh ar chur i bhfeidhm an cheanglais sin.***

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(40a) Ba cheart fógraí a dhíriú ar an ngníomhaí a bhfuil an cumas teicniúil agus oibríochtúil aige gníomhú agus an gaol is dlúithe le faighteoir na seirbhíse a chuir an fhaisnéis nó an t-inneachar ar fáil, amhail ardán ar líne agus ní leis an soláthraí seirbhísí óstála a sholáthraíonn seirbhísí don ardán ar líne sin. Ba cheart do na soláthraithe seirbhísí óstála sin na fógraí sin a atreorú chuig an t-ardán ar líne ar leith agus an páirtí a thug an fógra a chur ar an eolas faoi sin.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40 b (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(40b) Níor cheart do sholáthraithe óstála féachaint le gníomhú ach amháin i gcoinne na míreanna faisnéise ar tugadh fógra fúthu. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí amhail hipearnascadh chuig na míreanna faisnéise a dhíchumasú a bheith san áireamh anseo. I gcás nach féidir míreanna faisnéise aonair a bhaint anuas nó rochtain orthu a dhíchumasú go teicniúil nó go hoibríochtúil ar chúiseanna dlíthiúla, conarthacha nó teicneolaíocha, amhail seirbhísí criptithe comhad agus stórála agus comhroinnte sonraí, ba cheart do na soláthraithe óstála faighteoir na seirbhíse a chur ar an eolas faoin bhfógra agus gníomhú a iarraidh. Má theipeann ar fhaighteoir gníomhú nó má chuireann sé moill ar ghníomhú, nó má tá cúis ag an soláthraí lena chreidiúint nár ghníomhaigh sé nó má ghníomhaíonn sé ar shlí eile de mheon mímhacánta, féadfaidh an soláthraí óstála a sheirbhís a chur ar fionraí i gcomhréir lena théarmaí agus coinníollacha.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 41 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(41a) I gcás ina gcinnfidh soláthraí seirbhísí óstála faisnéis a chuireann faighteoir na seirbhíse ar fáil a bhaint nó a dhíchumasú, toisc í a bheith neamhdhleathach nó toisc nach gceadaítear sin faoina théarmaí agus coinníollacha, ba cheart dó é sin a dhéanamh go tráthúil, agus aird á tabhairt ar an díobháil a d'fhéadfadh an sárú a dhéanamh agus ar chumas teicniúil an tsoláthraí.*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) I gcás ina gcinneann soláthraí seirbhís óstála faisnéis arna soláthar ag faighteoir na seirbhíse a bhaint nó a dhíchumasú, mar shampla tar éis fógra a fháil nó gníomhú ar a thionscnamh féin, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as modhanna uathoibríocha, ***ba cheart*** don soláthraí sin an faighteoir a chur ar an eolas faoina chinneadh, na cúiseanna lena chinneadh agus na féidearthachtaí sásaimh atá ar fáil le cur in aghaidh an chinnidh sin, d'fhonn na hiarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag cinntí den sórt sin ar an bhfaighteoir, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann sé lena cheart bunúsach ar shaoirse chun tuairimí a nochtadh, a fheidhmiú. Ba cheart feidhm a bheith leis an oibleagáid sin gan beann ar na cúiseanna leis an gcinneadh, go háirithe cibé ar glacadh an gníomh mar gheall go meastar go bhfuil ábhar neamhdhleathach nó go dtagann sé salach ar na téarmaí agus coinníollacha is infheidhme san fhaisnéis ar tugadh fógra ina leith. Ba cheart sásamh breithiúnach a áireamh i gcónaí sna hiontaoibh atá ar fáil le dúshlán a thabhairt do chinneadh soláthraí seirbhíse óstála. | (42) I gcás ina gcinnfidh soláthraí seirbhísí óstála faisnéis a chuireann faighteoir na seirbhíse ar fáil a bhaint nó a dhíchumasú, mar shampla tar éis fógra a fháil nó ag gníomhú ar a thionscnamh féin, lena n-áirítear trí mhodhanna uathoibrithe, ***ar cruthaíodh iad a bheith éifeachtúil, comhréireach agus iontaofa, féadfaidh an*** soláthraí sin ***cosc a chur le hathléiriú na faisnéise neamhdhleathaí a fógraíodh nó a coibhéis. Ba cheart don soláthraí freisin*** an faighteoir a chur ar an eolas faoina chinneadh, na cúiseanna lena chinneadh agus na féidearthachtaí sásaimh atá ar fáil le cur in aghaidh an chinnidh sin, chun na hiarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag na cinntí sin ar an bhfaighteoir, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann sé lena cheart bunúsach maidir le saoirse chun tuairimí a nochtadh, a fheidhmiú. Ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid sin gan beann ar na cúiseanna leis an gcinneadh, go háirithe cibé an ndearnadh nó nach ndearnadh an gníomh mar gheall go meastar gur inneachar neamhdhleathach atá san fhaisnéis ar tugadh fógra ina leith nó go dtagann sí salach ar na téarmaí agus coinníollacha is infheidhme. Ba cheart sásamh breithiúnach a áireamh i gcónaí sna cearta cúitimh atá ar fáil le dúshlán a thabhairt do chinneadh soláthraí seirbhíse óstála. ***Níor cheart go n-éileofaí an fhaisnéis don fhaighteoir, áfach, má bhaineann sí le turscar, inneachar a bhaint anuas atá comhchosúil nó comhionann le hinneachar a baineadh cheana ón bhfaighteoir céanna, a bhfuil ráiteas faighte aige cheana féin.*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) Chun ualaí neamhréireacha a sheachaint, níor cheart feidhm a bheith ag na hoibleagáidí breise a fhorchuirtear ar ardáin ar líne faoin Rialachán seo maidir le micrifhiontair nó fiontair bheaga mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún[41], murab amhlaidh a rochtain agus a dtionchar agus go gcomhlíonann siad na critéir chun cáiliú mar ardáin an-mhór ar líne faoin Rialachán seo. Cabhraíonn na rialacha comhdhlúite a leagtar síos sa Rialachán sin chun a áirithiú go gcoisctear aon teacht timpeall ar na hoibleagáidí breise sin. Níor cheart a thuiscint leis an díolúine a fhaigheann micrifhiontair agus fiontair bheaga ó na hoibleagáidí breise sin amhail difear a dhéanamh dá gcumas córas a bhunú, ar bhonn deonach, a chomhlíonann ceann amháin nó níos mó de na hoibleagáidí sin. | (43) Chun ualaí neamhréireacha a sheachaint, níor cheart feidhm a bheith ag na hoibleagáidí breise a fhorchuirtear ar ardáin ar líne faoin Rialachán seo maidir le micrifhiontair nó fiontair bheaga mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún[41], murab amhlaidh a rochtain agus a dtionchar agus go gcomhlíonann siad na critéir chun cáiliú mar ardáin an-mhór ar líne faoin Rialachán seo ***nó atá i seilbh nó faoi rialú eintiteas atá bunaithe lasmuigh den Aontas.*** Cabhraíonn na rialacha comhdhlúite a leagtar síos sa Rialachán sin chun a áirithiú go gcoisctear aon teacht timpeall ar na hoibleagáidí breise sin. Níor cheart a thuiscint leis an díolúine a fhaigheann micrifhiontair agus fiontair bheaga ó na hoibleagáidí breise sin amhail difear a dhéanamh dá gcumas córas a bhunú, ar bhonn deonach, a chomhlíonann ceann amháin nó níos mó de na hoibleagáidí sin. |
| [41] Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36). | [41] Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36). |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(43a) Tá ról an-tábhachtach ag soláthraithe seirbhísí óstála maidir le dul i ngleic le hinneachar neamhdhleathach ar líne, agus iad ag stóráil faisnéise arna soláthar agus arna iarraidh ag faighteoirí na seirbhísí agus ar gnách go dtugann*** |

***siad rochtain d'fhaighteoirí eile uirthi, uaireanta ar scála mór. Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh na soláthraithe seirbhísí óstála uile, gan beann ar a méid, sásraí fógra agus gnímh so-úsáidte a chur ar bun lena n-éascaítear fógra a thabhairt do sholáthraí na seirbhísí óstála lena mbaineann faoi mhíreanna sonracha faisnéise a measann an páirtí fógartha ina leith gur inneachar neamhdhleathach iad ('fógra'), a bhféadfaidh an soláthraí sin cinneadh dá bhun, bunaithe ar a mheasúnú féin, cé acu a n-aontaíonn nó nach n-aontaíonn sé leis an measúnú sin agus an mian leis an rochtain ar an inneachar sin a bhaint nó a dhíchumasú ('gníomh'). Ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais maidir le fógraí, ba cheart do gach duine aonair nó eintiteas a bheith in ann fógra a thabhairt i leith ilmhíreanna inneachair a líomhnaítear a bheith neamhdhleathach agus sin a dhéanamh trí fhógra aonair. Ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid chun sásraí fógra agus gnímh a chur ar bun, mar shampla, maidir le seirbhísí stórála agus comhroinnte comhad, seirbhísí óstála gréasáin, freastalaithe fógraíochta agus boscaí bruscair greamaithe, a mhéid a cháilíonn siad mar sholáthraithe seirbhísí óstála a chumhdaítear leis an Rialachán seo.***

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(43b) Ba cheart na rialacha maidir leis na sásraí fógra agus gnímh sin a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais, chun foráil a dhéanamh maidir le próiseáil thráthúil, dhícheallach agus oibiachtúil na bhfógraí ar bhonn rialacha atá aonfhoirmeach, trédhearcach agus soiléir agus a fhorálann do choimircí*** |

| | |
|---|---|
| | ***láidre chun sainleasanna cearta agus dlisteanacha gach páirtí dá ndéantar difear a chosaint, go háirithe a gcearta bunúsacha mar a ráthaítear sa Chairt, gan beann ar an mBallstát ina bhfuil na páirtithe sin bunaithe nó ina gcónaíonn siad ná an réimse dlí atá i gceist. Áirítear ar na cearta bunúsacha, de réir mar a bheidh, an ceart maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, an ceart maidir leis an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh a urramú, an ceart maidir le sonraí pearsanta a chosaint, an ceart maidir le neamh-idirdhealú agus an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil d'fhaighteoirí na seirbhíse; an tsaoirse chun gnó a sheoladh, lena n-áirítear saoirse conarthachta, soláthraithe seirbhíse; chomh maith leis an gceart chun dhínit an duine, cearta an linbh, an ceart chun cosanta maoine, lena n-áirítear maoin intleachtúil, agus an ceart chun neamh-idirdhealú páirtithe dá ndéanann an t-inneachar neamhdhleathach difear.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) Ba cheart go mbeadh faighteoirí na seirbhíse in ann cur in aghaidh cinntí áirithe de chuid ardáin ar líne a dhéanann difear diúltach dóibh go héasca agus go héifeachtach. Dá bhrí sin, ba cheart a éileamh ar ardáin ar líne foráil a dhéanamh maidir le córais inmheánacha chun gearáin a láimhseáil, a chomhlíonann coinníollacha áirithe dírithe ar a áirithiú go bhfuil na córais seo inrochtana go héasca agus go mbíonn torthaí tapa agus cothroma mar thoradh orthu. Thairis sin, ba cheart foráil a dhéanamh don fhéidearthacht chun réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt a dhéanamh | (44) Ba cheart go mbeadh faighteoirí na seirbhíse in ann cur in aghaidh cinntí áirithe de chuid ardáin ar líne a dhéanann difear diúltach dóibh go héasca agus go héifeachtach. Dá bhrí sin, ba cheart a éileamh ar ardáin ar líne foráil a dhéanamh maidir le córais inmheánacha chun gearáin a láimhseáil, a chomhlíonann coinníollacha áirithe dírithe ar a áirithiú go bhfuil na córais sin inrochtana go héasca agus go mbíonn torthaí tapa agus cothroma mar thoradh orthu. Thairis sin, ba cheart foráil a dhéanamh don fhéidearthacht chun réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt a dhéanamh |

| | |
|---|---|
| ar dhíospóidí, lena n-áirítear iad siúd nach bhféadfaí a réiteach ar bhealach sásúil trí chórais inmheánacha um láimhseáil gearán, ag comhlachtaí deimhnithe a bhfuil an neamhspleáchas, na modhanna agus an saineolas riachtanach acu chun a ngníomhaíochtaí a dhéanamh ar bhealach cothrom, tapa agus cost-éifeachtach. Ba cheart do na féidearthachtaí chun cur in aghaidh cinntí na n-ardán ar líne a chruthaítear dá réir sin a bheith comhlántach, ach nach ndéanfaidís difear ar bhealach ar bith, don fhéidearthacht chun sásamh breithiúnach a lorg i gcomhréir le dlíthe an Bhallstáit lena mbaineann. | ar dhíospóidí, lena n-áirítear iad siúd nach bhféadfaí a réiteach ar bhealach sásúil trí chórais inmheánacha um láimhseáil gearán, ag comhlachtaí deimhnithe ***atá lonnaithe i mBallstát a fhaighteora nó an tsoláthraí agus*** a bhfuil an neamhspleáchas, na modhanna agus an saineolas riachtanach acu chun a ngníomhaíochtaí a dhéanamh ar bhealach cothrom, tapa agus cost-éifeachtach. ***Ba cheart imeachtaí réitithe díospóide a thabhairt i gcrích laistigh de thréimhse réasúnta ama.*** Ba cheart do na féidearthachtaí chun cur in aghaidh cinntí na n-ardán ar líne a chruthaítear dá réir sin a bheith comhlántach, ach nach ndéanfaidís difear ar bhealach ar bith, don fhéidearthacht chun sásamh breithiúnach a lorg i gcomhréir le dlíthe an Bhallstáit lena mbaineann. |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 46**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (46) Is féidir gníomhaíocht in aghaidh ábhar neamhdhleathach a ghlacadh níos tapúla agus níos iontaofa i gcás ina ndéanann ardáin ar líne na bearta is gá lena áirithiú go gcaitear le fógraí a chuirtear isteach chuig comharthóirí iontaofa trí na sásraí fógra agus gnímh a éilítear sa Rialachán seo ar bhonn tosaíochta, gan dochar don cheanglas chun gach fógra a chuirtear isteach faoi na sásraí sin a phróiseáil agus cinneadh a dhéanamh faoi ar bhealach tráthúil, dícheallach agus oibiachtúil. Níor cheart stádas mar chomharthóir iontaofa a bhronnadh ach ar eintitis, agus ní ar dhaoine aonair, a léirigh, i measc nithe eile, go bhfuil saineolas agus inniúlacht ar leith acu maidir le dul i ngleic le hábhar neamhdhleathach, go léiríonn siad leasanna comhchoiteanna agus go n-oibríonn siad ar bhealach dícheallach agus oibiachtúil. Is féidir le heintitis phoiblí a | (46) Is féidir gníomhaíocht in aghaidh inneachar neamhdhleathach a dhéanamh ar bhonn níos tapúla agus níos iontaofa i gcás ina ndéanann ardáin ar líne na bearta is gá lena áirithiú go gcaitear le fógraí a chuirtear isteach chuig comharthóirí iontaofa trí na sásraí fógra agus gnímh a éilítear sa Rialachán seo ar bhonn tosaíochta, gan dochar don cheanglas chun gach fógra a chuirtear isteach faoi na sásraí sin a phróiseáil agus cinneadh a dhéanamh faoi ar bhealach tráthúil, dícheallach agus oibiachtúil. Níor cheart stádas mar chomharthóir iontaofa a bhronnadh ach ar eintitis, agus ní ar dhaoine aonair, a léirigh, i measc nithe eile, go bhfuil saineolas agus inniúlacht ar leith acu maidir le dul i ngleic le hinneachar neamhdhleathach, gur léiriú iad ar leasanna comhchoiteanna ***nó ar leasanna ceartsealbhóirí aonair*** agus go n-oibríonn siad ar bhealach dícheallach |

bheith i gceist le heintitis den sórt sin, i gcás ábhar sceimhlitheoireachta mar shampla, aonaid tarchuir idirlín in údaráis um fhorfheidhmiú an dlí náisiúnta nó i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (‘Europol’) nó d’fhéadfaidís a bheith ina n-eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ina gcomhlachtaí leathphoiblí, cosúil leis na heagraíochtaí atá mar chuid de líonra INHOPE de bheolínte chun ábhar mí-úsáide leanaí a thuairisciú agus eagraíochtaí atá tiomanta d’fhógra a thabhairt maidir le léirithe ciníocha agus seineafóbacha neamhdhleathacha ar líne. Maidir le cearta maoine intleachtúla, d’fhéadfaí stádas comharthóir iontaofa a bhronnadh ar eagraíochtaí tionscail agus ar shealbhóirí cearta, i gcás inar léirigh siad go gcomhlíonann siad na coinníollacha is infheidhme. Níor cheart go dtuigfí le rialacha an Rialacháin seo maidir le comharthóirí iontaofa go gcoisceann siad ardáin ar líne ó chaitheamh mar a chéile le fógraí arna gcur isteach ag eintitis nó daoine aonair nár bronnadh stádas mar chomharthóir iontaofa orthu faoin Rialachán seo, ó chomhoibriú ar bhealach eile le heintitis eile, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, lena n-áirítear an Rialachán seo agus Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43].

[43] Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i

agus oibiachtúil. Is féidir le heintitis phoiblí a bheith i gceist le heintitis den sórt sin, amhail, i gcás inneachar sceimhlitheoireachta, aonaid tarchuir idirlín in údaráis forfheidhmithe dlí náisiúnta nó i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (‘Europol’) nó is féidir leo a bheith ina n-eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ina gcomhlachtaí leathphoiblí, amhail na heagraíochtaí atá mar chuid de líonra INHOPE de bheolínte chun inneachar mí-úsáide leanaí a thuairisciú agus eagraíochtaí atá tiomanta d’fhógra a thabhairt maidir le léirithe ciníocha agus seineafóbacha neamhdhleathacha ar líne. Maidir le cearta maoine intleachtúla, d’fhéadfaí stádas comharthóra iontaofa a bhronnadh ar eagraíochtaí tionscail agus ar cheartsealbhóirí, i gcás inar léirigh siad go gcomhlíonann siad na coinníollacha is infheidhme. ***Ba cheart an rud céanna a dheonú d’iarratasóirí de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 608/2013 nó i gcás gearáin de bhun Rialachán (AE) 2019/1020 chun a áirithiú go ndéantar na rialacha reatha maidir leis an bhforghníomhú ó údaráis chustaim nó cosaint do thomhaltóirí a chur chun feidhme go héifeachtach i gcás díol ar líne.*** Níor cheart go dtuigfí le rialacha an Rialacháin seo maidir le comharthóirí iontaofa go gcoisceann siad ardáin ar líne ó chaitheamh mar a chéile le fógraí arna gcur isteach ag eintitis nó daoine aonair nár bronnadh stádas mar chomharthóir iontaofa orthu faoin Rialachán seo, ó chomhoibriú ar bhealach eile le heintitis eile, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, lena n-áirítear an Rialachán seo agus Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[43]

[43] Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i

| | |
|---|---|
| ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin, IO L 135, 24.5.2016, lch. 53 | ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin, IO L 135, 24.5.2016, lch. 53 |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 47**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (47) Ach mí-úsáid a bhaint as seirbhísí ardáin ar líne trí ábhar ar soiléir go bhfuil sé neamhdhleathach a sholáthar ***go minic*** nó trí fhógraí nó gearáin ar ***soiléir*** go bhfuil siad gan bhunús a sheoladh isteach go minic faoi na sásraí agus na córais, faoi seach, a bhunaítear faoin Rialachán seo, déantar dochar d'iontaoibh agus déantar díobháil do chearta agus leasanna dlisteanacha na bpáirtithe lena mbaineann. Dá bhrí sin, is gá coimircí iomchuí agus comhréireacha in aghaidh na mí-úsáide sin a chur i bhfeidhm. Ba cheart breithniú go bhfuil faisnéis ar follasach go bhfuil sí neamhdhleathach agus fógraí nó gearáin ar ***follasach*** go bhfuil siad gan bhunús i gcás inar léir don ghnáthdhuine, gan aon anailís substainteach, go bhfuil an t-ábhar neamhdhleathach faoi seach agus go bhfuil na fógraí nó gearáin gan bhunús. Faoi choinníollacha áirithe, ba cheart d'ardáin ar líne a ngníomhaíochtaí ábhartha a chur ar fionraí go sealadach i leith an duine atá ag gabháil don iompraíocht mhí-úsáideach. Tá sé seo gan dochar don tsaoirse atá ag ardáin ar líne chun a dtéarmaí agus coinníollacha a chinneadh agus bearta níos géire a bhunú i gcás ábhar ar ***soiléir*** go bhfuil sé neamhdhleathach a bhaineann le coireanna tromchúiseacha. Ar chúiseanna trédhearcachta, ba cheart an fhéidearthacht seo a leagan amach, go soiléir agus le dóthain sonraí, i dtéarmaí agus | (47) Mí-úsáid a bhaint as seirbhísí ardáin ar líne trí éascú a dhéanamh ar ***inneachar neamhdhleathach a sholáthar arís is arís eile, éascú a dhéanamh ar uaslódáil inneachair neamhdhleathaigh*** nó trí fhógraí nó gearáin ar soiléir go bhfuil siad gan bhunús a sheoladh isteach go minic faoi na sásraí agus na córais, faoi seach, a bhunaítear faoin Rialachán seo, déantar dochar d'iontaoibh agus déantar díobháil do chearta agus leasanna dlisteanacha na bpáirtithe lena mbaineann. Dá bhrí sin, is gá coimircí iomchuí agus comhréireacha ***agus éifeachtacha*** in aghaidh na mí-úsáide sin a chur i bhfeidhm. Ba cheart a mheas gur inneachar neamhdhleathach í faisnéis agus ba cheart a mheas nach bhfuil bunús le fógraí nó gearáin i gcás inar léir don ghnáthdhuine, gan aon anailís shubstainteach, go bhfuil an t-inneachar neamhdhleathach faoi seach agus go bhfuil na fógraí nó na gearáin gan bhunús. Faoi choinníollacha áirithe, ba cheart d'ardáin ar líne a ngníomhaíochtaí ábhartha a chur ar fionraí ***nó a fhoirceannadh*** go sealadach i leith an duine atá ag gabháil don iompraíocht mhí-úsáideach. Tá sé seo gan dochar don tsaoirse atá ag ardáin ar líne chun a dtéarmaí agus coinníollacha a chinneadh agus bearta níos géire a bhunú i gcás inneachar ar soiléir go bhfuil sé neamhdhleathach a bhaineann le coireanna |

| | |
|---|---|
| coinníollacha na n-ardán ar líne. Ba cheart go mbeadh sásamh oscailte i gcónaí do na cinntí arna nglacadh chuige seo ag ardáin ar líne agus ba cheart dóibh a bheith faoi réir formhaoirseachta ag an gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha inniúil. Níor cheart do rialacha an Rialacháin seo maidir le mí-úsáid cosc a chur ar ardáin ar líne ó bhearta eile a dhéanamh le dul i ngleic le hábhar neamhdhleathach arna sholáthar ag faighteoirí a seirbhíse nó mí-úsáid eile a seirbhísí, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme san Aontas agus an dlí náisiúnta. Tá na rialacha sin gan dochar d'aon fhéidearthacht chun na daoine a bhí páirteach sa mhí-úsáid a choinneáil faoi dhliteanas, lena n-áirítear maidir le damáistí, dá bhforáiltear i ndlí an Aontais nó i ndlí náisiúnta. | tromchúiseacha. Ar chúiseanna trédhearcachta, ba cheart an fhéidearthacht sin a leagan amach, go soiléir agus le dóthain sonraí, i dtéarmaí agus coinníollacha na n-ardán ar líne. Ba cheart go mbeadh sásamh oscailte i gcónaí do na cinntí arna nglacadh chuige sin ag ardáin ar líne agus ba cheart dóibh a bheith faoi réir formhaoirseacht ón gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha inniúil. Níor cheart do rialacha an Rialacháin seo maidir le mí-úsáid cosc a chur ar ardáin ar líne ó bhearta eile a dhéanamh chun dul i ngleic le hinneachar neamhdhleathach arna sholáthar ag faighteoirí a seirbhíse nó mí-úsáid eile a seirbhísí, i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme agus an dlí náisiúnta. Tá na rialacha sin gan dochar d'aon fhéidearthacht chun na daoine a bhí páirteach sa mhí-úsáid a chur faoi dhliteanas, lena n-áirítear maidir le damáistí, dá bhforáiltear i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) Féadfaidh ardán ar líne i gcásanna áirithe eolas a fháil, amhail trí fhógra ó pháirtí dá dtugtar fógra nó trína bhearta deonacha féin, faoi fhaisnéis a bhaineann le gníomhaíocht áirithe de chuid fhaighteoir na seirbhíse, amhail cineálacha áirithe ábhar neamhdhleathach a sholáthar, a thugann údar réasúnach, ag féachaint do na cúinsí ábhartha ar fad a bhfuil an t-ardán ar líne feasach orthu, go bhféadfadh sé go ndearna an faighteoir cion tromchúiseach coiriúil a bhaineann le bagairt ar shaol nó ar shábháilteacht duine, go bhféadfadh an faighteoir a bheith ag déanamh an chiona sin nó gur dóchúil go ndéanfaidh sé an cion sin, amhail cionta a shonraítear i dTreoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na | (48) Féadfaidh ardán ar líne i gcásanna áirithe eolas a fháil, amhail trí fhógra ó pháirtí a thugann fógra nó trína bhearta deonacha féin, faoi fhaisnéis a bhaineann le gníomhaíocht áirithe de chuid fhaighteoir na seirbhíse, amhail cineálacha áirithe inneachair neamhdhleathaigh a sholáthar, a thugann údar réasúnach, ag féachaint do na cúinsí ábhartha ar fad a bhfuil an t-ardán ar líne feasach orthu, go bhféadfadh sé go ndearna an faighteoir cion tromchúiseach coiriúil a bhaineann le ***garbhagairt*** ar shaol nó ar shábháilteacht duine, go bhféadfadh an faighteoir a bheith ag déanamh an chiona sin nó gur dóchúil go ndéanfaidh sé an cion sin, amhail cionta a shonraítear i dTreoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na |

| | |
|---|---|
| hEorpa agus ón gComhairle[44]. I gcásanna den sórt sin, ba cheart don ardán ar líne údaráis inniúla um fhorfheidhmiú an dlí a chur ar an eolas gan mhoill faoin amhras sin, agus an fhaisnéis ar fad atá ar fáil a sholáthar dó, lena n-áirítear i gcás inarb ábhartha an t-ábhar atá i gceist agus míniú maidir lena amhras. Ní sholáthraítear an bunús dlí le próifíliú a dhéanamh ar fhaighteoirí na seirbhísí sa Rialachán seo d'fhonn cionta coiriúla arna ndéanamh ag ardáin ar líne a shainaithint. Ba cheart d'ardáin ar líne meas a bheith acu freisin ar rialacha eile is infheidhme san Aontas nó sa dlí náisiúnta maidir le cosaint cearta agus saoirsí daoine aonair le linn dóibh údaráis um fhorfheidhmiú an dlí a chur ar an eolas. | hEorpa agus ón gComhairle[44]. I gcásanna den sórt sin, ba cheart don ardán ar líne údaráis inniúla forfheidhmithe dlí a chur ar an eolas gan mhoill faoin amhras sin, agus an fhaisnéis ar fad atá ar fáil a sholáthar dóibh***, arna iarraidh sin dóibh***, lena n-áirítear i gcás inarb ábhartha an t-inneachar atá i gceist agus míniú maidir lena amhras. Ní sholáthraítear an bunús dlí le próifíliú a dhéanamh ar fhaighteoirí na seirbhísí sa Rialachán seo d'fhonn cionta coiriúla arna ndéanamh ag ardáin ar líne a shainaithint. Ba cheart d'ardáin ar líne urraim a thabhairt freisin do rialacha eile is infheidhme dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta maidir le cosaint cearta agus saoirsí daoine aonair le linn dóibh údaráis forfheidhmithe dlí a chur ar an eolas. |
| [44] Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (IO L 335, 17.12.2011, lch. 1). | [44] Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (IO L 335, 17.12.2011, lch. 1). |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 48 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(48a) I gcás ina dtugann ardán ar líne faoi deara go bhfuil aon fhaisnéis is siocair le hamhras gur tharla cion tromchúiseach coiriúil lenar bhain bagairt do shaol nó do shábháilteacht daoine, nó go bhfuil cion den sórt sin ag tarlú nó gur dóigh go dtarlóidh sé, bainfidh sé an t-inneachar sin agus déanfaidh sé é a dhíchumasú agus cuirfidh sé údaráis fhorfheidhmithe dlí nó bhreithiúnacha an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann ar an eolas go*** |

| | |
|---|---|
| | ***pras faoina amhras agus soláthróidh sé an fhaisnéis ábhartha uile atá ar fáil.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 49**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (49) D'fhonn cur le timpeallacht shábháilte, iontaofa agus thrédhearcach ar líne do thomhaltóirí, chomh maith le páirtithe leasmhara eile cosúil le trádálaithe iomaíocha agus sealbhóirí cearta maoine intleachtúla, agus chun cosc a chur ar thrádálaithe táirgí nó seirbhísí de shárú ar na rialacha is infheidhme a dhíol, ba cheart go n-áiritheodh ***ardáin ar líne a thugann cead do thomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích le trádálaithe den sórt sin*** go bhfuil na trádálaithe sin inrianaithe. Ba cheart a cheangal ar an trádálaí dá bhrí sin eolas fíor-riachtanach áirithe a sholáthar don ***ardán*** ar líne, lena n-áirítear chun críocha teachtaireachtaí a chur chun cinn nó táirgí a thairiscint. Ba cheart don cheanglas sin a bheith infheidhme maidir le trádálaithe freisin a chuireann teachtaireachtaí chun cinn maidir le táirgí nó seirbhísí thar ceann brandaí, bunaithe ar chomhaontuithe bunúsacha. Ba cheart do na ***hardáin*** ar líne sin an fhaisnéis ar fad a stóráil ar bhealach slán ar feadh tréimhse réasúnach ama nach sáraíonn an méid is gá, ionas gur féidir le húdaráis phoiblí agus páirtithe príobháideacha a bhfuil leas dlisteanach acu í a rochtain, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, lena n-áirítear maidir le sonraí pearsanta a chosaint, lena n-áirítear trí bhíthin na n-orduithe chun faisnéis a sholáthar dá dtagraítear sa Rialachán seo. | (49) Chun cur le timpeallacht shábháilte, iontaofa agus thrédhearcach ar líne do thomhaltóirí, chomh maith le páirtithe leasmhara eile cosúil le trádálaithe iomaíocha agus sealbhóirí cearta maoine intleachtúla, agus chun cosc a chur ar thrádálaithe táirgí nó seirbhísí de shárú ar na rialacha is infheidhme a dhíol, ba cheart go n-áiritheodh ***margaí*** ar líne a thugann cead do thomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích leis na trádálaithe sin go bhfuil na trádálaithe sin inrianaithe. Ba cheart a cheangal ar an trádálaí dá bhrí sin eolas fíor-riachtanach ***agus beacht*** áirithe a sholáthar do ***sholáthraithe an mhargaidh*** ar líne, lena n-áirítear chun teachtaireachtaí a chur chun cinn nó táirgí a thairiscint. Ba cheart don cheanglas sin a bheith infheidhme maidir le trádálaithe freisin a chuireann teachtaireachtaí chun cinn maidir le táirgí nó seirbhísí thar ceann brandaí, bunaithe ar chomhaontuithe bunúsacha. Ba cheart do na ***margaí*** ar líne sin an fhaisnéis ar fad a stóráil ar bhealach slán ar feadh tréimhse réasúnach ama nach sáraíonn an méid is gá, ionas gur féidir le húdaráis phoiblí agus páirtithe príobháideacha a bhfuil leas dlisteanach acu í a rochtain, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, lena n-áirítear maidir le sonraí pearsanta a chosaint, lena n-áirítear trí bhíthin na n-orduithe chun faisnéis a sholáthar dá dtagraítear sa Rialachán seo. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 50**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (50) Chun cur i bhfeidhm éifeachtach agus leordhóthanach na hoibleagáide sin a áirithiú, gan aon ualaí neamhréireacha a fhorchur, ba cheart do na ***hardáin*** ar líne a chumhdaítear iarrachtaí réasúnacha a dhéanamh chun iontaofacht na faisnéise arna soláthar ag na trádálaithe lena mbaineann a fhíorú, go háirithe trí bhunachair shonraí agus comhéadain oifigiúla ar líne atá ar fáil gan srian a úsáid, amhail cláir thrádála náisiúnta agus an Córas Malartaithe Faisnéise CBL [45], nó trí iarradh ar na trádálaithe lena mbaineann doiciméid tacaíochta iontaofa a sholáthar, amhail cóipeanna de dhoiciméid aitheantais, ráitis bhainc deimhnithe, deimhnithe cuideachtaí agus deimhnithe ó chlár trádála. Féadfaidh siad foinsí eile a úsáid freisin, atá ar fáil lena n-úsáid go cianda, a thugann iontaofacht den chineál céanna chun críche an oibleagáid seo a chomhlíonadh. Mar sin féin, níor cheart go n-éileofaí ar na ***hardáin*** ar líne atá cumhdaithe tabhairt faoi ghníomhaíochtaí aimsithe fíoras iomarcacha nó costasacha ar líne nó fíoruithe a dhéanamh ar an toirt. Ná níor cheart go nglacfaí leis go bhfuil ***ardáin*** ar líne den sórt sin, a bhfuil iarrachtaí réasúnacha déanta acu a éilítear sa Rialachán seo, ag ráthú iontaofacht na faisnéise i dtreo tomhaltóirí nó páirtithe leasmhara eile. Ba cheart d'***ardáin*** ar líne den sórt sin freisin a gcomhéadan ar líne a dhearadh agus a eagrú ar bhealach a chuireann ar a chumas do thrádálaithe a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi dhlí an Aontais, go háirithe na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 6 agus 8 de Threoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46], Airteagal 7 de Threoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47] agus Airteagal 3 de Threoir 98/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48]. | (50) Chun cur i bhfeidhm éifeachtach agus leordhóthanach na hoibleagáide sin a áirithiú, gan aon ualaí neamhréireacha a fhorchur, ba cheart do na ***margaí*** ar líne a chumhdaítear iarrachtaí réasúnacha a dhéanamh chun iontaofacht na faisnéise arna soláthar ag na trádálaithe lena mbaineann a fhíorú, go háirithe trí bhunachair shonraí agus comhéadain oifigiúla ar líne atá ar fáil gan srian a úsáid, amhail cláir thrádála náisiúnta agus an Córas Malartaithe Faisnéise CBL [45], nó trí iarradh ar na trádálaithe lena mbaineann doiciméid tacaíochta iontaofa a sholáthar, amhail cóipeanna de dhoiciméid aitheantais, ráitis bhainc deimhnithe, deimhnithe cuideachtaí agus deimhnithe ó chlár trádála. Féadfaidh siad foinsí eile a úsáid freisin, atá ar fáil lena n-úsáid go cianda, a thugann iontaofacht den chineál céanna chun an oibleagáid seo a chomhlíonadh. ***Ina theannta sin, ba cheart an fhaisnéis sin a chuireann an trádálaí ar fáil a bheith sonrach go leor agus ba cheart tacaíocht leordhóthanach a thabhairt di, i gcás inar féidir.*** Níor cheart go n-éileofaí, áfach, ar na ***margaí*** ar líne atá cumhdaithe tabhairt faoi ghníomhaíochtaí aimsithe fíoras iomarcacha nó costasacha ar líne nó fíoruithe a dhéanamh ar an toirt. Ná níor cheart go nglacfaí leis go bhfuil na ***margaí*** ar líne sin, a bhfuil iarrachtaí réasúnacha déanta acu a éilítear sa Rialachán seo, ag ráthú iontaofacht na faisnéise i dtreo tomhaltóirí nó páirtithe leasmhara eile. Ba cheart do na ***margaí*** ar líne sin freisin a gcomhéadan ar líne a dhearadh agus a eagrú ar bhealach ***soláimhsithe*** a chuireann ar a chumas do thrádálaithe a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi dhlí an Aontais, go háirithe na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 6 agus 8 de Threoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46], Airteagal 7 de |

Threoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47] agus Airteagal 3 de Threoir 98/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48].

---

45 https://ec.europa.eu/taxation_customs/vies/vieshome.do?selectedLanguage=en

46 Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

47 Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagothroma idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoir 97/7/CE, Treoir 98/27/CE agus Treoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (‘An Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagothroma’)

48 Treoir 98/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le cosaint tomhaltóirí agus léiriú phraghsanna táirgí a thairgtear do thomhaltóirí

---

45 https://ec.europa.eu/taxation_customs/vies/vieshome.do?selectedLanguage=en

46 Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí, lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoir 1999/44/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 85/577/CEE ón gComhairle agus Treoir 97/7/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

47 Treoir 2005/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2005 maidir le cleachtais tráchtála éagothroma idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 84/450/CEE ón gComhairle, Treoir 97/7/CE, Treoir 98/27/CE agus Treoir 2002/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (‘An Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagothroma’)

48 Treoir 98/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le cosaint tomhaltóirí agus léiriú praghsanna táirgí a thairgtear do thomhaltóirí

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 52**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

(52) Tá ról tábhachtach ag fógraíocht ar líne sa timpeallacht ar líne, lena n-áirítear i ndáil le soláthar seirbhísí ardáin ar líne. Ach, is féidir le fógraíocht ar líne cur le rioscaí suntasacha, idir fhógraíocht ar ábhar neamhdhleathach ann féin é, agus cur le dreasachtaí airgeadais chun ábhar agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha nó ábhar agus gníomhaíochtaí atá díobhálach ar bhealach eile a fhoilsiú nó a mhéadú ar líne, nó taispeáint idirdhealaitheach fógraíochta le tionchar ar chóir chomhionann agus ar dheiseanna cothroma saoránach. Chomh maith leis na ceanglais ar ann dóibh mar thoradh ar Airteagal 6 de Threoir 2000/31/CE, ba cheart a iarraidh ar ardáin ar líne dá bhrí sin a áirithiú go mbíonn faisnéis aonair áirithe ag faighteoirí na seirbhíse atá riachtanach dóibh chun tuiscint a fháil ar cén uair agus cén duine a bhfuil an fógra á thaispeáint thar a cheann. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh eolas ag faighteoirí na seirbhíse ar na príomh-pharaiméadair a úsáidtear lena chinneadh go bhfuil fógraíocht shonrach le taispeáint dóibh, ag soláthar míniúcháin bhríocha maidir leis an loighic a úsáidtear chuige sin, lena n-áirítear nuair a bhunaítear é seo ar phróifíliú. Tá ceanglais an Rialacháin seo maidir le soláthar faisnéise a bhaineann le fógraíocht gan dochar do chur i bhfeidhm forálacha ábhartha Rialachán (AE) 2016/679, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an gceart agóid a dhéanamh, cinnteoireacht aonair uathoibrithe, lena n-áirítear próifíliú agus go sonrach an gá le toiliú a fháil ón ábhar sonraí sula ndéantar na sonraí pearsanta don fhógraíocht spriocdhírithe a phróiseáil. Mar an gcéanna, tá sé gan dochar do na forálacha a leagtar síos i dTreoir 2002/58/CE go háirithe iad siúd a bhaineann le stóráil faisnéise i dtrealamh críochfoirt agus an rochtain ar fhaisnéis arna stóráil ann.

(52) Tá ról tábhachtach ag fógraíocht ar líne sa timpeallacht ar líne, lena n-áirítear i ndáil le soláthar seirbhísí ardáin ar líne. Ach, is féidir le fógraíocht ar líne cur le rioscaí suntasacha, idir fhógraíocht ar inneachar neamhdhleathach ann féin é, agus cur le dreasachtaí airgeadais chun inneachar agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha nó inneachar agus gníomhaíochtaí atá díobhálach ar bhealach eile a fhoilsiú nó a mhéadú ar líne, nó taispeáint idirdhealaitheach fógraíochta le tionchar ar chóir chomhionann agus ar dheiseanna cothroma saoránach. Chomh maith leis na ceanglais ar ann dóibh mar thoradh ar Airteagal 6 de Threoir 2000/31/CE, ba cheart a iarraidh ar ardáin ar líne dá bhrí sin a áirithiú go mbíonn faisnéis aonair áirithe ag faighteoirí na seirbhíse atá riachtanach dóibh chun tuiscint a fháil ar cén uair agus cén duine a bhfuil an fógra á thaispeáint thar a cheann. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh ***rochtain éasca ar*** ag faighteoirí na seirbhíse ar fhaisnéis maidir leis na príomh-pharaiméadair a úsáidtear lena chinneadh go bhfuil fógraíocht shonrach le taispeáint dóibh, ag soláthar míniúcháin bhríocha maidir leis an loighic a úsáidtear chuige sin, lena n-áirítear nuair a bhunaítear é seo ar phróifíliú. Tá ceanglais an Rialacháin seo maidir le soláthar faisnéise a bhaineann le fógraíocht gan dochar do chur i bhfeidhm fhorálacha ábhartha Rialachán (AE) 2016/679, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an gceart agóid a dhéanamh, cinnteoireacht aonair uathoibrithe, lena n-áirítear próifíliú agus go sonrach an gá le toiliú a fháil ón ábhar sonraí sula ndéantar na sonraí pearsanta don fhógraíocht spriocdhírithe a phróiseáil. Mar an gcéanna, tá sé gan dochar do na forálacha a leagtar síos i dTreoir 2002/58/CE go háirithe iad siúd a bhaineann le stóráil faisnéise i dtrealamh críochfoirt agus an rochtain ar fhaisnéis arna stóráil ann.

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 53**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (53) Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le hardáin an-mhór ar líne, mar gheall ar a dtionchar, go háirithe mar a léirítear é i líon faighteoirí na seirbhíse, chun díospóireacht phoiblí, idirbhearta eacnamaíocha agus scaipeadh faisnéise, tuairimí agus smaointe a éascú agus tionchar a imirt ar an gcaoi a bhfaigheann faighteoirí faisnéis ar líne agus ar an gcaoi a gcuireann siad faisnéis in iúl ar líne, is gá oibleagáidí sonracha a fhorchur ar na hardáin sin, sa bhreis ar na hoibleagáidí is infheidhme maidir le gach ardán ar líne. Tá na hoibleagáidí breise sin ar ardáin an-mhór ar líne riachtanach le dul i ngleic leis an ábhar imní sin maidir leis an mbeartas poiblí, mar gheall nach ann d'aon bhearta malartacha nach bhfuil chomh sriantach a bheadh in ann an toradh céanna a bhaint amach go héifeachtach. | (53) Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le hardáin an-mhór ar líne, mar gheall ar a dtionchar, go háirithe mar a léirítear é i líon faighteoirí na seirbhíse, chun díospóireacht phoiblí, idirbhearta eacnamaíocha ***agus airgeadais*** agus scaipeadh faisnéise, tuairimí agus smaointe a éascú agus tionchar a imirt ar an gcaoi a bhfaigheann faighteoirí faisnéis ar líne agus ar an gcaoi a gcuireann siad faisnéis in iúl ar líne, is gá oibleagáidí sonracha a fhorchur ar na hardáin sin, sa bhreis ar na hoibleagáidí is infheidhme maidir le gach ardán ar líne. Tá na hoibleagáidí breise sin ar ardáin an-mhór ar líne riachtanach le dul i ngleic leis an ábhar imní sin maidir leis an mbeartas poiblí, ***lena n-áirítear i ndáil le faisnéis mhíthreorach nó aon chineál eile d'inneachar neamhdhleathach*** mar gheall nach ann d'aon bhearta malartacha nach bhfuil chomh sriantach a bheadh in ann an toradh céanna a bhaint amach go héifeachtach. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 54**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (54) Is féidir le hardáin an-mhór ar líne rioscaí sochaíocha a chruthú, a bheadh éagsúil i dtaobh raon feidhme agus tionchair de i gcomparáid leo siúd a chruthódh ardáin níos lú. Nuair a shroicheann an líon faighteoirí ar ardán cionroinnt shuntasach de dhaonra an Aontais, bíonn tionchar diúltach neamhréireach ag na rioscaí sistéamacha a bhíonn ag an ardán san Aontas. Ba cheart a | (54) Is féidir le hardáin an-mhór ar líne rioscaí sochaíocha a chruthú, a bheadh éagsúil i dtaobh raon feidhme agus tionchair de i gcomparáid leo siúd a chruthódh ardáin níos lú. Nuair a shroicheann an líon faighteoirí ar ardán cionroinnt shuntasach de dhaonra an Aontais, ***féadfaidh*** tionchar diúltach neamhréireach a bheith ag na rioscaí sistéamacha a bhíonn ag an ardán san |

| | |
|---|---|
| mheas gur ann do rochtain shuntasach den sórt sin i gcás ina sáraíonn an líon faighteoirí an tairseach oibríochtúil atá socraithe ag 45 milliún, is é sin, líon atá cothrom le 10 % de dhaonra an Aontais. Ba cheart an tairseach oibríochtúil a choinneáil suas chun dáta trí leasuithe arna n-achtú le gníomhartha tarmligthe, i gcás inar gá. Ba cheart d'ardáin an-mhór ar líne den sórt sin dá bhrí sin an caighdeán is airde oibleagáidí díchill chuí a sheasamh, a bheadh comhréireach lena dtionchar agus lena n-acmhainn shochaíoch. | Aontas. Ba cheart a mheas gur ann don rochtain shuntasach sin i gcás ina sáraíonn an líon faighteoirí an tairseach oibríochtúil atá socraithe ag 45 mhilliún, is é sin, líon atá cothrom le 10 % de dhaonra an Aontais. Ba cheart an tairseach oibríochtúil a choinneáil cothrom le dáta trí leasuithe arna n-achtú le gníomhartha tarmligthe, i gcás inar gá. Ba cheart do na hardáin an-mhór ar líne sin dá bhrí sin an caighdeán is airde oibleagáidí díchill chuí a sheasamh, a bheadh comhréireach lena dtionchar agus lena n-acmhainn shochaíoch. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 57**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (57) Ba cheart measúnú a dhéanamh go mion ar thrí chatagóir rioscaí córasacha. Baineann an chéad chatagóir leis na rioscaí atá bainteach le mí-úsáid a seirbhíse trí scaipeadh ábhar neamhdhleathach, cosúil le scaipeadh ábhar mí-úsáide leanaí nó fuathchaint neamhdhleathach, agus tabhairt faoi gníomhaíochtaí neamhdhleathacha, amhail táirgí nó seirbhísí atá coiscthe ag an Aontas nó ag an dlí náisiúnta, lena n-áirítear táirgí góchumtha, a dhíol. Mar shampla, agus gan dochar don fhreagracht phearsanta a bhíonn ar fhaighteoir seirbhíse ardáin an-mhór ar líne i gcomhair neamhdhleathacht féideartha a ghníomhaíochta nó a gníomhaíochta faoin dlí is infheidhme, d'fhéadfadh scaipeadh nó gníomhaíochtaí den sórt sin a bheith ionann le riosca sistéamach suntasach i gcás ina bhféadfaí rochtain ar ábhar den sórt sin a mhéadú trí chuntais a mbeadh rochtain an-leathan orthu. Baineann dara catagóir le tionchar na seirbhíse ar fheidhmiú ceart bunúsach, arna chosaint sa Chairt um Chearta Bunúsacha, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí agus faisnéis a nochtadh, an ceart chun saoil | (57) Ba cheart measúnú a dhéanamh go mion ar thrí chatagóir rioscaí sistéamacha. Baineann an chéad chatagóir leis na rioscaí atá bainteach le mí-úsáid a seirbhíse trí scaipeadh inneachair neamhdhleathaigh, cosúil le scaipeadh inneachar ina léirítear mí-úsáid leanaí nó fuathchaint neamhdhleathach, agus tabhairt faoi gníomhaíochtaí neamhdhleathacha, amhail táirgí nó seirbhísí atá coiscthe ag an Aontas nó ag an dlí náisiúnta, lena n-áirítear táirgí ***contúirteacha agus*** góchumtha a dhíol ***nó inneachar a thaispeáint a sháraíonn cóipcheart***. Mar shampla, agus gan dochar don fhreagracht phearsanta a bhíonn ar fhaighteoir seirbhíse ardáin an-mhór ar líne i gcomhair neamhdhleathacht féideartha a ghníomhaíochta nó a gníomhaíochta faoin dlí is infheidhme, d'fhéadfadh an scaipeadh nó na gníomhaíochtaí sin a bheith ionann le riosca sistéamach suntasach i gcás ina bhféadfaí rochtain ar ábhar den sórt sin a mhéadú trí chuntais a mbeadh rochtain an-leathan orthu. Baineann dara catagóir le tionchar na seirbhíse ar fheidhmiú ceart bunúsach, arna chosaint sa Chairt um Chearta Bunúsacha, |

phríobháidigh, an ceart maidir le neamh-idirdhealú agus cearta an linbh. D'fhéadfadh rioscaí den sórt sin teacht aníos, mar shampla, i ndáil le dearadh córas algartamach arna úsáid ag an ardán an-mhór ar líne nó mí-úsáid a sheirbhíse trí fhógraí maslacha a chur isteach nó modhanna eile chun caint a chiúnú nó cur isteach ar iomaíocht. Baineann tríú catagóir rioscaí le hionramháil d'aon turas agus, go minic, comhordaithe ar sheirbhís an ardáin, le tionchar intuartha ar shláinte, dioscúrsa sibhialta, próisis thoghchánaíochta, slándáil phoiblí agus cosaint mionaoiseach, ag féachaint don ghá le hord poiblí a choimirciú, príobháideachas a chosaint agus cleachtais tráchtála chalaoiseacha agus mheabhlacha a chomhrac. D'fhéadfadh rioscaí den sórt sin teacht chun cinn, mar shampla, trí chuntais bhréige a chruthú, róbait a úsáid, agus iompraíochtaí eile uathoibrithe nó uathoibrithe i bpáirt, a bhféadfadh scaipeadh tapa agus fairsing faisnéise ar ábhar neamhdhleathach nó nach bhfuil comhoiriúnach le téarmaí agus coinníollacha ardán ar líne a bheith mar thoradh air.

lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí agus faisnéis a nochtadh, an ceart chun saoil phríobháidigh, an ceart maidir le neamh-idirdhealú agus cearta an linbh. D'fhéadfadh na rioscaí sin teacht aníos, mar shampla, i ndáil le dearadh córas algartamach arna úsáid ag an ardán an-mhór ar líne nó mí-úsáid a sheirbhíse trí fhógraí maslacha a chur isteach nó modhanna eile chun caint a chiúnú nó cur isteach ar iomaíocht ***nó mí-úsáid théarmaí agus coinníollacha na n-ardán, lena n-áirítear beartais chun modhnóireacht a dhéanamh ar inneachar, nuair a fhorfheidhmítear iad*** Baineann tríú catagóir rioscaí le hionramháil d'aon turas agus, go minic, comhordaithe ar sheirbhís an ardáin, le tionchar intuartha ar shláinte***, cearta bunúsacha*** dioscúrsa sibhialta, próisis thoghchánaíochta, slándáil phoiblí agus cosaint mionaoiseach, ag féachaint don ghá le hord poiblí a choimirciú, príobháideachas a chosaint agus cleachtais tráchtála chalaoiseacha agus mheabhlacha a chomhrac. D'fhéadfadh na rioscaí sin teacht chun cinn, mar shampla, trí chuntais bhréige a chruthú, róbait a úsáid, agus iompraíochtaí eile uathoibrithe nó uathoibrithe i bpáirt, a bhféadfadh scaipeadh tapa agus fairsing faisnéise ar inneachar neamhdhleathach nó nach bhfuil comhoiriúnach le téarmaí agus coinníollacha ardán ar líne a bheith mar thoradh air.

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 58**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(58) Ba cheart d'ardáin an-mhór ar líne na modhanna riachtanacha a úsáid chun na rioscaí sistéamacha a sainaithníodh sa mheasúnú riosca a mhaolú go dícheallach. Ba cheart d'ardáin an-mhór ar líne faoi bhearta maolaithe den sórt sin breithniú a

*Leasú*

(58) Ba cheart d'ardáin an-mhór ar líne na modhanna riachtanacha ***agus comhréireacha*** a úsáid chun na rioscaí sistéamacha a sainaithníodh sa mheasúnú riosca a mhaolú go dícheallach. Ba cheart d'ardáin an-mhór ar líne faoi na bearta

dhéanamh, mar shampla, ar dhearadh agus ar fheidhmiú a modhnaithe ábhair, a gcórais mholtóra algartamacha agus a gcomhéadain ar líne a bhreisiú nó a chur in oiriúint ar bhealach eile, ionas go ndíspreagann siad agus go dteorannaíonn siad scaipeadh ábhar neamhdhleathach, go gcuireann siad a bpróisis chinnteoireachta in oiriúint, nó go gcuireann siad a dtéarmaí agus coinníollacha in oiriúint. D'fhéadfaí a áireamh iontu freisin bearta, cosúil le deireadh a chur le hioncam fógraíochta d'ábhar sonrach, nó gníomhaíochtaí eile, amhail sofheictheacht foinsí faisnéise údarásacha a fheabhsú. Féadfaidh ardáin an-mhór ar líne a bpróisis inmheánacha nó a gcuid maoirseachta ar aon cheann dá ngníomhaíochtaí a atreisiú, go háirithe maidir le rioscaí sistéamacha a bhrath. Féadfaidh siad freisin comhar a chur ar bun nó a mhéadú le comharthóirí iontaofa, seisiúin oiliúna agus malartuithe le heagraíochtaí comharthóirí iontaofa a eagrú, agus comhoibriú le soláthraithe seirbhíse eile, lena n-áirítear trí chóid iompair nó bearta féinrialála eile a thosú nó tabhairt faoi chóid iompair nó bearta féinrialála eile atá ann cheana. Ba cheart d'aon bhearta a dhéantar urraim a léiriú do cheanglais díchill chuí an Rialacháin seo agus a bheith éifeachtach agus iomchuí chun na rioscaí sonracha a sainaithníodh a mhaolú, ar mhaithe le hord poiblí a choimirciú, príobháideachas a chosaint agus cleachtais tráchtála chalaoiseacha agus mheabhlacha a chomhrac, agus ba cheart go mbeidís comhréireach i bhfianaise cumas eacnamaíoch an ardáin an-mhór ar líne agus an gá atá le srianta gan ghá a sheachaint maidir le húsáid a seirbhíse, agus aird chuí á tabhairt ar na tionchair dhiúltacha féideartha a d'fhéadfadh a bheith acu ar chearta bunúsacha faighteoirí na seirbhíse.

maolaithe sin breithniú a dhéanamh, mar shampla, ar dhearadh agus ar fheidhmiú a modhnaithe inneachair, a gcórais mholtóra algartamacha agus a gcomhéadain ar líne a bhreisiú nó a chur in oiriúint ar bhealach eile, ionas go ndíspreagann siad agus go dteorannaíonn siad scaipeadh inneachair neamhdhleathaigh, ***go gcuireann siad cosc ar ionramháil agus saothrú intinniúil na seirbhíse, lena n-áirítear trí mhéadú ar inneachar neamhdhleathach,***

go gcuireann siad a bpróisis chinnteoireachta in oiriúint, nó go gcuireann siad a dtéarmaí agus coinníollacha in oiriúint ***agus go ndéanann siad a mbeartais don mhodhnóireacht inneachair, agus an bealach a ndéantar iad a fhorfheidhmiú, go hiomlán trédhearcach d'úsáideoirí***. D'fhéadfaí a áireamh ina measc freisin bearta, cosúil le deireadh a chur le hioncam fógraíochta d'ábhar sonrach, nó gníomhaíochtaí eile, amhail sofheictheacht foinsí faisnéise údarásacha a fheabhsú. Féadfaidh ardáin an-mhór ar líne a bpróisis inmheánacha nó a gcuid maoirseachta ar aon cheann dá ngníomhaíochtaí a atreisiú, go háirithe maidir le rioscaí sistéamacha a bhrath. Féadfaidh siad freisin comhar a chur ar bun nó a mhéadú le comharthóirí iontaofa, seisiúin oiliúna agus malartuithe le heagraíochtaí comharthóirí iontaofa a eagrú, agus comhoibriú le soláthraithe seirbhíse eile, lena n-áirítear trí chóid iompair nó bearta féinrialála eile a thosú nó tabhairt faoi chóid iompair nó bearta féinrialála eile atá ann cheana. Ba cheart d'aon bhearta a dhéantar urraim a léiriú do cheanglais díchill chuí an Rialacháin seo agus a bheith éifeachtach agus iomchuí chun na rioscaí sonracha a sainaithníodh a mhaolú, ar mhaithe le hord poiblí a choimirciú, príobháideachas a chosaint agus cleachtais tráchtála chalaoiseacha agus mheabhlacha a chomhrac, agus ba cheart go mbeidís comhréireach i bhfianaise cumas eacnamaíoch an ardáin an-mhór ar líne agus an gá atá le srianta

gan ghá a sheachaint maidir le húsáid a seirbhíse, agus aird chuí á tabhairt ar na tionchair dhiúltacha féideartha a d'fhéadfadh a bheith acu ar chearta bunúsacha faighteoirí na seirbhíse.

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 59**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (59) Ba cheart d'ardáin an-mhór ar líne, i gcás inarb iomchuí, a measúnuithe riosca a dhéanamh agus a mbearta maolaithe riosca a dhearadh le rannpháirtíocht ionadaithe fhaighteoirí na seirbhíse, ionadaithe ó ghrúpaí a bhféadfadh tionchar a bheith a seirbhísí orthu, saineolaithe neamhspleácha agus ***eagraíochtaí na sochaí sibhialta***. | (59) Ba cheart d'ardáin an-mhór ar líne, i gcás inarb iomchuí, a measúnuithe riosca a dhéanamh agus a mbearta maolaithe riosca a dhearadh le rannpháirtíocht ionadaithe fhaighteoirí na seirbhíse, ionadaithe ó ghrúpaí a bhféadfadh tionchar a bheith a seirbhísí orthu, saineolaithe neamhspleácha agus ***gníomhaithe poiblí ábhartha***. |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 60**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (60) Mar gheall ar an ngá atá le fíorú ó shaineolaithe neamhspleácha a áirithiú, ba cheart go mbeadh ardáin ***an***-mhór ar líne cuntasach, trí iniúchóireacht neamhspleách, as a gcomhlíontacht leis na hoibleagáidí a leagtar síos leis an Rialachán seo agus, i gcás inarb ábhartha, aon ghealltanais chomhlántacha arna ndéanamh de bhun cóid iompair agus prótacail ghéarchéime. Ba cheart dóibh rochtain a thabhairt don iniúchóir ar na sonraí ábhartha ar fad is gá chun an t-iniúchadh a dhéanamh i gceart. Ba cheart do na hiniúchóirí a bheith in ann úsáid a bhaint freisin as foinsí eile faisnéise oibiachtúla, lena n-áirítear staidéir de chuid ***taighdeoirí*** grinnfhiosraithe. Ba cheart do na hiniúchóirí rúndacht, slándáil agus | (60) Mar gheall ar an ngá atá le fíorú ó shaineolaithe neamhspleácha a áirithiú, ba cheart go mbeadh ardáin mhóra ar líne cuntasach, trí iniúchóireacht neamhspleách, as a gcomhlíontacht leis na hoibleagáidí a leagtar síos leis an Rialachán seo agus, i gcás inarb ábhartha, aon ghealltanais chomhlántacha arna ndéanamh de bhun cóid iompair agus prótacail ghéarchéime. Ba cheart dóibh rochtain a thabhairt don iniúchóir ar na sonraí ábhartha ar fad is gá chun an t-iniúchadh a dhéanamh i gceart. Ba cheart do na hiniúchóirí a bheith in ann úsáid a bhaint freisin as foinsí eile faisnéise oibiachtúla, lena n-áirítear staidéir de chuid ***taighdeoirí*** atá grinnfhiosraithe ***ag údaráis inniúla***. Ba cheart do na hiniúchóirí |

| | |
|---|---|
| sláine na faisnéise a ráthú, amhail rúin trádála, a fhaigheann siad agus a gcúraimí á gcur i gcrích acu agus ba cheart go mbeadh an saineolas riachtanach acu i réimse na bainistíochta riosca agus na hinniúlachta teicniúla chun iniúchadh a dhéanamh ar algartaim. Ba cheart do na hiniúchóirí a bheith neamhspleách, ionas go mbeidh siad in ann a gcúraimí a chomhlíonadh ar bhealach leordhóthanach agus iontaofa. Má bhíonn aon amhras faoina neamhspleáchas, ba cheart dóibh éirí as nó staonadh ón obair iniúchta. | rúndacht, slándáil agus sláine na faisnéise a ráthú, amhail rúin trádála, a fhaigheann siad agus a gcúraimí á gcur i gcrích acu agus ba cheart go mbeadh an saineolas riachtanach acu i réimse na bainistíochta riosca agus na hinniúlachta teicniúla chun iniúchadh a dhéanamh ar algartaim. Ba cheart do na hiniúchóirí a bheith neamhspleách, ionas go mbeidh siad in ann a gcúraimí a chomhlíonadh ar bhealach leordhóthanach agus iontaofa. Má bhíonn aon amhras faoina neamhspleáchas, ba cheart dóibh éirí as nó staonadh ón obair iniúchta. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 61**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (61) Ba cheart go mbeadh bunús leis an tuarascáil iniúchóireachta, ionas go mbeidh cuntas bríoch ar na gníomhaíochtaí a dtugtar fúthu agus na conclúidí a shroichtear. Ba cheart go gcabhródh sé le heolas a thabhairt, agus i gcás inarb iomchuí feabhsúcháin a mholadh ar na bearta arna nglacadh ag an ardán an-mhór ar líne chun a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh. Ba cheart an tuarascáil a tharchur chuig an gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha bunaíochta agus chuig an mBord gan mhoill, mar aon leis an measúnú riosca agus na bearta maolaithe, chomh maith le pleananna an ardáin chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí a rinneadh san iniúchadh. Ba cheart tuairim iniúchóireachta a bheidh bunaithe ar na conclúidí a tháinig ón bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas a áireamh sa tuarascáil. Ba cheart tuairim dhearfach a thabhairt i gcás ina léiríonn an fhianaise ar fad go gcloíonn an t-ardán an-mhór ar líne leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo nó, i gcás inarb infheidhme, | (61) Ba cheart go mbeadh bunús leis an tuarascáil iniúchóireachta ***agus go mbeadh sí neamhspleách***, ionas go mbeidh cuntas bríoch ar na gníomhaíochtaí a dtugtar fúthu agus na conclúidí a shroichtear. Ba cheart go gcabhródh sé le heolas a thabhairt, agus i gcás inarb iomchuí feabhsúcháin a mholadh ar na bearta arna nglacadh ag an ardán an-mhór ar líne chun a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh. Ba cheart an tuarascáil a tharchur chuig an gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha agus chuig an mBord gan mhoill, mar aon leis an measúnú riosca agus na bearta maolaithe, chomh maith le pleananna an ardáin chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí a rinneadh san iniúchadh. Ba cheart tuairim iniúchóireachta a bheidh bunaithe ar na conclúidí a tháinig ón bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas a áireamh sa tuarascáil. Ba cheart tuairim dhearfach a thabhairt i gcás ina léiríonn an fhianaise ar fad go gcloíonn an t-ardán an-mhór ar líne leis na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo nó, i gcás inarb infheidhme, aon ghealltanais ar thug sé fúthu de bhun |

| | |
|---|---|
| aon ghealltanais ar thug sé fúthu de bhun cód iompair nó prótacal géarchéime, go háirithe trí na rioscaí sistéamacha a bhaineann lena chóras agus seirbhísí a shainaithint, a mheas agus a mhaolú. Ba cheart go mbeadh barúlacha ag gabháil le tuairim dhearfach i gcás inar mian leis an iniúchóir tuairimí a áireamh nach bhfuil tionchar substaintiúil acu ar thoradh an iniúchta. Ba cheart tuairim dhiúltach a thabhairt i gcás ina measann an t-iniúchóir nach gcloíonn an t-ardán an-mhór ar líne leis an Rialachán seo nó leis na gealltanais ar tugadh fúthu. | cód iompair nó prótacal géarchéime, go háirithe trí na rioscaí sistéamacha a bhaineann lena chóras agus seirbhísí a shainaithint, a mheas agus a mhaolú. Ba cheart go mbeadh barúlacha ag gabháil le tuairim dhearfach i gcás inar mian leis an iniúchóir tuairimí a áireamh nach bhfuil tionchar substaintiúil acu ar thoradh an iniúchta. Ba cheart tuairim dhiúltach a thabhairt i gcás ina measann an t-iniúchóir nach gcloíonn an t-ardán an-mhór ar líne leis an Rialachán seo nó leis na gealltanais ar tugadh fúthu. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 62**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (62) Croíchuid de ghnó ardáin an-mhór ar líne is ea an bealach ina gcuirtear faisnéis in ord tosaíochta agus i láthair ar a chomhéadan ar líne chun rochtain ar fhaisnéis a éascú agus a bharrfheabhsú i gcomhair fhaighteoirí na seirbhíse. Déantar é sin, mar shampla, trí fhaisnéis a mholadh, a rangú agus a chur in ord tosaíochta go halgartamach, ag dealú trí théacs nó léirithe amhairc eile, nó ag coimeád ar shlí eile faisnéis arna soláthar ag faighteoirí. Is féidir le córais mholtóra den sórt sin tionchar ***suntasach*** a imirt ar chumas na bhfaighteoirí faisnéis ar líne a aisghabháil agus idirghníomhú léi. Tá ról tábhachtach acu freisin maidir le teachtaireachtaí áirithe a mhéadú, faisnéis a mhearscaipeadh go fíorúil agus iompar ar líne a spreagadh. Dá dheasca sin, ba cheart go n-áiritheodh ardáin an-mhór ar líne atá go gcuirtear faighteoirí ar an eolas go hiomchuí, agus gur féidir leo tionchar a imirt ar an bhfaisnéis a chuirtear os a gcomhair. Ba cheart dóibh na príomh-pharaiméadair do chórais mholtóra den sórt sin a chur i láthair go soiléir ar bhealach intuigthe lena | (62) Croíchuid de ghnó ardáin an-mhór ar líne is ea an bealach ina gcuirtear faisnéis in ord tosaíochta agus i láthair ar a chomhéadan ar líne chun rochtain ar fhaisnéis a éascú agus a bharrfheabhsú i gcomhair fhaighteoirí na seirbhíse. Déantar é sin, mar shampla, trí fhaisnéis a mholadh, a rangú agus a chur in ord tosaíochta go halgartamach, ag dealú trí théacs nó léirithe amhairc eile, nó ag coimeád ar shlí eile faisnéis arna soláthar ag faighteoirí. Is féidir leis na córais mholtóra sin tionchar a imirt ar chumas na bhfaighteoirí faisnéis ar líne a aisghabháil agus idirghníomhú léi. Tá ról tábhachtach acu freisin maidir le teachtaireachtaí áirithe a mhéadú, faisnéis a mhearscaipeadh go fíorúil agus iompar ar líne a spreagadh. Dá dheasca sin, ba cheart go n-áiritheodh ardáin an-mhór ar líne go gcuirtear faighteoirí ar an eolas go hiomchuí, agus gur féidir leo tionchar a imirt ar an bhfaisnéis a chuirtear ina láthair. Ba cheart dóibh na príomh-pharaiméadair do na córais mholtóra sin a chur i láthair go soiléir ar bhealach intuigthe lena áirithiú go dtuigeann na |

| | |
|---|---|
| áirithiú go dtuigeann na faighteoirí an chaoi a gcuirtear faisnéis in ord tosaíochta dóibh. Ba cheart dóibh a áirithiú freisin go mbíonn teacht ag na faighteoirí ar roghanna malartacha le haghaidh na bpríomh-pharaiméadar, lena n-áirítear roghanna nach bhfuil bunaithe ar phróifíliú an fhaighteora. | faighteoirí an chaoi a gcuirtear faisnéis in ord tosaíochta dóibh. Ba cheart dóibh a áirithiú freisin go bhfuil teacht ag na faighteoirí ar roghanna malartacha le haghaidh na bpríomh-pharaiméadar, lena n-áirítear roghanna nach bhfuil bunaithe ar phróifíliú an fhaighteora. |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 62 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(62a) D'fhéadfadh go n-eascródh ón gcleachtas atá ag ardáin an-mhór ar líne fógraíocht a cheangal le hinneachar arna uaslódáil ag úsáideoirí, go gcuirfí luach airgid ar inneachar neamhdhleathach, nó inneachar a sháraíonn a dtéarmaí agus coinníollacha, agus go ndéanfaí é a chur chun cinn go hindíreach, lena bhféadfaí dochar suntasach a dhéanamh d'íomhá branda cheannaitheoirí an spáis fógraíochta. Chun an cleachtas sin a chosc, ba cheart d'ardáin an-mhór ar líne bearta a áirithiú, lena n-áirítear trí ráthaíochtaí caighdeánacha conarthacha do cheannaitheoirí an spáis fógraíochta go bhfuil an t-inneachar a bhfuil siad ceangailte leis dleathach agus go gcomhlíonann sé a théarmaí agus coinníollacha. Ina theannta sin, ba cheart go gcuirfeadh na hardáin an-mhór ar líne ar chumas fógróirí rochtain dhíreach a bheith acu ar thorthaí na n-iniúchtaí a dhéantar go neamhspleách agus meastóireacht a dhéanamh ar ghealltanais agus ar uirlisí na n-ardán lena ndéantar íomhá bhranda cheannaitheoirí an spáis fógraíochta a chosaint ('sábháilteacht bhranda').*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 63**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (63) Tá rioscaí ar leith ag baint leis na córais fógraíochta a úsáideann ardáin an-mhór ar líne agus teastaíonn maoirseacht bhreise phoiblí agus rialála uathu ***mar gheall ar a scála agus a gcumas chun díriú ar fhaighteoirí na seirbhíse agus iad a rochtain bunaithe ar a n-iompar laistigh de chomhéadan ar líne an ardáin sin agus lasmuigh de.*** Ba cheart d'ardáin an-mhór ar líne a áirithiú go mbeidh rochtain phoiblí ar stórais fógraí a thaispeántar ar a gcomhéadain ar líne chun maoirseacht agus taighde ar rioscaí atá ag teacht chun cinn mar gheall ar dháileadh fógraíochta ar líne a éascú, mar shampla i ndáil le fógraí neamhdhleathacha nó teicnící ionramhála agus bréagaisnéis le tionchar diúltach fíor agus intuartha ar an tsláinte phoiblí, ar an tslándáil phoiblí, an dioscúrsa sibhialta, rannpháirtíocht pholaitiúil agus comhionannas. Ba cheart ábhar na bhfógraí agus sonraí lena mbaineann faoin bhfógróir agus seachadadh na fógraíochta a áireamh, ***go háirithe i gcás fógraíocht spriocdhírithe.*** | (63) ***D'fhéadfadh*** rioscaí ar leith a bheith ag baint le córais fógraíochta a úsáideann ardáin mhóra ar líne agus d'fhéadfadh sé go mbeadh tuilleadh maoirseachta poiblí agus rialála de dhíth. Ba cheart d'ardáin an-mhór ar líne a áirithiú go mbeidh rochtain phoiblí ar stórais fógraí a thaispeántar ar a gcomhéadain ar líne chun maoirseacht agus taighde ar rioscaí atá ag teacht chun cinn mar gheall ar dháileadh fógraíochta ar líne a éascú, mar shampla i ndáil le fógraí neamhdhleathacha nó teicnící ionramhála agus bréagaisnéis le tionchar diúltach fíor agus intuartha ar an tsláinte phoiblí, ar an tslándáil phoiblí, an dioscúrsa sibhialta, rannpháirtíocht pholaitiúil agus comhionannas. Ba cheart inneachar na bhfógraí agus sonraí lena mbaineann faoin bhfógróir agus seachadadh na fógraíochta a áireamh. ***Ina theannta sin, ba cheart d'ardáin an-mhór ar líne aon fhiseán, comhad fuaime nó comhad físe ar eol dóibh gur domhainbhrionniú atá ann, a lipéadú.*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 64**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (64) Chun comhlíontacht ardáin an-mhór ar líne le hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a mhaoirsiú go hiomchuí, d'fhéadfadh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha bunaíochta nó an Coimisiún rochtain ar shonraí sonracha nó a dtuairisciú a éileamh. D'fhéadfaí a áireamh le ceanglas den sórt sin, mar shampla, na sonraí atá riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí agus na | (64) Chun comhlíontacht na n-ardán an-mhór ar líne le hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a mhaoirsiú go hiomchuí, d'fhéadfadh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha bunaíochta nó an Coimisiún rochtain ar shonraí sonracha nó a dtuairisciú a éileamh. D'fhéadfaí a áireamh leis an gceanglas sin, mar shampla, na sonraí atá riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí agus na |

| | |
|---|---|
| díobhálacha féideartha a tharlaíonn mar gheall ar chórais an ardáin, sonraí maidir le cruinneas, feidhmiú agus tástáil na gcóras algartamach i gcomhair modhnú ábhair, córais mholtóra nó córais fógraíochta nó sonraí maidir le próisis agus aschuir modhnú ábhair nó ar chórais inmheánacha um láimhseáil gearán de réir bhrí an Rialacháin seo. Tá tábhacht ar leith ag baint le hiniúchtaí a dhéanann taighdeoirí maidir le forbairt agus déine na rioscaí sistéamacha ar líne chun neamhshiméadrachtaí faisnéise a líonadh agus córas athléimneachta de mhaolú riosca a bhunú, buntaca a thabhairt d'ardáin ar líne, do Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, d'údaráis inniúla eile, don Choimisiún agus don phobal. Cuirtear creat ar fáil sa Rialachán seo, dá bhrí sin, i gcomhair rochtain fhíorláidir ar shonraí ó ardáin an-mhór ar líne a thabhairt do thaighdeoirí grinnfhiosraithe. Ba cheart do gach ceanglas maidir le rochtain ar shonraí faoin gcreat sin a bheith comhréireach agus ba cheart dóibh cearta agus leasanna dlisteanacha a chosaint go hiomchuí, lena n-áirítear rúin trádála agus faisnéis rúnda eile, an ardáin agus aon pháirtí eile lena mbaineann, lena n-áirítear faighteoirí na seirbhíse. | díobhálacha féideartha***, amhail inneachar neamhdhleathach a scaipeadh nó a mhéadú,*** a tharlaíonn mar gheall ar chórais an ardáin, sonraí maidir le cruinneas, feidhmiú agus tástáil na gcóras algartamach i gcomhair modhnóireacht inneachair, córais mholtóra nó córais fógraíochta nó sonraí maidir le próisis agus aschuir modhnóireachta inneachair nó ar chórais inmheánacha um láimhseáil gearán de réir bhrí an Rialacháin seo. Tá tábhacht ar leith ag baint le hiniúchtaí a dhéanann taighdeoirí maidir le forbairt agus déine na rioscaí sistéamacha ar líne chun neamhshiméadrachtaí faisnéise a líonadh agus córas athléimneachta de mhaolú riosca a bhunú, buntaca a thabhairt d'ardáin ar líne, do Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, d'údaráis inniúla eile, don Choimisiún agus don phobal. Dá bhrí sin, soláthraítear leis an Rialachán seo creat chun ***faisnéis a sholáthar nó*** chun rochtain láidir a thabhairt ar shonraí ó ardáin an-mhóra ar líne chuig taighdeoirí grinnfhiosraithe***, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo, i gcás inarb ábhartha maidir le tionscadal taighde.*** Ba cheart do gach iarraidh maidir le ***soláthar faisnéise nó*** rochtain ar shonraí faoin gcreat sin a bheith comhréireach agus ba cheart dóibh cearta agus leasanna dlisteanacha a chosaint go hiomchuí, lena n-áirítear rúin trádála agus faisnéis rúnda eile, an ardáin agus aon pháirtí eile lena mbaineann, lena n-áirítear faighteoirí na seirbhíse. |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 65 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(65a) D'fhéadfadh íosriachtanais idir-inoibritheachta d'ardáin an-mhór ar líne deiseanna nua a chruthú chun seirbhísí nuálacha a fhorbairt, éifeachtaí glasála*** |

| | |
|---|---|
| | ***na n-ardán atá ann cheana a theorannú de bharr éifeacht an ghréasáin agus, dá bhrí sin, d'fhéadfaidís iomaíocht agus rogha d'úsáideoirí a fheabhsú. Chun saor-rogha na bhfaighteoirí idir seirbhísí éagsúla a éascú, ba cheart idir-inoibritheacht a mheas le haghaidh gnéithe tionscal-chaighdeánacha atá ag ardáin an-mhór ar líne. D'fhéadfadh an idir-inoibritheacht sin a chur ar chumas faighteoirí seirbhís a roghnú bunaithe ar fheidhmiúlacht agus ar ghnéithe na seirbhíse sin.*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 67**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (67) Ba cheart go spreagfadh an Coimisiún agus an Bord tarraingt suas cód iompair chun rannchuidiú le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Cé gur cheart go mbeadh cur chun feidhme na gcód iompair intomhaiste agus faoi réir formhaoirseachta poiblí, níor cheart go gcuirfeadh sé sin bac ar chineál deonach na gcód sin agus ar shaoirse páirtithe leasmhara chun cinneadh a dhéanamh maidir le bheith rannpháirteach. In imthosca áirithe, tá sé tábhachtach go ngabhfadh ardáin an-mhór ar líne i gcomhar chun cóid iompair shonracha a tharraingt suas agus cloí leo. Ní choisceann aon ní sa Rialachán seo soláthraithe seirbhíse eile cloí leis na caighdeáin chéanna um dhícheall cuí, glacadh leis na cleachtais is fearr agus tairbhe a bhaint as an treoraíocht arna cur ar fáil ag an gCoimisiún agus ag an mBord, trí bheith rannpháirteach sna cóid iompair chéanna. | (67) Ba cheart go spreagfadh an Coimisiún agus an Bord tarraingt suas cód iompair chun rannchuidiú le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo***, chomh maith le comhlíontacht na n-ardán ar líne le forálacha na gcód sin***. Cé gur cheart go mbeadh cur chun feidhme na gcód iompair intomhaiste agus faoi réir formhaoirseacht phoiblí, níor cheart go gcuirfeadh sé sin bac ar chineál deonach na gcód sin agus ar shaoirse páirtithe leasmhara chun cinneadh a dhéanamh maidir le bheith rannpháirteach. In imthosca áirithe, tá sé tábhachtach go ngabhfadh ardáin an-mhór ar líne i gcomhar chun cóid iompair shonracha a tharraingt suas agus cloí leo. Ní choisceann aon ní sa Rialachán seo soláthraithe seirbhíse eile cloí leis na caighdeáin chéanna um dhícheall cuí, glacadh leis na cleachtais is fearr agus tairbhe a bhaint as an treoraíocht arna cur ar fáil ag an gCoimisiún agus ag an mBord, trí bheith rannpháirteach sna cóid iompair chéanna. |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 68**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (68) Tá sé iomchuí go sainaithneofaí sa Rialachán seo réimsí áirithe breithniúcháin do chóid iompair den chineál sin. Go háirithe, ba cheart bearta um maolú riosca a bhaineann le cineálacha éagsúla ábhar neamhdhleathach a fhiosrú trí chomhaontaithe féinrialála agus comhrialála. Réimse eile le breithniú is ea tionchar diúltach na rioscaí sistéamacha ar an tsochaí agus ar an daonlathas, amhail bréagaisnéis nó gníomhaíochta ionramhála agus mí-úsáideacha. Áirítear anseo oibríochtaí comhordaithe dírithe ar fhaisnéis a mhéadú, lena n-áirítear bréagaisnéis, amhail úsáid as róbait nó cuntais bhréige chun faisnéis bhréige nó mhíthreorach a chruthú, uaireanta chun críche gnóthachtáil eacnamaíoch a bhaint amach, atá díobhálach go háirithe d'fhaighteoirí leochaileacha na seirbhíse, amhail leanaí. Maidir le réimsí den sórt sin, d'fhéadfaí a mheas gur beart maolaithe riosca iomchuí is ea comhlíonadh agus comhlíontacht na n-ardán an-mhór ar líne le cód iompair ar leith. D'fhéadfaí an diúltú gan mínithe cuí a dhéanann ardán ar líne ar chuireadh an Choimisiúin chun páirt a ghlacadh i gcur i bhfeidhm cód iompair den sórt sin a thabhairt san áireamh, i gcás inarb ábhartha, nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh faoi cibé ar sháraigh an t-ardán ar líne na hoibleagáidí a leagtar síos leis an Rialachán seo. | (68) Tá sé iomchuí go sainaithneofaí sa Rialachán seo réimsí áirithe breithniúcháin do na cóid iompair sin. Go háirithe, ba cheart bearta um maolú riosca a bhaineann le cineálacha éagsúla inneachair neamhdhleathaigh a fhiosrú trí chomhaontuithe féinrialála agus comhrialála. Réimse eile le breithniú is ea tionchar diúltach na rioscaí sistéamacha ar an tsochaí agus ar an daonlathas, amhail bréagaisnéis***, inneachar neamhdhleathach*** nó gníomhaíochta ionramhála agus mí-úsáideacha. Áirítear anseo oibríochtaí comhordaithe dírithe ar fhaisnéis a mhéadú, lena n-áirítear bréagaisnéis, amhail úsáid as róbait nó cuntais bhréige chun faisnéis bhréige nó mhíthreorach a chruthú, uaireanta chun gnóthachtáil eacnamaíoch a bhaint amach, atá díobhálach go háirithe d'fhaighteoirí leochaileacha na seirbhíse, amhail leanaí. Maidir leis na réimsí sin, d'fhéadfaí a mheas gur beart maolaithe riosca iomchuí is ea comhlíonadh agus comhlíontacht na n-ardán an-mhór ar líne le cód iompair ar leith. D'fhéadfaí an diúltú gan mínithe cuí a dhéanann ardán ar líne ar chuireadh an Choimisiúin chun páirt a ghlacadh i gcur i bhfeidhm an chóid iompair sin a chur i gcuntas, i gcás inarb ábhartha, nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh faoi cibé ar sháraigh an t-ardán ar líne na hoibleagáidí a leagtar síos leis an Rialachán seo. |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 69**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| (69) D’fhéadfadh na rialacha maidir le cóid iompair faoin Rialachán seo a bheith mar bhunús le haghaidh iarrachtaí féinrialála atá bunaithe cheana féin ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear an Gealltanas um Shábháilteacht Táirge, an Meabhrán Tuisceana in aghaidh earraí góchumtha, an Cód Iompair in aghaidh fuathchaint neamhdhleathach ***chomh maith leis an gCód cleachtais maidir le bréagaisnéis*****.** ***Go háirithe i gcás an chinn dheiridh, eiseoidh an Coimisiún treoraíocht chun an Cód cleachtais maidir le bréagaisnéis a neartú mar a fógraíodh é sa Phlean Gníomhaíochta um Dhaonlathas Eorpach.*** | (69) D’fhéadfadh na rialacha maidir le cóid iompair faoin Rialachán seo a bheith mar bhunús le haghaidh iarrachtaí féinrialála atá bunaithe cheana féin ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear an Gealltanas um Shábháilteacht Táirge, an Meabhrán Tuisceana in aghaidh earraí góchumtha, an Cód Iompair in aghaidh fuathchaint neamhdhleathach. |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 70**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (70) Go ginearálta, baineann soláthar fógraíochta ar líne le roinnt gníomhairí, lena n-áirítear seirbhísí idirghabhála a nascann foilsitheoirí fógraíochta le fógróirí. Ba cheart go dtacódh agus go gcomhlánódh cóid iompair na hoibleagáidí trédhearcachta a bhaineann le fógraíocht d’ardáin ar líne agus d’ardáin an-mhór ar líne a leagtar amach sa Rialachán seo d’fhonn foráil a dhéanamh maidir le sásraí solúbtha agus éifeachtacha chun an comhlíontacht leis na hoibleagáidí sin a éascú agus a bhreisiú, ***go suntasach mar a bhaineann sé le coinníollacha tharchur na faisnéise ábhartha.*** Ba cheart go n-áiritheofaí le rannpháirtíocht réimse leathan páirtithe leasmhara go dtacaítear go forleathan leis na cóid iompair sin, go bhfuil siad fónta go teicniúil, éifeachtach agus go dtairgeann siad na leibhéil is airde fusacht úsáide lena áirithiú go mbaineann na hoibleagáidí trédhearcachta a gcuspóirí amach. | (70) Go ginearálta, baineann soláthar fógraíochta ar líne le roinnt gníomhairí, lena n-áirítear seirbhísí idirghabhála a nascann foilsitheoirí fógraíochta le fógróirí. Ba cheart go dtacódh agus go gcomhlánódh cóid iompair na hoibleagáidí trédhearcachta a bhaineann le fógraíocht d’ardáin ar líne agus d’ardáin an-mhór ar líne a leagtar amach sa Rialachán seo chun foráil a dhéanamh maidir le sásraí solúbtha agus éifeachtacha chun an comhlíontacht leis na hoibleagáidí sin a éascú agus a bhreisiú. Ba cheart go n-áiritheofaí le rannpháirtíocht réimse leathan geallsealbhóirí go dtacaítear go forleathan leis na cóid iompair sin, go bhfuil siad fónta go teicniúil, éifeachtach agus go dtairgeann siad na leibhéil is airde fusacht úsáide lena áirithiú go mbaineann na hoibleagáidí trédhearcachta a gcuspóirí amach. |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 76**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (76) In éagmais ceanglas ginearálta do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha chun láithreacht fhisiceach a áirithiú laistigh de chríoch Ballstáit amháin, is gá soiléireacht a áirithiú maidir leis an dlínse Ballstáit ina bhfuil na soláthraithe sin chun críocha na rialacha arna leagan síos ag údaráis náisiúnta inniúla i gCaibidlí III agus IV a fhorfheidhmiú. Ba cheart do sholáthraí a bheith faoi dhlínse an Bhallstáit ina bhfuil a phríomhbhunaíocht suite, is é sin, san áit ina bhfuil a cheannoifig nó a oifig chláraithe ag an soláthraí ina bhfeidhmítear na príomhfheidhmeanna airgeadais agus an rialú oibríochtúil laistigh de. I dtaca le soláthraithe nach bhfuil bunaíocht acu san Aontas ach a thairgeann seirbhísí san Aontas agus dá bhrí sin a thagann faoi réim raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart dlínse a bheith ag an mBallstát inar cheap na soláthraithe sin a n-ionadaí dlí, ag tabhairt feidhm ionadaithe dlí faoin Rialachán seo san áireamh. Ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo, ba cheart dlínse a bheith ag gach Ballstát, áfach, i leith soláthraithe ar mhainnigh orthu ionadaí dlí a ainmniú, ar choinníoll go bhfuil urraim don phrionsabal ne bis in idem. Chuige sin, ba cheart do gach Ballstát a fheidhmíonn dlínse i leith soláthraithe den sórt sin, gan moill mhíchuí, gach Ballstát eile a chur ar an eolas faoi na bearta a rinne siad i bhfeidhmiú na dlínse sin. | (76) In éagmais ceanglas ginearálta do sholáthraithe seirbhísí idirghabhála chun láithreacht fhisiceach a áirithiú laistigh de chríoch Ballstáit amháin, is gá soiléireacht a áirithiú maidir leis an dlínse Ballstáit ina bhfuil na soláthraithe sin chun na rialacha arna leagan síos ag údaráis náisiúnta inniúla i gCaibidlí III agus IV ***agus Airteagail 8 agus 9*** a fhorfheidhmiú. Ba cheart do sholáthraí a bheith faoi dhlínse an Bhallstáit ina bhfuil a phríomhbhunaíocht suite, is é sin, san áit ina bhfuil a cheannoifig nó a oifig chláraithe ag an soláthraí ina bhfeidhmítear na príomhfheidhmeanna airgeadais agus an rialú oibríochtúil. I dtaca le soláthraithe nach bhfuil bunaíocht acu san Aontas ach a thairgeann seirbhísí san Aontas agus dá bhrí sin a thagann faoi réim raon feidhme an Rialacháin seo, ba cheart dlínse a bheith ag an mBallstát inar cheap na soláthraithe sin a n-ionadaí dlí, le haird ar fheidhm ionadaithe dlí faoin Rialachán seo. Ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach an Rialacháin seo, ba cheart dlínse a bheith ag gach Ballstát, áfach, i leith soláthraithe ar mhainnigh orthu ionadaí dlí a ainmniú, ar choinníoll go ndéantar an prionsabal *ne bis in idem* a urramú. Chuige sin, ba cheart do gach Ballstát a fheidhmíonn dlínse i leith na soláthraithe sin, gan moill mhíchuí, gach Ballstát eile a chur ar an eolas faoi na bearta a rinne siad i bhfeidhmiú na dlínse sin. |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 77**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (77) Ba cheart do na Ballstáit cumhachtaí leordhóthanacha agus bealaí chun imscrúdú agus forfheidhmiú éifeachtach a áirithiú a thabhairt don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha, agus ar aon údarás inniúil eile arna ainmniú faoin Rialachán seo. Ba cheart do Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha a bheith in ann go háirithe faisnéis a chuardach agus a fháil atá lonnaithe ina gcríocha, lena n-áirítear i gcomhthéacs imscrúduithe comhpháirteacha, agus aird chuí ar gur cheart don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha sa Bhallstát eile sin bearta formhaoirseachta agus forfheidhmithe a bhaineann le soláthraí faoi dhlínse Ballstáit eile a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha i gcomhréir leis na nósanna imeachta a bhaineann le comhar trasteorann. | (77) Ba cheart do na Ballstáit cumhachtaí leordhóthanacha agus bealaí chun imscrúdú agus forfheidhmiú éifeachtach a áirithiú a thabhairt don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha, agus ar aon údarás inniúil eile arna ainmniú faoin Rialachán seo. Ba cheart do Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha a bheith in ann go háirithe faisnéis a chuardach agus a fháil atá lonnaithe ina gcríocha, lena n-áirítear i gcomhthéacs imscrúduithe comhpháirteacha, agus aird chuí ar gur cheart don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha sa Bhallstát eile sin bearta formhaoirseachta agus forfheidhmithe a bhaineann le soláthraí faoi dhlínse Ballstáit eile a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha i gcomhréir leis na nósanna imeachta a bhaineann le comhar trasteorann. ***Ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh freisin ar oiliúint speisialaithe, i gcomhar le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, a chur ar fáil d'údaráis náisiúnta ábhartha, go háirithe údaráis riaracháin, atá freagrach as orduithe a eisiúint chun gníomhú i gcoinne inneachar neamhdhleathach agus faisnéis a sholáthar.*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 78**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (78) Ba cheart do na Ballstáit na coinníollacha agus na teorainneacha mionsonraithe i gcomhair feidhmiú cumhachtaí imscrúdaithe agus forfheidhmithe a gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, agus údaráis inniúla eile i gcás inarb ábhartha, faoin Rialachán | (78) Ba cheart do na Ballstáit na coinníollacha agus na teorainneacha mionsonraithe i gcomhair feidhmiú cumhachtaí imscrúdaithe agus forfheidhmithe a gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, agus údaráis inniúla eile i gcás inarb ábhartha, faoin Rialachán |

| | |
|---|---|
| seo, a leagan amach ina ndlí náisiúnta, i gcomhréir le dlí an Aontais agus go háirithe an Rialachán agus an Chairt seo. | seo, a leagan amach ina ndlí náisiúnta, i gcomhréir le dlí an Aontais agus go háirithe faoin Rialachán seo. ***Chun comhleanúnachas a áirithiú idir na Ballstáit, ba cheart don Choimisiún treoir a ghlacadh maidir leis na nósanna imeachta agus na rialacha a bhaineann le cumhachtaí na gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha.*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 91**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (91) Ba cheart don Bhord ionadaithe na gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha agus údaráis inniúla eile féideartha a thabhairt le chéile faoi chathaoirleacht an Choimisiúin, d’fhonn measúnú a áirithiú ar ábhair arna sheoladh isteach chuige i ngné iomlán Eorpach. I bhfianaise gnéithe cothrománacha féideartha a bhféadfadh ábharthacht a bheith leo i gcomhair creataí rialála eile ar leibhéal an Aontais, ba cheart deis a thabhairt don Bhord dul i gcomhar le comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí agus grúpaí comhairleacha eile de chuid an Aontais a bhfuil freagracht orthu i réimsí amhail comhionannas, lena n-áirítear comhionannas idir mná agus fir, agus neamh-idirdhealú, cosaint sonraí, cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc, calaoisí in aghaidh bhuiséad an Aontais a bhrath agus a imscrúdú a mhéid a bhaineann le dleachtanna custaim, nó cosaint tomhaltóirí, de réir mar is gá chun a chúraimí a fheidhmiú. | (91) Ba cheart don Bhord ionadaithe na gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha agus údaráis inniúla eile féideartha a thabhairt le chéile faoi chathaoirleacht an Choimisiúin, d’fhonn measúnú a áirithiú ar ábhair arna seoladh isteach chuige i ngné iomlán Eorpach. I bhfianaise gnéithe cothrománacha féideartha a bhféadfadh ábharthacht a bheith leo i gcomhair creataí rialála eile ar leibhéal an Aontais, ba cheart deis a thabhairt don Bhord dul i gcomhar le comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí agus grúpaí comhairleacha eile de chuid an Aontais a bhfuil freagracht orthu i réimsí amhail comhionannas, lena n-áirítear comhionannas idir mná agus fir, agus neamh-idirdhealú, cosaint sonraí, ***urraim do mhaoin intleachtúil, iomaíocht,*** cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc, calaoisí in aghaidh bhuiséad an Aontais a bhrath agus a imscrúdú a mhéid a bhaineann le dleachtanna custaim, nó cosaint tomhaltóirí, de réir mar is gá chun a chúraimí a fheidhmiú. |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 97 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(97a) Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go bhfuil sé neamhspleách agus neamhchlaonta ina chinnteoireacht maidir le Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha agus soláthraithe seirbhísí araon faoin Rialachán seo.*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 99**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (99) Go háirithe, ba cheart go mbeadh rochtain ag an gCoimisiún ar aon doiciméid, sonraí agus faisnéis ábhartha is gá chun iniúchtaí a oscailt agus a reáchtáil agus chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht leis na hoibleagáidí ábhartha a leagtar síos sa Rialachán seo, gan beann ar cén duine a bhfuil na doiciméid ina sheilbh, na sonraí nó an fhaisnéis atá i gceist, agus gan beann ar a bhfoirm nó a bhformáid, an bealach a stóráiltear iad, nó an áit bheacht ina stóráiltear iad. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann éileamh a dhéanamh go díreach go soláthraíonn an t-ardán an-mhór ar líne lena mbaineann nó tríú páirtithe ábhartha, nó daoine aonair, aon fhianaise, sonraí agus faisnéis ábhartha. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann aon fhaisnéis ábhartha a iarraidh ó aon údarás, comhlacht nó gníomhaireacht phoiblí laistigh den Bhallstát, nó ó aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach chun críche an Rialacháin seo. Ba cheart an Coimisiún a chumhachtú chun rochtain ar bhunachair shonraí agus algartaim na ndaoine ábhartha, agus mínithe a bhaineann leo a éileamh, agus chun agallamh a dhéanamh, lena dtoiliú, ar aon duine a bhféadfadh seilbh a bheith acu ar fhaisnéis úsáideach agus chun na ráitis a dhéantar a thaifeadadh. Ba cheart an | (99) Go háirithe, ba cheart go mbeadh rochtain ag an gCoimisiún ar aon doiciméid, sonraí agus faisnéis ábhartha is gá chun iniúchtaí a oscailt agus a reáchtáil agus chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht leis na hoibleagáidí ábhartha a leagtar síos sa Rialachán seo, ***i gcás inar féidir leis a léiriú go bhfuil forais ann lena chreidiúint go bhfuil ardán an-mhór ar líne nach bhfuil ag comhlíonadh an Rialacháin seo,*** gan beann ar cén duine a bhfuil na doiciméid ina sheilbh, na sonraí nó an fhaisnéis atá i gceist, agus gan beann ar a bhfoirm nó a bhformáid, an bealach a stóráiltear iad, nó an áit bheacht ina stóráiltear iad. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann éileamh a dhéanamh go díreach go soláthraíonn an t-ardán an-mhór ar líne lena mbaineann nó tríú páirtithe ábhartha, nó daoine aonair, aon fhianaise, sonraí agus faisnéis ábhartha ***a bhaineann leis na cúiseanna imní sin***. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann aon fhaisnéis ábhartha a iarraidh ó aon údarás, comhlacht nó gníomhaireacht phoiblí laistigh den Bhallstát, nó ó aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach chun críche an Rialacháin seo. Ba cheart an Coimisiún a chumhachtú chun rochtain ar bhunachair sonraí agus algartaim na ndaoine ábhartha, agus mínithe a bhaineann leo a éileamh, agus |

| | |
|---|---|
| Coimisiún a chumhachtú freisin chun tabhairt faoi imscrúduithe den sórt sin de réir mar is gá chun na forálacha ábhartha den Rialachán seo a fhorfheidhmiú. Tá sé mar aidhm ag na cumhachtaí imscrúdaitheacha sin a bheith comhlántach leis an bhféidearthacht don Choimisiún cúnamh a iarraidh ar Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha agus údaráis Bhallstáit eile, mar shampla trí fhaisnéis a sholáthar nó i bhfeidhmiú na gcumhachtaí sin | chun agallamh a dhéanamh, lena dtoiliú, ar aon duine a bhféadfadh seilbh a bheith acu ar fhaisnéis úsáideach agus chun na ráitis a dhéantar a thaifeadadh. Ba cheart an Coimisiún a chumhachtú freisin chun tabhairt faoi na himscrúduithe sin de réir mar is gá chun na forálacha ábhartha den Rialachán seo a fhorfheidhmiú. Tá sé mar aidhm ag na cumhachtaí imscrúdaitheacha sin a bheith comhlántach leis an bhféidearthacht don Choimisiún cúnamh a iarraidh ar Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha agus údaráis Bhallstáit eile, mar shampla trí fhaisnéis a sholáthar nó i bhfeidhmiú na gcumhachtaí sin |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 106 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(106a) Chun an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus iolrachas na meán ar líne a chur chun cinn, ní mór tábhacht an inneachair eagarthóireachta agus na seirbhísí eagarthóireachta a aithint, lena gceanglaítear ar sholáthraithe seirbhíse idirghabhála staonadh ó rochtain uirthi a bhaint, a fhionraí nó a dhíchumasú. Dá bhrí sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhíse idirghabhála a bheith díolmhaithe ó dhliteanas as inneachar eagarthóireachta agus as seirbhísí eagarthóireachta. Ba cheart do sholáthraithe seirbhíse idirghabhála sásraí a chur ar bun chun cur i bhfeidhm praiticiúil a éascú, mar shampla, ar inneachar eagarthóireachta dleathach agus seirbhísí dleathacha a mharcáil ag soláthraithe inneachair. Ba cheart don Bhallstát ina bhfuil an soláthraí bunaithe soláthraithe inneachair eagarthóireachta agus seirbhísí eagarthóireachta a shainaithint. Ba cheart a thuiscint go ndéanann na soláthraithe sin gníomhaíocht eacnamaíoch de réir bhrí*** |

*Airteagal 56 agus Airteagal 57 CFAE.*

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leagtar síos sa Rialachán seo rialacha comhchuibhithe maidir le soláthar seirbhísí idirghabhálacha sa mhargadh aonair. Bunaítear leis, go háirithe: | 1. Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha comhchuibhithe maidir le seirbhísí idirghabhála a sholáthar ***chun feidhmiú*** an mhargaidh inmheánaigh ***a fheabhsú agus***, ***ag an am céanna, na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a áirithiú, go háirithe an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil i sochaí oscailte dhaonlathach***. Bunaítear leis, go háirithe: |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) rialacha aonfhoirmeacha a leagan amach i gcomhair timpeallacht shábháilte, intuartha agus iontaofa ar líne i gcás ina dtugtar cosaint go héifeachtach do chearta bunúsacha a chumhdaítear sa Chairt. | (b) rialacha aonfhoirmeacha***, comhréireach, comhchuibhithe*** a leagan amach i gcomhair timpeallacht shábháilte, intuartha***, inrochtana*** agus iontaofa ar líne i gcás ina dtugtar cosaint go héifeachtach do chearta bunúsacha a chumhdaítear sa Chairt. |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) nuálaíochtaí a éascú, tacú leis an aistriú digiteach, fás eacnamaíoch a spreagadh agus cothrom iomaíochta a*** |

***chruthú do sheirbhísí digiteacha laistigh den mhargadh inmheánach;***

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 2 – pointe b b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bb) tomhaltóirí a bhaineann úsáid as seirbhísí a thagann faoin Rialachán seo a chosaint.*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le seirbhísí teachtaireachtaí meandracha a úsáidtear chun críocha eile seachas críocha príobháideacha nó neamhthráchtála.*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 5 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) Treoir 2010/13/CE; | (b) Treoir 2010/13/CE ***arna leasú le Treoir 2018/1808/AE***; |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 5 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) Dlí an Aontais maidir le cóipcheart | (c) Dlí an Aontais maidir le cóipcheart |

| | |
|---|---|
| agus cearta gaolmhara; | agus cearta gaolmhara***, go háirithe Treoir (AE) 2019/790***; |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 5 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) Dlí an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí agus sábháilteacht táirgí, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2017/2394; | (h) Dlí an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí agus sábháilteacht táirgí, lena n-áirítear Rialachán (AE)2017/2394, ***Rialachán (AE) 2019/1020 agus Rialachán XXX (An Rialachán maidir le Sábháilteacht Táirtí);*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 5 – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) Treoir (AE) 2019/882;*** |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 5 – pointe i b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ib) Treoir 2006/123/CE.*** |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Déanfaidh an Coimisiún, faoi ... [laistigh de bhliain amháin ó ghlacadh an Rialacháin seo], treoirlínte a fhoilsiú*** |

| | |
|---|---|
| | ***maidir leis an ngaol idir an Rialachán seo agus na gníomhartha reachtacha a liostaítear i mír 5. Soiléireoidh na treoirlínte sin aon choinbhleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir na coinníollacha agus na hoibleagáidí a liostaítear sna gníomhartha reachtacha sin agus cén gníomh ag a bhfuil an tosaíocht i gcás ina gcomhlíonann gníomhaíochtaí, i gcomhréir leis an Rialachán seo, oibleagáidí gnímh reachtaigh eile agus cén t-údarás rialála atá inniúil.*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 1a*** |
| | ***Forálacha conarthacha*** |
| | ***Aon fhorálacha conarthacha idir soláthraí seirbhíse idirghabhála agus trádálaí, úsáideoir gnó, nó faighteoir a sheirbhíse, ar forálacha iad atá contrártha don Rialachán seo, beidh siad neamh-infheidhmithe.*** |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) ciallaíonn 'úsáideoir deiridh gníomhach' duine aonair a bhfuil rochtain rathúil aige ar chomhéadan ar líne agus a bhfuil idirghníomhaíocht shuntasach aige leis, lena tháirge nó lena sheirbhís;*** |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ciallaíonn 'tomhaltóir' aon duine nádúrtha atá ag gníomhú chun críocha atá lasmuigh de thrádáil, gnó nó gairm an duine sin; | (c) ciallaíonn 'tomhaltóir' aon duine nádúrtha atá ag gníomhú chun críocha atá lasmuigh de thrádáil, gnó***, ceird*** nó gairm an duine sin; |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) ciallaíonn 'trádálaí' aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach, gan beann ar cibé an bhfuil siad faoi úinéireacht phríobháideach nó phoiblí, atá ag feidhmiú, lena n-áirítear trí aon duine atá ag gníomhú ina ainm nó thar a cheann, chun críocha a bhaineann lena thrádáil, ghnólacht, cheird nó ghairm; | (e) ciallaíonn 'trádálaí' aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach, gan beann ar cibé an bhfuil siad faoi úinéireacht phríobháideach nó phoiblí, atá ag feidhmiú, lena n-áirítear trí aon duine ***atá ag margú táirgí agus/nó seirbhísí*** ina ainm nó thar a cheann, chun críocha a bhaineann lena thrádáil, ghnólacht, cheird nó ghairm***, nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach a thairgeann earraí, inneachar digiteach nó seirbhísí ar scála tráchtála;*** |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe f – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) ciallaíonn 'seirbhís idirghabhálach' ceann de na seirbhísí seo a leanas: | (f) ciallaíonn 'seirbhís idirghabhála' ceann de na seirbhísí ***sochaí faisnéise*** seo a leanas: |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe f – fleasc 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – seirbhís 'óstála' ina gcuimsítear stóráil faisnéise arna soláthar ag faighteoir na seirbhíse, agus arna iarraidh ag an bhfaighteoir sin; | – seirbhís 'óstála' arb é atá inti faisnéis a stóráil arna soláthar ag faighteoir de chuid na seirbhíse, agus arna iarraidh sin d'fhaighteoir de chuid na seirbhíse***, agus gan ról gníomhach aici sa phróiseáil sonraí***; |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe f – fleasc 4 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***– ardán ar líne de réir bhrí phointe (h);*** |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe f – fleasc 5 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***– inneall cuardaigh ar líne mar a shainmhínítear é i bpointe (5) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 2019/1150;*** |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) ciallaíonn "seirbhísí ardáin beoshruthaithe" seirbhísí sochaí faisnéise arb é a bpríomhchuspóir nó ceann dá bpríomhchuspóirí rochtain a thabhairt don phobal ar chlosábhar nó ábhar físe a chraolann a úsáideoirí beo, ar seirbhís í a eagraíonn sí agus a chuireann sí chun*** |

***cinn chun brabús a dhéanamh;***

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) ciallaíonn 'ábhar neamhdhleathach' aon fhaisnéis nach bhfuil as féin ná trína thagairt do ghníomhaíocht, lena n-áirítear ***díolachán táirgí nó soláthar seirbhísí*** i gcomhréir le dlí an Aontais nó dlí Bhallstáit, gan beann ar ábhar beacht nó cineál an dlí sin; | (g) ciallaíonn 'inneachar neamhdhleathach' aon fhaisnéis, aisti féin, nó mar go dtagraíonn sí d'***inneachar, táirgí, seirbhísí nó*** gníomhaíocht neamhdhleathach, lena n-áirítear ***calaois airgeadais*** nach bhfuil i gcomhréir le dlí an Aontais nó dlí Ballstáit, nó leis ***an gcreat coiriúil, riaracháin nó dlí shibhialta,*** gan beann ar ábhar beacht nó cineál an dlí sin; |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) ciallaíonn 'ardán ar líne' soláthraí seirbhís óstála a stórálann agus a scaipeann ar an bpobal, ***ar iarraidh ó fhaighteoir na seirbhíse***, faisnéis, murar mionghné agus gné choimhdeach amháin de sheirbhís eile atá sa ghníomhaíocht sin agus, ar chúiseanna teicniúla agus oibiachtúla, nach féidir é a úsáid gan an phríomhsheirbhís ***eile*** sin, agus nach bealach é comhtháthú na gné sin i seirbhís ***eile*** le dul timpeall ar infheidhmeacht an Rialacháin seo. | (h) ciallaíonn 'ardán ar líne' soláthraí seirbhíse óstála a dheanann faisnéis a stóráil agus a scaipeadh ar an bpobal ***agus a dhéanann a hinneachar a bharrfheabhsú***, mura mionghné agus gné choimhdeach dáiríre den ***tseirbhís nó d'fheidhmiúlacht na príomh***sheirbhíse atá sa ghníomhaíocht sin agus, ar chúiseanna oibiachtúla agus teicniúla, nach féidir í a úsáid gan an ***phríomh***sheirbhís sin, agus nach bhfuil comhtháthú na gné ***nó na feidhmiúlachta*** sin sa tseirbhís eile ina bealach timpeall ar infheidhmeacht an Rialacháin seo. |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ha) ciallaíonn 'margadh ar líne' seirbhís ina n-úsáidtear bogearraí, lena n-áirítear suíomh gréasáin nó feidhmchlár atá á oibriú ag trádálaí nó thar a cheann chun gur féidir le tomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích le trádálaithe nó le tomhaltóirí eile.*** |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe h b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(hb) ciallaíonn 'ardán eagarthóireachta' seirbhís idirghabhála a bhfuil baint aige le foilseachán preasa de réir bhrí Airteagal 2(4) de Threoir (AE) 2019/790 nó le seirbhís meán eagarthóireachta eile agus lenar féidir le húsáideoirí topaicí a chumhdaítear go ginearálta leis na meáin ábhartha a phlé nó trácht a dhéanamh ar inneachar eagarthóireachta agus atá faoi mhaoirseacht fhoireann eagarthóireachta an fhoilseacháin nó meáin eagarthóireachta eile;*** |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe h c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(hc) ciallaíonn 'seirbhís líonraithe shóisialta ar líne' ardán a chuireann ar chumas úsáideoirí deiridh nascadh, comhroinnt, fionnachtain agus cumarsáid a dhéanamh le chéile thar ghléasanna iomadúla agus, go sonrach, trí chomhráite, postálacha, físeáin agus moltaí;*** |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ciallaíonn 'scaipeadh ar an bpobal' faisnéis a chur ar fáil go poiblí, arna iarraidh ag faighteoir na seirbhíse a sholáthair an fhaisnéis, chuig líon tríú páirtithe a d'fhéadfadh a bheith neamhtheoranta; | (i) ciallaíonn "scaipeadh ar an bpobal" ***ról gníomhach a ghlacadh i bh***faisnéis a chur ar fáil go poiblí, arna iarraidh sin ag faighteoir na seirbhíse a sholáthair an fhaisnéis, chuig líon ***suntasach*** tríú páirtithe ***agus*** líon a d'fhéadfadh a bheith neamhtheoranta; |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) ciallaíonn 'domhainbhrionnú' íomhá ghinte nó ionramháilte', ar inneachar fuaime nó físe é atá an-chosúil le daoine, réada, áiteanna nó eintitis nó imeachtaí eile atá ann cheana agus a fheictear go bréagach do dhuine a bheith barántúil nó fírinneach;*** |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe o**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (o) ciallaíonn 'córas moltóra' córas atá uathoibrithe go hiomlán nó uathoibrithe i bpáirt a úsáideann ardán ar líne chun faisnéis shonrach a mholadh ***d'***fhaighteoirí na seirbhíse ina chomhéadan ar líne, lena n-áirítear de thoradh cuardaigh a thionscain an faighteoir nó ar shlí eile chun ord coibhneasta nó feiceálacht na faisnéise a | (o) ciallaíonn 'córas moltóra' córas atá uathoibrithe go hiomlán nó uathoibrithe i bpáirt a úsáideann ardán ***an-mhór*** ar líne chun faisnéis shonrach a mholadh, ***a aicmiú, a chur in ord tosaíochta nó a eagrú d'***fhaighteoirí na seirbhíse ina chomhéadan ar líne, lena n-áirítear de thoradh cuardaigh a thionscain an |

| | |
|---|---|
| thaispeántar a chinneadh; | faighteoir nó ar shlí eile chun ord coibhneasta nó feiceálacht na faisnéise a thaispeántar a chinneadh; |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe p**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (p) ciallaíonn 'modhnú ábhair' na gníomhaíochtaí a dtugann soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha fúthu atá dírithe ar ábhar neamhdhleathach nó faisnéis nach bhfuil comhoiriúnach lena dtéarmaí agus coinníollacha a bhrath, a shainaithint agus dul i ngleic leo, a sholáthraíonn faighteoirí na seirbhíse, lena n-áirítear bearta a dhéanamh a dhéanann difear d'infhaighteacht, sofheictheacht agus inrochtaineacht an ábhair neamhdhleathaigh nó na faisnéise sin, amhail an fhaisnéis sin a ísliú, rochtain uirthi a dhíchumasú, nó í a bhaint, nó cumas na bhfaighteoirí chun an fhaisnéis sin a sholáthar, amhail cuntas faighteora a fhoirceannadh nó a chur ar fionraí; | (p) ciallaíonn 'modhnóireacht inneachair' na gníomhaíochtaí a dtugann soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha fúthu***, bídís uathoibrithe nó próiseáilte ag an duine,*** atá dírithe ar inneachar neamhdhleathach nó faisnéis nach bhfuil comhoiriúnach lena dtéarmaí agus coinníollacha a bhrath, a shainaithint agus dul i ngleic leo, a sholáthraíonn faighteoirí na seirbhíse, lena n-áirítear bearta a dhéanamh a dhéanann difear d'infhaighteacht, sofheictheacht agus inrochtaineacht an ábhair neamhdhleathaigh nó na faisnéise sin, amhail an fhaisnéis sin a ísliú, rochtain uirthi a dhíchumasú, nó í a bhaint, nó cumas na bhfaighteoirí chun an fhaisnéis sin a sholáthar, amhail cuntas faighteora a fhoirceannadh nó a chur ar fionraí; |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe q**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (q) ciallaíonn 'téarmaí agus coinníollacha' gach téarma agus coinníoll nó sonraíocht, gan beann ar a n-ainm nó a bhfoirm, lena rialaítear an caidreamh conarthach idir soláthraí na seirbhísí idirghabhálacha agus faighteoirí na | (q) ciallaíonn 'téarmaí agus coinníollacha' gach téarma agus coinníoll nó sonraíocht ***arna sholáthar ag soláthraí seirbhíse idirghabhála***, gan beann ar a n-ainm nó a bhfoirm, lena rialaítear an caidreamh conarthach idir soláthraí na seirbhísí idirghabhála agus faighteoirí na |

| | |
|---|---|
| seirbhísí. | seirbhísí. |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 –mír 1 – pointe q a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(qa) ciallaíonn 'patrún dorcha' comhéadan úsáideora a dheartar nó a ndéantar ionramháil air agus a bhfuil sé d'éifeacht shuntasach aige neamhspleáchas, cinnteoireacht nó rogha úsáideora a threascairt nó a dhochrú.*** |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 2a*** |
| | ***Príobháideachas digiteach*** |
| | ***1. I gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil, cumasóidh soláthraí seirbhíse sochaí faisnéise an tseirbhís sin a úsáid agus íoc aisti gan sonraí pearsanta an fhaighteora a bhailiú.*** |
| | ***2. Ní dhéanfaidh soláthraí seirbhíse sochaí faisnéise sonraí pearsanta a bhaineann le húsáid na seirbhíse ag faighteoir a phróiseáil ach a mhéid is fíorghá chun a chur ar chumas an fhaighteora an tseirbhís a úsáid nó muirear a ghearradh ar an bhfaighteoir as an tseirbhís a úsáid.*** |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina soláthraítear seirbhís sochaí faisnéise ina gcuimsítear tarchur i líonra cumarsáide ar fhaisnéis arna sholáthar ag faighteoir na seirbhíse, nó soláthar rochtana ar líonra cumarsáide, ní bheidh an soláthraí seirbhíse faoi dhliteanas an fhaisnéis a tharchuirtear, ar choinníoll: | 1. I gcás ina soláthraítear seirbhís sochaí faisnéise ina gcuimsítear tarchur i líonra cumarsáide ar fhaisnéis arna soláthar ag faighteoir na seirbhíse, nó soláthar rochtana ar líonra cumarsáide, ***nó feabhas a chur ar shlándáil an tarchuir sin,*** ní bheidh an soláthraí seirbhíse faoi dhliteanas maidir leis an bhfaisnéis a tharchuirtear, ar choinníoll: |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo difear don fhéidearthacht do chúirt nó d'údarás riaracháin, i gcomhréir le córais dlí Ballstát, le héileamh ar an soláthraí seirbhíse deireadh a chur le sárú nó sárú a chosc. | 3. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo difear don fhéidearthacht do chúirt nó d'údarás riaracháin ***atá neamhspleách ó thaobh feidhme de***, i gcomhréir le córais dlí Ballstát, le héileamh ar an soláthraí seirbhíse deireadh a chur le sárú nó sárú a chosc. |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo difear don fhéidearthacht do chúirt nó d'údarás riaracháin, i gcomhréir le córais dlí Ballstát, le héileamh ar an soláthraí seirbhíse deireadh a chur le sárú nó sárú a chosc. | 2. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo difear don fhéidearthacht do chúirt nó d'údarás riaracháin ***atá neamhspleách ó thaobh feidhme de***, i gcomhréir le córais dlí Ballstát, le héileamh ar an soláthraí seirbhíse deireadh a chur le sárú nó sárú a chosc. |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) nuair a fhaigheann an soláthraí an t-eolas nó an fheasacht sin, go ***bhfeidhmíonn*** sé go tapa chun rochtain ar an ábhar neamhdhleathach ***a bhaint nó a dhíchumasú.*** | (b) tar éis an t-eolas nó an fheasacht sin a fháil rochtain ar an inneachar neamhdhleathach sin ***a bhaint go gasta, go cinntitheach agus go buan i gcás ina meastar an t-inneachar nó an ghníomhaíocht sin a bheith neamhdhleathach faoi de réir bhrí Airteagal 2(g);*** |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Gan dochar do spriocdhátaí sonracha, arna leagan amach i ndlí an Aontais nó laistigh d'orduithe riaracháin nó dlíthiúla, déanfaidh soláthraithe seirbhísí óstála, ar fháil eolais nó feasachta iarbhír dóibh, rochtain ar ábhar neamhdhleathach ar líne a bhaint nó a dhíchumasú a luaithe agus is féidir agus i gcás ar bith:*** |
| | ***(a) tráth nach déanaí ná 30 nóiméad ar aon nós i gcás ina mbainfeadh an t-inneachar neamhdhleathach le beochraoladh ócáide spóirt nó siamsaíochta.*** |
| | ***(b) laistigh de 24 uair an chloig i gcás inar féidir leis an inneachar neamhdhleathach ar líne dochar tromchúiseach a dhéanamh don bheartas poiblí, don tslándáil phoiblí nó don tsábháilteacht phoiblí nó dochar tromchúiseach a dhéanamh do shláinte nó do shábháilteacht tomhaltóirí;*** |
| | ***(c) laistigh de 72 uair an chloig i ngach cás eile nuair nach ndéanann an t-inneachar neamhdhleathach ar líne dochar tromchúiseach don bheartas poiblí, don tslándáil phoiblí nó don tsábháilteacht phoiblí nó do shláinte nó*** |

| | |
|---|---|
| | ***sábháilteacht tomhaltóirí;*** |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás ina bhfuil faighteoir na seirbhíse ag feidhmiú faoi údarás nó smacht an tsoláthraí. | 2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 sna cásanna seo a leanas: |
| | ***(a)*** i gcás ina bhfuil faighteoir na seirbhíse ag gníomhú faoi údarás nó smacht an tsoláthraí***;*** |
| | ***(b) i gcás inarb é príomhchuspóir sheirbhís na sochaí faisnéise dul i mbun gníomhaíochtaí neamhdhleathacha nó iad a éascú nó i gcás ina gcomhoibríonn soláthraí sheirbhís na sochaí faisnéise d'aon turas le faighteoir na seirbhísí chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha;*** |
| | ***(c) i gcás ina mbeidh ról gníomhach á imirt ag soláthraí na seirbhísí idirghabhála ó thaobh, mar shampla, an t-inneachar a sholáthar, a rialú, a bharrfheabhsú, a aicmiú agus a eagrú, nó tagairt dó nó é a chur chun cinn.*** |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Níl feidhm ag mír 1 maidir le dliteanas ***faoi dhlí um chosaint tomhaltóirí na n-ardán ar líne a cheadaíonn do thomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích le trádálaithe***, i gcás ina gcuireann ***ardán ar líne*** den sórt sin i láthair mír shonrach faisnéise nó ina gcumasaíonn sé | 3. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le dliteanas ***margadh ar líne***, i gcás ina gcuireann an ***margadh*** sin an mhír shonrach faisnéise i láthair nó ina gcumasaíonn sé ar bhealach eile an t-idirbheart sonrach atá i gceist ar bhealach a thabharfadh le fios do ghnáth-tomhaltóir a |

ar bhealach eile an t-idirbheart sonrach atá i gceist ar bhealach a thabharfadh le fios don ghnáth-tomhaltóir a mbeadh eolas réasúnach aige go bhfuil an fhaisnéis, nó an táirge nó an tseirbhís is ábhar don idirbheart, á soláthar ag an ardán ar líne féin nó ag faighteoir na seirbhíse atá ag feidhmiú faoina údarás nó faoina smacht.

mbeadh eolas réasúnach aige go bhfuil an fhaisnéis, nó an táirge nó an tseirbhís is ábhar don idirbheart, á soláthar ag an ardán ar líne féin nó ag faighteoir na seirbhíse atá ag feidhmiú faoi údarás nó faoi smacht an ardáin ar líne.

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo difear don fhéidearthacht do chúirt nó d'údarás riaracháin, i gcomhréir le córais dlí Ballstát, le héileamh ar an soláthraí seirbhíse deireadh a chur le sárú nó sárú a chosc. | 4. Ní dhéanfaidh an tAirteagal seo difear don fhéidearthacht do chúirt nó d'údarás riaracháin ***atá neamhspleách ó thaobh feidhme de,*** i gcomhréir le córais dlí na mBallstát, le ceangal ar an soláthraí seirbhíse deireadh a chur le sárú nó sárú a chosc. |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní mheasfar go mbeidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha neamh-incháilithe do na díolúintí ó dhliteanas dá dtagraítear in Airteagail 3, 4 agus 5 mar gheall go ndéanann siad imscrúduithe féintionscnaimh deonacha nó gníomhaíochtaí eile atá dírithe ar inneachar neamhdhleathach a bhrath, a shainaithint agus a bhaint anuas nó rochtain ar an inneachar sin a dhíchumasú, nó go ndéanann siad na bearta is gá chun ceanglais dlí an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear ***iad siúd*** a leagtar amach sa Rialachán seo. | ***1.*** Ní mheasfar go mbeidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha neamh-incháilithe do na díolúintí ó dhliteanas dá dtagraítear in Airteagail 3, 4 agus 5 mar gheall go ndéanann siad imscrúduithe féintionscnaimh deonacha nó gníomhaíochtaí eile atá dírithe ar inneachar neamhdhleathach a bhrath, a shainaithint agus a bhaint anuas nó rochtain ar an inneachar sin a dhíchumasú, nó go ndéanann siad na bearta is gá chun ceanglais dlí an Aontais, ***nó an dlí náisiúnta a chomhlíonadh, i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus leis na ceanglais*** a leagtar amach sa |

Rialachán seo.

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Ní bheidh feidhm ag mír 1 ach amháin i gcás ina mbeidh seirbhísí idirghabhálacha comhlíontach leis na hoibleagáidí díchill chuí a leagtar síos sa Rialachán seo.*** |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Ní bheidh bearta rialaithe ex ante atá bunaithe ar uirlisí uathoibríocha modhnóireachta inneachair mar thoradh ar imscrúduithe féintionscnaimh deonacha.*** |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1c. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha go mbeidh na bearta a ghlacfar de bhun mhír 1 éifeachtach, sonrach agus spriocdhírithe. Ba cheart coimircí iomchuí a bheith ag gabháil leis na bearta sin, amhail maoirseacht dhaonna, doiciméadacht, inrianaitheacht nó aon bhearta breise chun a áirithiú go mbeidh imscrúduithe féintionscnaimh cruinn, neamh-idirdhealaitheach, comhréireach, trédhearcach agus níor*** |

| | |
|---|---|
| | ***cheart go mbeadh róbhaint anuas inneachair mar thoradh air sin.*** |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Gan oibleagáidí ginearálta faireacháin nó aimsithe fíoras gníomhacha | Gan oibleagáidí ginearálta faireacháin nó ***modhnóireacht uathoibríoch inneachair nó*** aimsithe fíoras gníomhacha |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní fhorchuirfear ar na soláthraithe sin aon oibleagáid ghinearálta chun faireachán a dhéanamh ar fhaisnéis arna tarchur nó arna stóráil ag soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha, ná níor cheart go lorgóidís fíorais nó cúinsí go gníomhach a thugann gníomhaíocht neamhdhleathach le fios. | ***1.*** Ní fhorchuirfear ar na soláthraithe sin aon oibleagáid ghinearálta chun faireachán a dhéanamh ar fhaisnéis arna tarchur nó arna stóráil ag soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha, nó níor cheart go lorgóidís fíorais nó cúinsí go gníomhach a thugann gníomhaíocht neamhdhleathach le fios. ***Ní bheidh sé d'oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha úsáid a bhaint as uirlisí uathoibrithe le haghaidh modhnóireacht inneachair.*** |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2. Ní chuirfidh an Rialachán seo cosc ar sholáthraithe seirbhísí criptithe inn ar inn a thairiscint. Ní bheidh soláthar na seirbhísí sin ina chúis le dliteanas ná le teacht chun bheith neamh-*** |

| | |
|---|---|
| | ***incháilithe do na díolúintí ó dhliteanas.*** |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha, ar ordú a fháil chun gníomhú in aghaidh mír shonrach d’inneachar neamhdhleathach, arna eisiúint ag na húdaráis náisiúnta bhreithiúnacha nó riaracháin ábhartha, ar bhonn dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta is infheidhme, i gcomhréir le dlí an Aontais, an t-údarás a eisíonn an t-ordú a chur ar an eolas maidir leis an éifeacht a tugadh do na horduithe, gan moill mhíchuí, ina sonraítear an gníomh a glacadh agus an móimint ar glacadh an gníomh sin. | 1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha, ar ordú a fháil chun gníomhú in aghaidh mír shonrach d’inneachar neamhdhleathach, ***a fuarthas ó agus*** arna eisiúint ag na húdaráis náisiúnta bhreithiúnacha nó riaracháin ábhartha, ar bhonn dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta is infheidhme, i gcomhréir le dlí an Aontais***, lena n-áirítear Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh***, an t-údarás a eisíonn an t-ordú a chur ar an eolas maidir leis an éifeacht a tugadh do na horduithe, gan moill mhíchuí, ina sonraítear an gníomh a glacadh agus an móimint ar glacadh an gníomh sin. |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Mura féidir leis an soláthraí an t-ordú baint anuas a chomhlíonadh toisc go bhfuil earráidí follasacha ann nó nach bhfuil faisnéis leordhóthanach ann chun é a fhorghníomhú, cuirfidh sé an t-údarás a d’eisigh an t-ordú ar an eolas gan moill mhíchuí.*** |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe a – fleasc 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | – ***céannacht an údaráis bhreithiúnaigh inniúil nó an údaráis riaracháin inniúil;*** |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe a – fleasc 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | – ***tagairt don bhunús dlí le haghaidh an ordaithe;*** |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe a – fleasc 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – faisnéis maidir leis an sásamh atá ar fáil do sholáthraí na seirbhíse agus d'fhaighteoir na seirbhíse a sholáthair an t-inneachar; | – faisnéis maidir leis na ***sásraí*** sásaimh atá ar fáil do sholáthraí na seirbhíse agus d'fhaighteoir na seirbhíse a sholáthair an t-inneachar; |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) dréachtaítear an t-ordú sa teanga arna dearbhú ag an soláthraí agus seoltar chuig an bpointe teagmhála é, arna cheapadh ag an soláthraí, i gcomhréir le hAirteagal 10. | (c) dréachtaítear an t-ordú sa teanga arna dearbhú ag an soláthraí agus seoltar chuig an bpointe teagmhála é, arna cheapadh ag an soláthraí, i gcomhréir le hAirteagal 10***, nó i dteanga oifigiúil an Bhallstáit a eisíonn an t-ordú i gcoinne na míre sonraí den inneachar neamhdhleathach***. ***I gcás den sórt sin, féadfaidh an pointe teagmhála a iarraidh ar an údarás inniúil aistriúchán a sholáthar sa teanga a dhearbhaigh an*** |

***soláthraí;***

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) ní eisítear an t-ordú ach amháin i gcás nach bhfuil aon mhodh éifeachtach eile ar fáil chun scor nó toirmeasc a chur leis an sárú;*** |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 69, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord, chun teimpléad sonrach agus foirm shonrach a leagan síos le haghaidh na n-orduithe sin.*** |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé de cheart ag soláthraithe achomharc agus agóid a dhéanamh i gcoinne chur chun feidhme an ordaithe agus go n-éascóidh siad úsáid an chirt sin agus an rochtain air.*** |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Beidh na coinníollacha agus na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo gan dochar do na ceanglais faoin dlí nós imeachta coiriúil náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais. | 4. Beidh na coinníollacha agus na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo gan dochar do ***chinntí na cúirte sibhialta agus*** do na ceanglais faoin dlí nós imeachta coiriúil náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais. |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Beidh na coinníollacha agus na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo gan dochar do na ceanglais maidir le rúndacht sonraí agus rúndacht tráchtála, i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.*** |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Amendment* |
|---|---|
| | ***4b. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme, lena n-eagrófar córas Eorpach malartaithe faisnéise, lena lamhálfar d'orduithe údaraithe a chur in iúl agus a fhíordheimhniú go slán idir na húdaráis ábhartha, Comhordaitheoirí agus soláthraithe Seirbhísí Digiteacha, dá dtagraítear in Airteagal 8(1), in Airteagal 8a(1) agus in Airteagal 9(1). Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá*** |

| | |
|---|---|
| | ***dtagraítear in Airteagal 70.*** |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 8a*** |
| | ***Orduithe chun inneachar dleathach a aischur*** |
| | ***1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha, ar ordú a fháil trí chainéal cumarsáide slán chun mír shonrach nó míreanna iomadúla d'inneachar a baineadh anuas a aischur, arna eisiúint ag na húdaráis náisiúnta bhreithiúnacha nó riaracháin ábhartha, ar bhonn dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta is infheidhme, i gcomhréir le dlí an Aontais, an t-údarás a eisíonn an t-ordú a chur ar an eolas maidir leis an éifeacht a tugadh do na horduithe, gan moill mhíchuí, ina sonraítear an gníomh a glacadh agus an móimint ar glacadh an gníomh sin.*** |
| | ***2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonann na horduithe dá dtagraítear i mír 1 na coinníollacha seo a leanas:*** |
| | ***(a) tá na gnéithe seo a leanas sna horduithe:*** |
| | ***(i) ráiteas maidir leis na cúiseanna ina dtugtar míniú ar an gcúis gur inneachar neamhdhleathach atá san inneachar i dtrácht, trí thagairt d'fhoráil shonrach de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta nó de rialú cúirte;*** |
| | ***(ii) aimsitheoir aonfhoirmeach acmhainne beacht amháin nó níos mó agus, i gcás inar gá, faisnéis bhreise lena gcumasaítear an t-inneachar neamhdhleathach lena mbaineann a shainaithint;*** |

***(iii) faisnéis maidir leis an sásamh atá ar fáil do sholáthraí na seirbhíse a bhain anuas an t-inneachar agus d'fhaighteoir na seirbhíse a thug fógra faoin inneachar;***

***(b) ní théann raon feidhme críochach an ordaithe, ar bhonn rialacha is infheidhme dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta, lena n-áirítear an Chairt, agus, i gcás inarb ábhartha, prionsabail ghinearálta an dlí idirnáisiúnta, thar a bhfuil géarghá leis chun a chuspóir a bhaint amach; agus***

***(c) dréachtaítear an t-ordú sa teanga arna dearbhú ag an soláthraí agus seoltar chuig an bpointe teagmhála é, arna cheapadh ag an soláthraí, i gcomhréir le hAirteagal 10.***

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ba cheart do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha, ar ordú a fháil chun mír shonrach faisnéise a sholáthar maidir le faighteoir seirbhíse sonrach aonair amháin nó níos mó, arna eisiúint ag na húdaráis náisiúnta bhreithiúnacha nó riaracháin ábhartha ar bhonn dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta is infheidhme, i gcomhréir le dlí an Aontais, an t-údarás a eisíonn an t-ordú a chur ar an eolas gan moill mhíchuí go bhfuarthas é agus an éifeacht a tugadh don ordú. | 1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha, ar ordú a fháil chun mír shonrach faisnéise a sholáthar maidir le faighteoir seirbhíse sonrach aonair amháin nó níos mó, ***a fuarthas ó agus*** arna eisiúint ag na húdaráis náisiúnta bhreithiúnacha nó riaracháin ábhartha ar bhonn dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta is infheidhme, i gcomhréir le dlí an Aontais, an t-údarás a eisíonn an t-ordú a chur ar an eolas gan moill mhíchuí go bhfuarthas é agus an éifeacht a tugadh don ordú. ***Sa chás nár tugadh aon éifeacht don ordú, míneofar le ráiteas ón soláthraí na cúiseanna nach bhféadfar an fhaisnéis a sholáthar don údarás breithiúnach nó riaracháin náisiúnta a d'eisigh an t-ordú.*** |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Mura féidir leis an soláthraí an t-ordú baint anuas a chomhlíonadh toisc go bhfuil earráidí follasacha ann nó nach bhfuil faisnéis leordhóthanach ann chun é a fhorghníomhú, cuirfidh sé an t-údarás a d'eisigh an t-ordú ar an eolas gan moill mhíchuí.*** |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe a – fleasc 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – ráiteas de na cúiseanna ***ina mínítear an cuspóir dá*** n-éilítear an fhaisnéis agus an chúis a bhfuil ***an*** ceanglas chun ***an fhaisnéis a sholáthar riachtanach agus comhréireach*** chun comhlíontacht fhaighteoirí na seirbhísí idirghabhálacha le rialacha is infheidhme an Aontais nó le rialacha náisiúnta a chinneadh, murar féidir ráiteas den sórt sin a sholáthar ar chúiseanna a bhaineann le cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh; | – ráiteas de na cúiseanna ***ar dá réir*** a éilítear an fhaisnéis agus an chúis a bhfuil an ceanglas ***seo riachtanach agus*** chun comhlíontacht fhaighteoirí na seirbhísí idirghabhálacha le rialacha is infheidhme an Aontais nó le rialacha náisiúnta a chinneadh, murar féidir ráiteas den sórt sin a sholáthar ar chúiseanna ***oifigiúla*** a bhaineann le cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh; |

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe a – fleasc 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | – ***céannacht an údaráis bhreithiúnaigh inniúil nó an údaráis riaracháin inniúil;*** |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe a – fleasc 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | – ***tagairt don bhunús dlí le haghaidh an ordaithe;*** |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe a – fleasc 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| – faisnéis maidir leis an sásamh atá ar fáil don soláthraí agus d'fhaighteoirí na seirbhíse lena mbaineann; | – faisnéis maidir leis na ***sásraí*** sásamh atá ar fáil don soláthraí agus d'fhaighteoirí na seirbhíse lena mbaineann; |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ní éilítear san ordú ar an soláthraí ach amháin faisnéis a chur ar fáil atá bailithe cheana féin chun críocha an tseirbhís a sholáthar agus atá faoina smacht; | (b) ní éilítear san ordú ar an soláthraí ach amháin faisnéis a chur ar fáil atá bailithe ***go dleathach*** cheana féin chun críocha an tseirbhís a sholáthar agus atá faoina smacht***, amhail seoltaí ríomhphoist, uimhreacha teileafóin agus sonraí teagmhála eile is gá chun an comhlíonadh dá dtagraítear i bpointe (a) a chinneadh;*** |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) dréachtaítear an t-ordú i dteanga arna dearbhú ag an soláthraí agus seoltar chuig an bpointe teagmhála é arna | (c) dréachtaítear an t-ordú sa teanga arna dearbhú ag an soláthraí agus seoltar chuig an bpointe teagmhála é, arna |

| | |
|---|---|
| cheapadh ag an soláthraí sin, i gcomhréir le hAirteagal 10; | cheapadh ag an soláthraí, i gcomhréir le hAirteagal 10***, nó i dteanga oifigiúil an Bhallstáit a eisíonn an t-ordú i gcoinne na míre sonraí den inneachar neamhdhleathach***. ***I gcás den sórt sin, féadfaidh an pointe teagmhála a iarraidh ar an údarás inniúil aistriúchán a sholáthar sa teanga a dhearbhaigh an soláthraí***; |

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) ní eisítear an t-ordú ach amháin i gcás nach bhfuil aon mhodh éifeachtach eile ar fáil chun an mhír shonrach chéanna faisnéise a fháil;*** |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 69, tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord, chun teimpléad sonrach agus foirm shonrach a leagan síos le haghaidh na n-orduithe sin. Áiritheoidh sé gurb é a bheidh san fhoirm sin ná na caighdeáin a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le [XXX an rialachán maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus maidir le hOrduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in ábhair choiriúla].*** |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Beidh na coinníollacha agus na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo gan dochar do na ceanglais faoin dlí nós imeachta coiriúil náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais. | 4. Beidh na coinníollacha agus na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo gan dochar do ***chinntí na cúirte sibhialta agus*** do na ceanglais faoin dlí nós imeachta coiriúil náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais. |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Beidh na coinníollacha agus na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo gan dochar do na ceanglais maidir le rúndacht sonraí agus rúndacht tráchtála, i gcomhréir le dlí an Aontais, lena n-áirítear Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.*** |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4b. Ní chuirfear d'oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha leis na hoibleagáidí faoin Airteagal seo teicnící nua maidir le rianú próifílithe a thabhairt isteach d'fhaighteoirí na seirbhíse chun orduithe a chomhlíonadh maidir le faisnéis a chur ar fáil.*** |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal -10 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal -10*** |
| | ***Tarscaoileadh*** |
| | ***1. Féadfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha iarratas a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar tharscaoileadh ó cheanglais Chaibidil III, má chruthaíonn siad:*** |
| | ***(a) gur micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide iad de réir bhrí na hIarscríbhinne a ghabhann le Moladh 2003/361/CE, lena n-áirítear nuair a bhíonn a gcuid gníomhaíochtaí á ndéanamh acu ar bhonn neamhbhrabúsach nó de bhun misin chun leas an phobail nó;*** |
| | ***(b) gur fiontair mheánmhéide iad de réir bhrí na hIarscríbhinne a ghabhann le Moladh 2003/361/CE gan aon riosca córasach a bhaineann le hábhar neamhdhleathach. Tabharfaidh na Soláthraithe cúiseanna réasúnaithe lena n-iarratas;*** |
| | ***(c) ardáin eagarthóireachta de réir bhrí Airteagal 2 (ha) den Rialachán seo;*** |
| | ***2. beidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha a dhéanann a gcuid gníomhaíochtaí ar bhonn neamhbhrabúsach nó de bhun misin chun leas an phobail neamhspleách ar aon eintiteas a oibríonn ar bhonn brabúsach chun críocha an Airteagail seo;*** |
| | ***3. scrúdóidh an Coimisiún an t-iarratas sin agus, tar éis dul i gcomhairle leis an mBord, féadfaidh sé tarscaoileadh a eisiúint go hiomlán nó go páirteach ar cheanglais na Caibidle seo.*** |
| | ***4. Arna iarraidh sin don Bhord nó don soláthraí, nó ar a thionscnamh féin, féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar tharscaoileadh a eisíodh agus an tarscaoileadh a chúlghairm go*** |

| | |
|---|---|
| | ***hiomlán nó go páirteach.*** |
| | ***5. Coimeádfaidh an Coimisiún liosta de na tarscaoiltí uile a eisíodh agus de na coinníollacha a ghabhann leo agus foilseoidh sé an liosta sin don phobal.*** |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ainmneoidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha nach bhfuil bunaíocht acu san Aontas ach a thairgeann seirbhísí san Aontas, i scríbhinn, duine dlítheanach nó duine nádúrtha ina n-ionadaí dlí i gceann amháin de na Ballstáit ina dtairgeann an soláthraí a sheirbhísí. | 1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha nach bhfuil bunaíocht acu san Aontas ach a thairgeann seirbhísí san Aontas, duine dlítheanach nó duine nádúrtha a ainmniú ina n-ionadaí dlí, ***a luaithe is féidir i gcás na soláthraithe atá cheana ann, roimh an mbunaíocht i gcás na soláthraithe a bheidh le bunú***, i scríbhinn, i gceann de na Ballstáit ina dtairgeann an soláthraí a sheirbhísí. ***Féadfaidh na Ballstáit a chur de cheangal ar ardáin an-mhór ar líne ionadaí dlí a ainmniú ina mBallstát.*** |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Sannfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha a n-ionadaithe dlí ionas go ndéanfaidh údaráis an Bhallstáit, an Coimisiún agus an Bord teagmháil leo mar aon leis an soláthraí nó in ionad an tsoláthraí maidir le gach saincheist is gá chun cinntí arna n-eisiúint i ndáil leis an Rialachán seo a fháil, a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú. Soláthróidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha na cumhachtaí agus na ***hacmhainní*** is gá dá n-ionadaí dlí chun ***dul i gcomhar*** le húdaráis na | 2. Sannfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha gur lena n-ionadaithe dlí a dhéanfaidh údaráis an Bhallstáit, an Coimisiún agus an Bord teagmháil, mar aon leis an soláthraí nó in ionad an tsoláthraí maidir le gach saincheist is gá chun cinntí arna n-eisiúint i ndáil leis an Rialachán seo a fháil, a chomhlíonadh agus a fhorfheidhmiú. Soláthróidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha na cumhachtaí agus na ***hacmhainní*** is gá dá n-ionadaí dlíthiúil ***chun a gcomhar iomchuí agus*** |

mBallstát, leis an gCoimisiún agus leis an mBord agus na cinntí sin a ***chomhlíonadh***.

***tráthúil a ráthú*** le húdaráis na mBallstát, leis an gCoimisiún agus leis an mBord agus chun go ***gcomhlíonfar*** na cinntí sin.

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Cuirfidh soláthraithe na seirbhísí idirghabhálacha ainm, seoladh, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin a n-ionadaí dlí in iúl don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha sa Bhallstát ina gcónaíonn an t-ionadaí dlí sin nó ina bhfuil sé bunaithe. Áiritheoidh siad go bhfuil an fhaisnéis cothrom le dáta. | 4. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha ainm, seoladh ***poist***, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin a n-ionadaí dlí in iúl don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha sa Bhallstát ina gcónaíonn an t-ionadaí dlí sin nó ina bhfuil sé bunaithe. Áiritheoidh siad go bhfuil an fhaisnéis cothrom le dáta. ***Déanfaidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha sa Bhallstát ina gcónaíonn an t-ionadaí dlí sin nó ina bhfuil sé bunaithe, ar an bhfaisnéis sin a fháil, iarrachtaí réasúnacha chun a bailíocht a mheasúnú.*** |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Maidir le soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha a cháilíonn mar mhicrifhiontair nó mar fhiontair bheaga mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361/CE, agus nár éirigh leo seirbhísí ionadaí dlí a fháil tar éis iarracht réasúnach a dhéanamh, beidh siad in ann a iarraidh go ndéanfaidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha an Bhallstáit ina bhfuil sé ar intinn ag an bhfiontar ionadaí dlí a fháil tuilleadh comhair a éascú agus réitigh fhéideartha a mholadh, lena n-áirítear féidearthachtaí maidir le hionadaíocht chomhchoiteann.*** |

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 5 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5b. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí líonraithe shóisialta ar líne a ainmnítear mar ardán an-mhór ar líne i gcomhréir le hAirteagal 25 ionadaí dlí a ainmniú le bheith faoi cheangal na n-oibleagáidí a leagtar síos san Airteagal seo arna iarraidh sin do Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na mBallstát ina dtairgeann an soláthraí sin a sheirbhísí.*** |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha ***faisnéis san áireamh maidir le haon srianta a fhorchuireann siad i ndáil leis an úsáid a bhaintear as a seirbhís i leith faisnéis arna soláthar ag*** faighteoirí ***na seirbhíse, ina dtéarmaí agus coinníollacha. Áireofar ar an bhfaisnéis sin faisnéis maidir le haon bheartais, nósanna imeachta, bearta agus uirlisí a úsáidtear chun críche modhnóireachta inneachair, lena n-áirítear cinnteoireacht algartamach agus athbhreithniú daonna. Leagfar amach í i dteanga shoiléir agus gan débhrí agus beidh sí*** ar fáil ***go poiblí i bhformáid a bheidh inrochtana go héasca***. | 1. ***Áiritheoidh*** soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha ***go dtoirmeascfar ina dtéarmaí agus coinníollacha*** ar fhaighteoirí ***a seirbhísí inneachar a sholáthar nach gcomhlíonann dlí an Aontais nó dlí an Bhallstáit ina ndéantar an fhaisnéis sin*** a chur ar fáil. |
| | ***Áireofar sna téarmaí agus coinníollacha aon srianta a fhorchuireann siad i ndáil leis an úsáid a bhaintear as a seirbhís i leith faisnéis arna soláthar ag faighteoirí na seirbhíse. Áireofar ar an bhfaisnéis sin*** |

***faisnéis maidir le haon bheartais, nósanna imeachta, bearta agus uirlisí a úsáidtear chun críche modhnóireachta inneachair, lena n-áirítear cinnteoireacht algartamach agus athbhreithniú daonna. Leagfar amach í i dteanga atá soiléir, glan, intuigthe agus gan débhrí agus beidh sí ar fáil go poiblí i bhformáid atá inrochtana go héasca, sna teangacha ina dtairgtear an tseirbhís agus áireofar leis cartlann inchuardaithe de leaganacha roimhe seo le dáta chur i bhfeidhm théarmaí agus choinníollacha an tsoláthraí. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha achoimre bheacht a bheidh inléite go héasca ar na téarmaí agus coinníollacha a sholáthar d'fhaighteoirí seirbhísí, lena n-áireofar faisnéis maidir leis na réitigh atá ar fáil agus na féidearthachtaí i gcás rogha an diúltaithe, i gcás inarb ábhartha.***

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Feidhmeoidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha ar ***bhealach dícheallach, oibiachtúil agus comhréireach chun na*** srianta ***dá dtagraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú, agus aird chuí á tabhairt ar chearta agus leasanna dlisteanacha gach páirtí lena mbaineann, lena n-áirítear na cearta bunúsacha is infheidhme*** maidir le faighteoirí na seirbhíse mar a chumhdaítear sa Chairt iad. | 2. ***Áiritheoidh*** soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha ***go ndéanfar aon*** srianta breise ***a fhorchuireann siad i ndáil*** leis an ***úsáid a bhainfear as a seirbhís i leith faisnéis arna soláthar ag*** faighteoirí na seirbhíse ***a cheapadh agus aird chuí á tabhairt ar na cearta bunúsacha*** mar a chumhdaítear sa Chairt iad. |
| | ***Feidhmeoidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha na srianta breise dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar bhealach dícheallach, oibiachtúil agus comhréireach, agus aird chuí á tabhairt ar chearta agus leasanna dlisteanacha gach páirtí lena mbaineann.*** |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. I gcás ina lamhálann ardáin an-mhór ar líne de réir bhrí Airteagal 25 den Rialachán seo do scaipeadh preasfhoilseachán ar an bpobal de réir bhrí Airteagal 2(4) de Threoir (AE) 2019/790, agus seirbhísí meán closamhairc de réir bhrí Airteagal 1(a) de Threoir (AE) 2018/1808, ní dhéanfaidh na hardáin sin inneachar den sórt sin nó an tseirbhís ghaolmhar a bhaint anuas, rochtain air a dhíchumasú, a chur ar fionraí, cuir isteach air ar bhealach eile nó an cuntas gaolmhar a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh ar bhonn neamhréireacht líomhnaithe an inneachair sin lena théarmaí agus coinníollacha, murab inneachar neamhdhleathach é.*** |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 22 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Tá sé de cheart ag Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha gach Ballstáit a iarraidh ar ardáin an-mhór ar líne bearta agus uirlisí modhnóireachta inneachair a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear cinnteoireacht algartamach agus athbhreithniú daonna mar léiriú ar chomhthéacs soch-chultúrtha an Bhallstáit. Féadfar creat don chomhar seo chomh maith le bearta sonracha lena mbaineann a leagan síos sa reachtaíocht náisiúnta agus fógra ina leith a thabhairt don Choimisiún.*** |

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2c. Staonfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha ó aon phatrúin dhorcha nó teicnící eile chun glacadh le téarmaí agus coinníollacha a spreagadh, lena n-áirítear toiliú a thabhairt i leith sonraí pearsanta agus sonraí neamhphearsanta a chomhroinnt.*** |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2d. Féadfaidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha gach Ballstáit, trí bhíthin reachtaíocht náisiúnta, iarraidh ar ardán an-mhór ar líne comhoibriú le Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha an Bhallstáit i dtrácht agus cásanna á láimhseáil aige a bhaineann le hinneachar dleathach ar líne a bhaintear anuas go hearráideach.*** |

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 12a*** |
| | ***Measúnú Riosca Ginearálta agus Bearta Maolaithe*** |
| | ***1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha, ar a laghad uair sa bhliain, an mhí-úsáid fhéideartha nó rioscaí eile a eascraíonn as feidhmiú agus*** |

***úsáid a gcuid seirbhísí san Aontas a shainaithint, a anailísiú agus a mheasúnú. Bainfidh an measúnú riosca ginearálta sin go sonrach le gach ceann dá seirbhísí agus áireofar leis, ar a laghad, na rioscaí a bhaineann le hinneachar neamhdhleathach a scaipeadh trína seirbhísí agus aon inneachar a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar fhaighteoirí féideartha na seirbhíse.***

***2. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha iarracht, nuair is féidir, bearta maolaithe réasúnacha, comhréireacha agus éifeachtacha a chur i bhfeidhm maidir leis an riosca a shainaithneofar i gcomhréir leis an dlí is infheidhme agus lena dtéarmaí agus coinníollacha.***

***3. Tabharfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha, arna iarraidh sin dóibh, míniú don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha inniúil, faoin gcaoi ar thug sé faoin measúnú riosca sin agus faoi na bearta maolaithe a rinne sé.***

***4. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha aon tionchar diúltach iarbhír, féideartha nó intuartha ar chearta bunúsacha, ar chomhionannas inscne, agus ar chosaint mionaoiseach agus daoine faoi mhíchumais a bhreithniú go speisialta agus a gcuid seirbhísí á ndearadh, á bhfeidhmiú agus á n-úsáid acu.***

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Foilseoidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha, uair sa bhliain ar a laghad, tuarascálacha soiléire, intuigthe agus mionsonraithe maidir le haon ábhar | 1. Foilseoidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha, uair sa bhliain ar a laghad, tuarascálacha a bheidh ***inrochtana*** go héasca, intuigthe agus mionsonraithe |

| | |
|---|---|
| modhnaithe ar thug siad faoi i rith na tréimhse ábhartha. Áireofar sna tuarascálacha sin, go háirithe, faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas, de réir mar is infheidhme: | maidir le haon inneachar modhnaithe ar thug siad faoi i rith na tréimhse ábhartha. ***Beidh na tuarascálacha ar fáil sna cartlanna inchuardaithe.*** Áireofar sna tuarascálacha sin, go háirithe, faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas, de réir mar is infheidhme: |

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an líon orduithe a fhaightear ó údaráis Bhallstáit, arna gcatagóiriú de réir chineál an ábhair neamhdhleathaigh lena mbaineann, lena n-áirítear orduithe arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9, agus an meánam a theastaíonn chun an ghníomhaíocht arna sonrú sna horduithe sin a ghlacadh; | (a) an líon orduithe a fhaightear ó údaráis Bhallstáit, arna gcatagóiriú***, i gcás inar féidir,*** de réir chineál an inneachair neamhdhleathaigh lena mbaineann, lena n-áirítear orduithe arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9, agus an meánam a theastaíonn ***chun an t-údarás a eisíonn an t-ordú a chur ar an eolas maidir leis an ordú a fháil agus an t-am a theastaíonn*** chun an ghníomhaíocht arna sonrú sna horduithe sin a ghlacadh; |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) an líon fógraí arna gcur isteach i gcomhréir le hAirteagal 14, arna gcatagóiriú de réir chineál an ábhair neamhdhleathaigh lena mbaineann, aon ghníomhaíocht a glacadh de bhun na bhfógraí trí dhifreáil a dhéanamh idir cibé a glacadh an ghníomhaíocht ar bhonn an dlí nó théarmaí agus ar bhonn choinníollacha an tsoláthraí nó nár glacadh***, agus an meánam a theastaíonn chun an ghníomhaíocht sin a ghlacadh***; | (b) an líon fógraí arna gcur isteach i gcomhréir le hAirteagal 14, arna gcatagóiriú de réir chineál an inneachair neamhdhleathaigh lena mbaineann***, an líon fógraí arna gcur isteach ag comharthóirí iontaofa,*** aon ghníomhaíocht a glacadh de bhun na bhfógraí trí dhifreáil a dhéanamh idir cibé a glacadh an ghníomhaíocht ar bhonn an dlí nó ar bhonn théarmaí agus choinníollacha an tsoláthraí nó nár glacadh; |

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) an líon gearán a fuarthas tríd an gcóras inmheánach um láimhseáil gearán dá dtagraítear in Airteagal 17, an bunús atá leis na gearáin sin, cinntí arna nglacadh i ndáil leis na gearáin sin, an meánam a theastaíonn chun na cinntí sin a ghlacadh agus an líon cásanna inar aisiompaíodh na cinntí sin. | (d) an líon gearán a fuarthas tríd an gcóras inmheánach um láimhseáil gearán dá dtagraítear in Airteagal 17***, i gcás inarb inaitheanta***, an bunús atá leis na gearáin sin, cinntí arna nglacadh i leith na ngearán sin, an meánam a theastaíonn chun na cinntí sin a ghlacadh agus an líon cásanna inar aisiompaíodh na cinntí sin. |

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha go mbeidh na céannachtaí, amhail trádmharc/lógó nó saintréithe eile na n-úsáideoirí trádála a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí ar sheirbhísí idirghabhálacha infheicthe go soiléir taobh leis na hearraí nó na seirbhísí a sholáthraítear.*** |

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. I gcás ina gcuirfear ar fáil don phobal iad, ní bheidh faisnéis sna tuarascálacha bliantúla trédhearcachta dá dtagraítear i mír 1 a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do ghníomhaíochtaí leanúnacha chun inneachar neamhdhleathach nó inneachar atá ina shárú ar théarmaí agus coinníollacha*** |

***soláthraí óstála a chosc, a bhrath nó a bhaint anuas.***

**Leasú 167**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 13a*** |
| | ***Dearadh comhéadain ar líne*** |
| | ***1. Staonfaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha ó chinnteoireacht uathrialaitheach nó saor-rogha an fhaighteora seirbhíse a threascairt nó a urbhearnú trí dhearadh, feidhmiú nó oibriú comhéadan ar líne nó cuid díobh. Go háirithe, staonfaidh soláthraithe ó na nithe seo a leanas a dhéanamh:*** |
| | ***(a) dearscnaitheacht ó thaobh feiceálachta de a thabhairt do rogha amháin agus toiliú nó cinneadh á iarraidh ar fhaighteoir na seirbhíse;*** |
| | ***(b) toiliú i leith próiseáil sonraí a iarraidh arís agus arís eile nó iarraidh a dhéanamh ar athrú ar shuíomh nó ar chumraíocht na seirbhíse tar éis d'fhaighteoir na seirbhíse a rogha a bheith déanta cheana féin;*** |
| | ***(c) diúltú don toiliú i leith próiseáil sonraí a dhéanamh níos deacra nó níos fadálaí d'fhaighteoir na seirbhíse ná toiliú a thabhairt;*** |
| | ***(d) an méid a bhaineann le seirbhís a chur ar ceal a dhéanamh níos deacra ná clárú don tseirbhís.*** |
| | ***2. Aon rogha nó cinneadh a dhéanfaidh faighteoir na seirbhíse agus úsáid á baint aige nó aici as comhéadan ar líne nach gcomhlíonann ceanglais mhír 1 den Airteagal seo, ní hionann an rogha nó an cinneadh sin agus toiliú de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679.*** |

| | |
|---|---|
| | ***3. Foilseoidh an Coimisiún treoirlínte le liosta de phatrúin deartha shonracha a cháilíonn mar threascairt nó urbhearnú ar neamhslpeáchas, cinnteoireacht, nó rogha fhaighteoirí na seirbhíse.*** |

**Leasú 168**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 13b*** |
| | ***Comhlíonadh na n-oibleagáidí don mhargadh ar líne*** |
| | ***Áiritheoidh an margadh ar líne go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo, chun cuspóirí na hoibleagáide ábhartha a bhaint amach ar bhealach éifeachtach.*** |
| | ***Féadfaidh neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán difear a dhéanamh don deis atá ann don mhargadh ar líne leas a bhaint as an díolúine ó dhliteanas mar a leagtar síos in Airteagal 5(1).*** |

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Caibidil III – Roinn 2 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Forálacha breise is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí óstála, lena n-áirítear ardáin ar líne | Forálacha breise is infheidhme i leith soláthraithe seirbhísí óstála, lena n-áirítear ardáin ar líne***, agus i leith soláthraithe seirbhísí ardáin beoshruthaithe agus seirbhísí teachtaireachtaí meandracha a úsáidtear chun críoch eile seachas chun críoch príobháideach nó neamhthráchtála*** |

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí óstála sásraí i bhfeidhm chun lamháil d'aon duine aonair nó eintiteas iad a chur ar an eolas go bhfuil míreanna sonracha faisnéise a mheasann an duine aonair nó an t-eintiteas a bheith ina inneachar neamhdhleathach ar a seirbhís. Beidh rochtain éasca ar na sásraí sin, beidh siad furasta a úsáid, agus ***lamhálfar*** leo d'fhógraí a chur isteach trí mheán leictreonach amháin. | 1. ***Cuirfidh seirbhísí teachtaireachtaí meandracha a úsáidtear chun críoch eile seachas chun críoch príobháideach nó neamhthráchtála agus*** soláthraithe seirbhísí óstála***, lena n-áirítear ardáin ar líne,*** sásraí i bhfeidhm chun lamháil d'aon duine aonair nó eintiteas iad a chur ar an eolas go bhfuil míreanna sonracha faisnéise ar a seirbhís a mheasann an duine aonair nó an t-eintiteas a bheith ina inneachar neamhdhleathach***, nó inneachar a sháraíonn a dtéarmaí agus coinníollacha***. Beidh na sásraí sin so-rochtana, soláimhsithe agus ***sofheicthe ar an gcomhéadan seirbhíse óstála***, soláimhsithe agus ***suite i ngar don inneachar atá i gceist lena dtabharfar deis*** fógraí a chur isteach trí mheán leictreonach amháin ***i dteanga an duine aonair nó eintiteas atá i mbun an fógra a thíolacadh***. |

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh na sásraí dá dtagraítear i mír 1 amhlaidh ionas go n-éascóidh siad fógraí a bhfuil bunús leo atá beacht agus oiriúnach go leordhóthanach a chur isteach, ar an mbonn gur féidir le hoibreoir eacnamaíoch dícheallach neamhdhleathacht an inneachair atá i gceist a shainaithint. Chuige sin, glacfaidh na soláthraithe na bearta is gá chun cumasú agus éascú a dhéanamh ar chur isteach na bhfógraí ina bhfuil na gnéithe seo uile a leanas: | 2. Beidh na ***fógraí a chuirfear isteach faoi*** na sásraí dá dtagraítear i mír 1 amhlaidh ionas go ndéanfar éascú ar chur isteach na bhfógraí a bhfuil bunús leo agus atá beacht agus oiriúnach go leordhóthanach, ar an mbonn gur féidir le hoibreoir eacnamaíoch dícheallach neamhdhleathacht an inneachair atá i gceist a shainaithint. Chuige sin, glacfaidh na soláthraithe na bearta is gá chun cumasú agus éascú a dhéanamh ar chur isteach na bhfógraí ina bhfuil na gnéithe seo uile a |

leanas:

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) míniú ar na cúiseanna go measann an duine aonair nó an t-eintiteas gur inneachar neamhdhleathach atá san fhaisnéis atá i gceist; | (a) míniú atá ***oiriúnach go leordhóthanach*** ar na cúiseanna go measann an duine aonair nó an t-eintiteas gur inneachar neamhdhleathach atá san fhaisnéis atá i gceist***, nó inneachar a sháraíonn téarmaí agus coinníollacha na soláthraithe***; |

**Leasú 173**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) léiriú soiléir de láthair leictreonach na faisnéise sin, ***go háirithe an URL beacht nó URLanna beachta, agus, i gcás inar gá faisnéis bhreise*** a chumasaíonn sainaithint an inneachair neamhdhleathaigh; | (b) léiriú soiléir ar láthair leictreonach na faisnéise sin, lena gcumasaítear sainaithint an inneachair neamhdhleathaigh***, agus an chúis go bhfuil an t-inneachar, amhail an trádmharc/lógó nó na saintréithe eile, ina sárú ar théarmaí agus coinníollacha na soláthraithe***; |

**Leasú 174**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Measfar go n-eascróidh eolas nó feasacht iarbhír chun críocha Airteagal 5 i leith na míre faisnéise sonraí lena mbaineann as fógraí ina n-áirítear na gnéithe dá dtagraítear i mír 2. | 3. Measfar go n-eascróidh eolas nó feasacht iarbhír chun críocha Airteagal 5 i leith na míre faisnéise sonraí lena mbaineann as fógraí ina n-áirítear na gnéithe dá dtagraítear i mír 2 ***ar ar a mbonn gur féidir le soláthraí dícheallach*** |

***eacnamaíoch neamhdhleathacht an inneachair i dtrácht a shainaithint*.**

**Leasú 175**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Déanfaidh na soláthraithe seirbhísí óstála aon fhógraí a fhaigheann siad faoi na sásraí dá dtagraítear i mír 1 a phróiseáil, agus glacfaidh siad lena gcinntí i leith na faisnéise lena mbaineann na fógraí, ar bhealach ***tráthúil, dícheallach*** agus oibiachtúil. I gcás ina n-úsáideann siad modh uathoibrithe don phróiseáil nó don chinnteoireacht sin, áireofar iontu faisnéis maidir leis an úsáid sin san fhógra dá dtagraítear i mír 4. | 6. ***Déanfaidh seirbhísí teachtaireachtaí meandracha a mbaintear úsáid astu chun críoch eile seachas chun críoch príobháideacha nó neamhthráchtála agus*** soláthraithe seirbhísí óstála***, lena n-áirítear ardáin ar líne, gan dochar d'Airteagal 5(b),*** aon fhógraí a fhaigheann siad faoi na sásraí dá dtagraítear i mír 1 a phróiseáil, agus déanfaidh siad a gcinntí i leith na faisnéise lena mbaineann na fógraí, ar bhealach ***mear, neamh-idirdhealaitheach*** agus oibiachtúil ***agus in aon chás laistigh de 72 uair an chloig ar a mhéad. I gcás ina ndéantar cinntí maidir le rochtain ar inneachar a bhaint anuas nó a dhíghníomhachtú, féadfaidh soláthraithe seirbhísí óstála gach beart is gá a dhéanamh chun cosc a chur ar an inneachar neamhdhleathach céanna nó ar inneachar coibhéiseach neamhdhleathach teacht ar ais ar a seirbhís. Ní thiocfaidh aon oibleagáid faireacháin ghinearálta as cur i bhfeidhm na míre seo agus beidh sé faoi réir athbhreithniú daonna.*** I gcás ina n-úsáideann siad modh uathoibrithe don phróiseáil nó don chinnteoireacht sin, áireofar iontu faisnéis maidir leis an úsáid sin san fhógra dá dtagraítear i mír 4. ***Ciallaíonn sé sin, go háirithe, príomhfhaisnéis faoin nós imeachta a leanadh, an teicneolaíocht ar baineadh úsáid as, na critéir agus an réasúnú is bonn leis an gcinneadh agus an réasúnaíocht is bonn le haon chinnteoireacht uathoibrithe.*** |

**Leasú 176**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí óstála, gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de na sprioc-amanna a leagtar amach in Airteagal 5 ón bhfógra a fháil ar a dhéanaí, tomhaltóirí a bhfuil táirgí neamhdhleathacha ceannaithe acu a chur ar an eolas ón nóiméad a uaslódáladh na táirgí ar shuíomh gréasáin an tsoláthraí go dtí an nóiméad a mbainfidh an t-ardán an liostú anuas, tar éis fógra bailí. Ní leanfaidh aon oibleagáid nua próifílithe, rianaithe nó sainaitheantais de chuid soláthraithe as na bearta sin.*** |

**Leasú 177**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 6 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6b. I gcás ina bhfuil soláthraithe seirbhísí óstála, seirbhís ardáin beoshruthaithe agus seirbhísí teachtaireachtaí meandracha a úsáidtear chun críoch eile seachas chun críoch príobháideach nó neamhthráchtála tar éis rochtain ar inneachar neamhdhleathach a bhaint anuas, a dhíchur, nó a dhíghníomhachtú de thoradh fógra agus nós imeachta éilimh bailí nach raibh achomharc rathúil mar thoradh air, féadfaidh siad gach beart réasúnach comhréireach a dhéanamh chun an t-inneachar neamhdhleathach nó aon inneachar comhionann a chosc, a dhíghníomhachtú nó a bhaint anuas go buan.*** |

**Leasú 178**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 6 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6c. Féadfar baint anuas, díchur nó díghníomhachtú rochtana mar a shainmhínítear i mír 6 a neamhniú leis na bearta seo a leanas: achomharc rathúil, nó rialú breithiúnach arna dhéanamh ag cúirt a bhfuil dlínse aici i mBallstát, sa Chúirt Ghinearálta nó i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.*** |

**Leasú 179**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 6 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6d. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo i leith inneachar eagarthóireachta arna sholáthar ag trádálaí a ghlacann freagracht eagarthóireachta as an inneachar sin agus a chomhlíonann rialacha atá i gcomhréir le dlí an Chomhphobail agus leis an dlí náisiúnta.*** |

**Leasú 180**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal ***19*** | Airteagal ***14a*** |
| Comharthóirí iontaofa | Comharthóirí iontaofa |
| 1. Déanfaidh ardáin ar líne na bearta teicniúla agus eagraíochtúla is gá chun a áirithiú go ndéanfar fógraí arna gcur isteach ag comharthóirí iontaofa trí na | 1. Déanfaidh ardáin ar líne agus soláthraithe seirbhísí óstála na bearta teicniúla agus eagraíochtúla is gá chun a áirithiú go ndéanfar fógraí arna gcur |

| | |
|---|---|
| sásraí dá dtagraítear in Airteagal 14 a phróiseáil agus go ndéanfar cinneadh ***ina leith mar thosaíocht agus*** gan ***mhoill***. | isteach ag comharthóirí iontaofa trí na sásraí dá dtagraítear in Airteagal 14, a phróiseáil ***láithreach*** agus go ndéanfar cinneadh ina leith láithreach, gan ***dochar do chur chun feidhme sásra gearáin agus sásaimh***. |
| 2. Bronnfaidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha an Bhallstáit ina bhfuil an t-iarratasóir bunaithe, stádas na gcomharthóirí iontaofa faoin Rialachán seo, ar iarratas ó eintitis ar bith, i gcás inar léirigh an t-iarratasóir go gcomhlíonann sé gach ceann de na coinníollacha seo a leanas: | 2. Déanfaidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha an Bhallstáit ina bhfuil an t-iarratasóir bunaithe, stádas comharthóirí iontaofa, faoin Rialachán seo, a bhronnadh, ar iarratas ó aon eintitis, i gcás inar léirigh an t-iarratasóir go gcomhlíonann sé na coinníollacha seo a leanas uile***, gan dochar do chur chun feidhme sásra gearáin agus sásaimh***: |
| (a) tá saineolas agus inniúlacht shonrach aige chun críoch inneachair neamhdhleathaigh a bhrath, a shainaithint agus fógra a thabhairt ina leith; | (a) tá saineolas agus inniúlacht ar leith aige ***a d' fhéadfaí a fheidhmiú i mBallstát amháin nó níos mó*** chun inneachar neamhdhleathach a bhrath, a shainaithint agus fógra a thabhairt ina leith***, mar aon le cúbláil agus dúshaothrú na seirbhíse d'aon ghnó de réir bhrí Airteagal 26(1)(c);*** |
| (b) léiríonn sé leasa comhchoiteann agus tá sé neamhspleách ar aon ardán ar líne; | (b) léiríonn sé leasanna comhchoiteanna ***agus mar shealbhóir cirt aonair*** tá sé neamhspleách ar aon ardán ar líne***, ar fhorfheidhmiú an dlí, nó ar rialtas nó eintiteas tráchtála ábhartha eile;*** |
| (c) tugann sé faoina ghníomhaíochtaí chun críocha fógraí a chur isteach ar bhealach tráthúil, dícheallach agus oibiachtúil. | (c) tugann sé faoina ghníomhaíochtaí chun críoch fógraí a chur isteach ar bhealach tráthúil, dícheallach agus oibiachtúil***, agus lánurraim á tabhairt do na cearta bunúsacha amhail an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil agus tá sé neamhspleách;*** |
| | ***(ca) foilsíonn sé tuarascálacha mionsonraithe atá soiléir agus intuigthe, uair amháin sa bhliain ar a laghad, ar aon fhógra a cuireadh isteach i gcomhréir le hAirteagal 14 le linn na tréimhse ábhartha. Liostófar sa tuarascáil fógraí arna gcatagóiriú de réir chéannacht an tsoláthraí seirbhísí óstála, de réir chineál an inneachair a líomhnaítear a bheith neamhdhleathach agus lena ndéantar sárú ar na téarmaí agus coinníollacha lena mbaineann, agus cén beart a rinne*** |

***an soláthraí. Ina theannta sin, sainaithneofar sna tuarascálacha an ghaolmhaireacht atá idir an comharthóir iontaofa agus aon ardán ar líne, aon fhorfheidhmiú an dlí, nó aon rialtas nó aon eintiteas tráchtála ábhartha eile, agus míneofar iontu na bealaí trína gcoinníonn an comharthaí iontaofa a neamhspleáchas.***

***2a. Faoi na coinníollacha a leagtar amach i mír 2, lamhálfar d'fógraí ó chomharthóirí iontaofa a bheith leordhóthanach chun an t-inneachar a dtugann siad fógra ina leith a bhaint anuas nó a dhíchumasú láithreach.***

| | |
|---|---|
| 3. Cuirfidh na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha ainmneacha, seoltaí agus seoltaí ríomhphoist na n-eintiteas ar a bhronn siad stádas mar chomharthóir iontaofa orthu i gcomhréir le mír 2 in iúl don Choimisiún agus don Bhord. | 3. Cuirfidh na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha ainmneacha, seoltaí agus seoltaí ríomhphoist na n-eintiteas ar a bhronn siad stádas mar chomharthóir iontaofa orthu i gcomhréir le mír 2 in iúl don Choimisiún agus don Bhord. ***Áireofar sa chumarsáid sin an raon feidhme geografach ar laistigh di a sainaithníodh inniúlacht an chomharthóra iontaofa bunaithe ar fhormheas Comhordaitheora Seirbhísí Digiteacha ar leith agus ar fhaisnéis maidir le saineolas agus inniúlacht arna ndearbhú ag an gcomharthóir iontaofa.*** |
| | ***3a. Féadfaidh na Ballstáit aitheantas a thabhairt d'eintitis ar ar bronnadh stádas mar chomharthóirí iontaofa i mBallstát eile mar chomharthóir iontaofa ar a gcríoch féin. Arna iarraidh sin do Bhallstát, féadfaidh an Bord stádas comharhthóra iontaofa Eorpaigh a bhronnadh ar chomharthóirí iontaofa, i gcomhréir le hAirteagal 48(2). Coimeádfaidh an Coimisiún clár de na comharthóirí iontaofa Eorpacha.*** |
| 4. Foilseoidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 i mbunachar sonraí a bheidh ar fáil go poiblí agus coinneoidh sé an bunachar sonraí sin cothrom le dáta. | 4. Foilseoidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 i mbunachar sonraí a bheidh ar fáil go poiblí agus coinneoidh sé an bunachar sonraí sin cothrom le dáta. |
| 5. I gcás ina bhfuil faisnéis ag ardán ar líne a léiríonn gur chuir comharthóir | 5. I gcás ina bhfuil faisnéis ag ardán ar líne ***nó ag soláthraí seirbhísí óstála*** a |

| | |
|---|---|
| iontaofa líon suntasach fógraí nach bhfuil sách beacht ná leorbhunaithe trí na sásraí dá dtagraítear in Airteagal 14, lena n-áirítear faisnéis a bailíodh i dtaca le próiseáil gearán trí na córais inmheánacha um láimhseáil gearán dá dtagraítear in Airteagal 17(3), cuirfidh sé an fhaisnéis sin in iúl don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a bhronn an stádas sin mar chomharthóir iontaofa ar an eintiteas lena mbaineann, agus na míniúcháin agus na doiciméid tacaíochta is gá á gcur ar fáil aige. | léiríonn gur chuir comharthóir iontaofa líon suntasach fógraí isteach nach bhfuil sách beacht ná leorbhunaithe, ***nó*** fógraí ***míchearta, nó fógraí lena sáraítear cearta bunúsacha na bhfaighteoirí, nó atá dírithe ar iomaíocht a shaobhadh,*** trí bhíthin na sásraí dá dtagraítear in Airteagal 14, lena n-áirítear faisnéis a bailíodh i dtaca le próiseáil gearán trí na córais inmheánacha láimhseála gearán dá dtagraítear in Airteagal 17(3), cuirfidh sé an fhaisnéis sin in iúl don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a bhronn an stádas comharthóra iontaofa sin ar an eintiteas lena mbaineann, agus na míniúcháin agus na doiciméid tacaíochta riachtanacha á gcur ar fáil aige. |
| 6. Déanfaidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a bhronn an stádas mar chomharthóir iontaofa an stádas sin a chúlghairm má chinneann sé, tar éis imscrúdaithe ar a thionscnamh féin nó ar bhonn faisnéise a fuarthas ó thríú páirtithe, lena n-áirítear an fhaisnéis a chuir ardán ar líne ar fáil de bhun mír 5, nach gcomhlíonann an t-eintiteas sin na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 a thuilleadh. Sula ndéanfar an stádas sin a chúlghairm, tabharfaidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha deis don eintiteas freagairt ar thorthaí a imscrúdaithe agus ar a rún stádas an eintitis mar chomharthóir iontaofa a chúlghairm | 6. Déanfaidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a bhronn an stádas mar chomharthóir iontaofa an stádas sin a chúlghairm má chinneann sé, tar éis imscrúdú ar a thionscnamh féin nó ar bhonn faisnéise a fuarthas ó thríú páirtithe, lena n-áirítear an fhaisnéis a chuir ardán ar líne ***nó soláthraí seirbhísí óstála*** ar fáil de bhun mír 5, nach gcomhlíonann an t-eintiteas sin na coinníollacha a leagtar amach i mír 2 a thuilleadh. ***Féadfaidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha freisin aon fhianaise a chur san áireamh ar dá réir go ndéanfadh an t-eintiteas úsáid a bhaint as a stádas chun iomaíocht a shaobhadh.*** Sula ndéanfar an stádas sin a chúlghairm, tabharfaidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha deis don eintiteas freagairt ar thorthaí a imscrúdaithe agus ar a rún stádas an eintitis mar chomharthóir iontaofa a chúlghairm |
| 7. ***Féadfaidh*** an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an mBord, treoraíocht a eisiúint chun cúnamh a thabhairt d'ardáin ar líne agus do Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha le cur i bhfeidhm mhír 5 agus 6. | 7. ***Déanfaidh*** an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an mBord, treoraíocht a eisiúint chun cúnamh a thabhairt d'ardáin ar líne agus do Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha le cur i bhfeidhm mhíreanna ***2, 4a, 6*** agus 7. |

*(Tá Airteagal 19 i ndiaidh Airteagal 14 agus é leasaithe.)*

**Leasú 181**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina gcinneann soláthraí seirbhísí óstála rochtain ar mhíreanna faisnéise sonracha arna soláthar ag faighteoirí na seirbhíse a bhaint ***nó*** a dhíchumasú, d’ainneoin na bealaí a úsáideadh chun rochtain ar an bhfaisnéis sin a bhrath, a shainaithint nó a bhaint anuas ***nó*** a dhíchumasú agus an chúis lena chinneadh, cuirfidh sé an faighteoir ar an eolas, ar a dhéanaí tráth a bhaintear nó a dhíchumasaítear an rochtain, maidir lena chinneadh agus tabharfaidh sé ráiteas cúiseanna a bheidh soiléir agus sonrach leis an gcinneadh sin. | 1. I gcás ina gcinneann soláthraí seirbhísí óstála rochtain ar mhíreanna faisnéise sonracha arna soláthar ag faighteoirí na seirbhíse a bhaint anuas, a dhíchumasú ***nó seachas sin srian a chur leis an infheictheacht ar*** na míreanna faisnéise sin, gan beann ar na bealaí a úsáideadh chun an rochtain ar an bhfaisnéis sin a bhrath, a shainaithint, a bhaint anuas nó a dhíchumasú nó an ***infheictheacht ar an*** bhfaisnéis sin ***a laghdú*** agus ar an gcúis lena chinneadh, cuirfidh sé an faighteoir ar an eolas, tráth a bhaintear anuas nó a dhíchumasaítear an rochtain ***nó*** a dhéantar ***an infheictheacht a shrianadh***, faoina chinneadh agus tabharfaidh sé ráiteas soiléir agus sonrach ar na cúiseanna atá leis an gcinneadh sin. |

**Leasú 182**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. I gcás ina ndéantar míreanna sonracha faisnéise a tharchur tar éis an rochtain ar na míreanna sonracha sin a bhaint anuas nó a dhíchumasú i gcomhréir le hAirteagal 15a, féadfar an ceanglas chun an faighteoir a chur ar an eolas a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo a chur ar arthló ar feadh tréimhse 6 seachtaine chun nach gcuirfear isteach ar imscrúduithe coiriúla leanúnacha féideartha. Ní fhéadfar an tréimhse 6 seachtaine sin a athnuachan ach amháin tar éis cinneadh réasúnaithe ón údarás inniúil a ndearnadh na míreanna sonracha faisnéise a tharchur*** |

| | |
|---|---|
| | ***chuige.*** |

**Leasú 183**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) cibé acu an mbaineann an cinneadh le baint anus, ***nó*** díchumasú rochtana ar an bhfaisnéis agus, i gcás inarb ábhartha, raon feidhme críochach dhíchumasú na rochtana; | (a) cibé acu a bhaineann an cinneadh leis an bhfaisnéis a bhaint anuas, an rochtain ar an bhfaisnéis a dhíchumasú, ***le srian a chur ar infheictheacht na*** faisnéise agus, i gcás inarb ábhartha, le raon feidhme críochach dhíchumasú na rochtana ***nó an tsriain ar infheictheacht*** na faisnéise; |

**Leasú 184**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Foilseoidh soláthraithe seirbhísí óstála na cinntí agus na ráitis chúiseanna, dá dtagraítear i mír 1 i mbunachar sonraí a bheidh ***ar fáil go poiblí*** agus a bhainisteoidh an Coimisiún. Ní bheidh sonraí pearsanta mar chuid den fhaisnéis sin. | 4. Foilseoidh soláthraithe seirbhísí óstála na cinntí agus na ráitis ar chúiseanna, dá dtagraítear i mír 1 i mbunachar sonraí a bheidh faoi bhainistiú an Choimisiúin agus ***a bheidh inrocthana do na húdaráis náisiúnta agus Eorpacha***. Ní bheidh sonraí pearsanta mar chuid den fhaisnéis sin. |

**Leasú 185**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Ní bheidh feidhm ag míreanna 2, 3 agus 4 i leith soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha a cháilíonn mar mhicrifhiontair nó mar fhiontair bheaga de réir bhrí na hIarscríbhinne a ghabhann le Moladh 2003/361/CE. Ina*** |

***theannta sin, ní bheidh feidhm ag na míreanna sin i leith fiontair a cháiligh roimhe sin do stádas micrifhiontair nó fiontair bhig de réir bhrí na hIarscríbhinne a ghabhann le Moladh 2003/361/CE le linn an 12 mhí tar éis dóibh an stádas sin a chailleadh.***

**Leasú 186**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 15a*** |
| | ***Inneachar agus sonraí gaolmhara a chaomhnú, agus tarchur sainráite míreanna sonracha faisnéise*** |
| | ***1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí óstála an t-inneachar neamhdhleathach a baineadh anuas nó ar díchumasaíodh an rochtain air mar thoradh ar mhodhnóireacht inneachair, nó mar thoradh ar ordú gníomhú in aghaidh míre sonraí ina bhfuil inneachar neamhdhleathach amhail dá dtagraítear in Airteagal 8, mar aon le haon sonraí gaolmhara a baineadh anuas ag éirí as an inneachar neamhdhleathach sin a bhaint anuas, a mbeidh gá leis sna cásanna seo a leanas:*** |
| | ***(a) athbhreithniú riaracháin nó breithiúnach nó réiteach díospóide lasmuigh den chúirt in aghaidh cinnidh an rochtain ar inneachar neamhdhleathach a bhaint anuas nó a dhíchumasú agus an dáta gaolmhar; nó*** |
| | ***(b) chun cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus a ionchúiseamh.*** |
| | ***2. Ciallaíonn inneachar neamhdhleathach dá dtagraítear san Airteagal seo, inneachar a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine agus pornagrafaíocht leanaí, chomh maith le*** |

***hinneachar lena ndéantar gríosú go poiblí chun foréigin atá dírithe i gcoinne grúpa daoine nó ball de ghrúpa den sórt sin a shainítear trí thagairt do chine, dath, reiligiún, sliocht nó bunadh náisiúnta nó eitneach i gcomhréir le Cinneadh Réime 2008/913/CGB[1a] ón gComhairle agus Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1b].***

***3. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí óstála an t-inneachar neamhdhleathach agus na sonraí gaolmhara de bhun mhír 1 a stóráil go ceann 6 mhí ó dháta a bhainte anuas nó na rochtana air a dhíchumasú. Ní dhéanfar an t-inneachar neamhdhleathach a stóráil, arna iarraidh sin don údarás inniúil nó don chúirt, ar feadh tréimhse shonraithe ach amháin i gcás inar gá sin agus chomh fada is gá le haghaidh athbhreithniú riaracháin nó athbhreithniú bhreithiúnach dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1.***

***4. Áiritheoidh na soláthraithe seirbhísí óstála go bhfuil an t-inneachar neamhdhleathach agus na sonraí gaolmhara arna stóráil de bhun mhír 1 faoi réir coimircí teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí. Leis na coimircí teicniúla agus eagraíochtúla sin, áiritheofar nach ndéanfar an t-inneachar neamhdhleathach ná na sonraí gaolmhara lena mbaineann atá á stóráil a rochtain ná a phróiseáil ach chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1, agus áiritheofar ardleibhéal slándála i dtaca leis na sonraí pearsanta lena mbaineann. Déanfaidh na soláthraithe seirbhísí óstála athbhreithniú agus nuashonrú ar na coimircí sin i gcás inar gá.***

***5. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí óstála an t-inneachar neamhdhleathach a baineadh anuas nó ar díchumasaíodh an rochtain air a tharchur chuig údaráis inniúla na mBallstát, bíodh an bhaint anuas nó an díchumasú ar an rochtain mar thoradh ar mhodhnóireacht inneachair dheonach nó mar thoradh ar***

***úsáid an tsásra fógra agus gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 14. Déanfaidh siad an t-inneachar neamhdhleathach sin a tharchur faoi na coinníollacha seo a leanas:***

***(a) an t-inneachar neamhdhleathach dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo; agus***

***(b) is é údarás an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar an duine a chuir an t-inneachar neamhdhleathach ar fáil nó ina bhfuil sé bunaithe an t-údarás forfheidhmithe dlí inniúil chun inneachar neamhdhleathach den sórt sin a fháil, nó, seachas sin, is é údarás an Bhallstáit ina bhfuil soláthraí na seirbhísí óstála bunaithe nó ina bhfuil a ionadaí dlíthiúil an t-udarás forfheidhmithe dlí nó, seachas sin, déanfaidh an soláthraí seirbhísí óstála Europol a chur ar an eolas;***

***(c) sa chás gur ardán an-mhór ar líne atá sa soláthraí seirbhísí óstála i gcomhréir le Roinn 4 de Chaibidil III, cuirfidh sé comhartha leis an inneachar neamhdhleathach agus é á tharchur, lena léirítear go bhfuil bagairt do bheatha nó sábháilteacht daoine san inneachar neamhdhleathach.***

***6. Cuirfidh gach Ballstát liosta dá údarás forfheidhmithe dlí inniúil in iúl don Choimisiún chun críocha mhír 5.***

______________

***[1a] Cinneadh Réime 2008/913/CGB ón gComhairle an 28 Samhain 2008 maidir le cineálacha agus léirithe áirithe ciníochais agus seineafóibe a chomhrac trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 328, 6.12.2008, lch. 55).***

***[1b] Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, agus a ghabhann ionad Chinneadh Réime 2002/629/CGB ón gComhairle (IO***

***L 101, 15.4.2011, lch. 1).***

**Leasú 187**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 15b*** |
| | ***Fógra i ndáil le hamhras faoi chionta coiriúla tromchúiseacha*** |
| | ***1. I gcás ina dtugann soláthraí seirbhísí óstála faoi deara gur ann d'aon fhaisnéis is siocair le hamhras gur tharla cion tromchúiseach coiriúil lenar bhain bagairt do shaol nó do shábháilteacht daoine, nó go bhfuil cion den sórt sin ag tarlú nó gur dóigh go dtarlóidh sé, cuirfidh sé údaráis forfheidhmithe dlí nó bhreithiúnacha an Bhallstáit nó na mBallstát lena mbaineann ar an eolas faoina amhras agus soláthróidh sé an fhaisnéis ábhartha uile.*** |
| | ***2. I gcás nach féidir leis an soláthraí seirbhísí óstála an Ballstát lena mbaineann a shainaithint le deimhneacht réasúnta, cuirfidh sé údaráis forfheidhmithe dlí an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe nó ina bhfuil a ionadaí dlíthiúil ar an eolas nó cuirfidh sé Europol ar an eolas.*** |
| | ***3. Ní bhainfear úsáid as faisnéis a fhaigheann údarás forfheidhmithe dlí nó údarás breithiúnach Ballstáit i gcomhréir le mír 1 chun aon chríche eile seachas na críocha sin a bhaineann go díreach leis an gcion coiriúil tromchúiseach aonair ar tugadh fógra ina leith.*** |
| | ***4. Chun críche an Airteagail seo, is éard a bheidh sa Bhallstát lena mbaineann ná an Ballstát a bhfuil amhras gur tharla an cion coiriúil tromchúiseach ann, ina bhfuil an cion ag tarlú agus gur dóchúil gur ann a*** |

***tharlóidh an cion, nó an Ballstát ina bhfuil an duine atá faoi amhras ina chónaí nó lonnaithe, nó an Ballstát ina bhfuil íospartach an chiona amhrasta ina chónaí nó lonnaithe.***

***5. Chun críche an Airteagail seo, cuirfidh gach Ballstát liosta dá údaráis forfheidhmithe dlí inniúla nó dá údaráis bhreithiúnacha inniúla in iúl don Choimisiúin.***

**Leasú 188**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 15c*** |
| | ***Prionsabail le haghaidh bainistiú inneachair*** |
| | ***1. Déanfar bainistiú inneachair a chur i gcrích ar shlí chothrom, dhleathach agus thrédhearcach. Beidh cleachtais bainistithe inneachair iomchuí, comhréireach le cineál agus méid an inneachair, ábhartha agus teorannaithe dá bhfuil riachtanach i ndáil leis na cuspóirí dá bhfuil an t-inneachar á bhainistiú. Beidh ardáin óstála inneachair cuntasach as a áirithiú go mbeidh a gcleachtais bainistithe inneachair cothrom, trédhearcach agus comhréireach.*** |
| | ***2. Ní bheidh úsáideoirí faoi réir cleachtais idirdhealaitheacha, dúshaothraithe nó eisiaimh chun críoch modhnóireachta inneachair ag na hardáin óstála inneachair, amhail inneachar arna ghiniúint ag úsáideoir a dhíchur bunaithe ar dhreach, bunadh eitneach, inscne, gnéaschlaonadh, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois, ar dhuine a bheith torrach nó ag tógáil clainne, ar theanga nó ar aicme*** |

| | |
|---|---|
| | ***shóisialta.*** |
| | ***3. Déanfaidh ardáin óstála inneachair faisnéis leordhóthanach a sholáthar do na húsáideoirí maidir lena bpróifílí coiméadachta inneachair agus maidir leis na critéir aonair ar dá réir a dhéanann ardáin óstála inneachair coimeádacht ar inneachar dóibh, lena n-áirítear faisnéis i dtaobh cibé an úsáidtear nó nach n-úsáidtear algartaim agus na cuspóirí atá leo.*** |
| | ***4. Déanfaidh ardáin óstála inneachair leibhéal iomchuí tionchair ar choimeádacht inneachair is infheicthe do na húsáideoirí a sholáthar dóibh, lena n-áirítear an rogha díliostáil ón gcoimeádacht inneachair ar fad. Go háirithe, ní dhéanfar úsáideoirí a chur faoi réir coimeádacht inneachair gan réamhthoiliú sonrach, feasach agus neamh-dhébhríoch agus atá tugtha faoi shaoirse a fháil uathu.*** |

**Leasú 189**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní bheidh feidhm ag an Roinn seo maidir le hardáin ar líne a cháilíonn mar mhicrifhiontair nó mar fhiontair bheaga ***de réir bhrí na hIarscríbhinne a ghabhann le*** Moladh 2003/361/CE. | Ní bheidh feidhm ag an Roinn seo maidir le hardáin ar líne a cháilíonn mar mhicrifhiontair nó mar fhiontair bheaga ***mar a shainmhínítear i*** Moladh 2003/361/CE ***ná maidir le hardáin ar líne nach gcáilíonn mar mhicrifhiontair nó mar fhiontair bheaga a thuilleadh, agus nach bhfuil faoi úinéireacht eintiteas a bhfuil a mbunaíocht lonnaithe lasmuigh den Aontas***. |

**Leasú 190**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Soláthróidh ardáin ar líne d’fhaighteoirí na seirbhíse, ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad tar éis an chinnidh dá dtagraítear sa mhír seo, an rochtain ar chóras éifeachtach inmheánach um láimhseáil gearán, faoina gcumasaítear na gearáin a sheoladh isteach go leictreonach agus saor in aisce, in aghaidh na gcinntí seo a leanas a ghlac an t-ardán ar líne ar an bhforas gur dóchúil go bhfuil an fhaisnéis arna soláthar ag na faighteoirí ina inneachar neamhdhleathach nó nach bhfuil sé comhoiriúnach lena théarmaí agus coinníollacha: | 1. Soláthróidh ardáin ar líne rochtain ar chóras éifeachtach inmheánach láimhseála gearán d’fhaighteoirí na seirbhíse ***agus do dhaoine aonair nó eintitis a chuir fógra isteach***, ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad tar éis an chinnidh dá dtagraítear sa mhír seo, faoina gcumasaítear na gearáin a sheoladh isteach go leictreonach agus saor in aisce, ar gearáin iad a dhéantar in aghaidh an ***chinnidh a ghlac an t-ardán ar líne gan gníomhú i ndiaidh dó fógra a fháil, agus in aghaidh na*** gcinntí seo a leanas a ghlac an t-ardán ar líne ar an bhforas gur inneachar neamhdhleathach a bhí san fhaisnéis a sholáthair na faighteoirí, nó nach bhfuil sí comhoiriúnach lena théarmaí agus coinníollacha: |

**Leasú 191**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) cinntí chun rochtain ar an bhfaisnéis a bhaint anuas ***nó*** a dhíchumasú; | (a) cinntí ***i dtaobh*** rochtain ar an bhfaisnéis ***a*** bhaint anuas nó ***gan*** í a bhaint anuas***, an deis atá ann an fhaisnéis a cheannach nó a fháil ar cíos a fhionraí,*** an rochtain ar an bhfaisnéis a dhíchumasú ***nó srian a chur le hinfheictheacht*** na faisnéise; |

**Leasú 192**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal17 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cinntí chun soláthar na seirbhíse a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, ar an | (b) cinntí ***i dtaobh*** sholáthar na seirbhíse a fhionraí nó a fhoirceannadh ***nó gan é sin a dhéanamh***, ar an iomlán nó i |

| | |
|---|---|
| iomlán nó i bpáirt, do na faighteoirí; | bpáirt, do na faighteoirí; |

**Leasú 193**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) cinntí chun cuntas faighteoirí a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh. | (c) cinntí ***i dtaobh*** cuntas faighteoirí a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh ***nó gan é sin a dhéanamh***. |

**Leasú 194**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) cinntí i dtaobh srian a chur nó gan srian a chur ar an gcumas luach airgid a chur ar inneachar a sholáthair na faighteoirí.*** |

**Leasú 195**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe c b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cb) cinntí na margaí ar líne i dtaobh soláthairtí a gcuid seirbhísí do thrádálaithe a chur ar fionraí;*** |

**Leasú 196**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe c c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cc) cinntí lena ndéantar difear díobhálach do rochtain an fhaighteora ar*** |

***ghnéithe suntasacha sheirbhísí rialta an ardáin;***

**Leasú 197**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe c d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cd) cinntí gan gníomhú ar fhógra a fháil;*** |

**Leasú 198**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 – pointe c e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ce) cinntí i dtaobh lipéid bhreise nó faisnéis bhreise a chur i bhfeidhm ar an inneachar a sholáthraíonn na faighteoirí nó gan iad a chur i bhfeidhm.*** |

**Leasú 199**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. I gcás ina leanann tarchur na faisnéise seo i gcomhréir le hAirteagal 15a, cinneadh an rochtain ar an bhfaisnéis a bhaint anuas nó a dhíchumasú, measfar go dtosóidh an tréimhse 6 mhí ar a laghad dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ar an lá a cuireadh an faighteoir ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 15(2).*** |

**Leasú 200**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Láimhseálfaidh na hardáin ar líne gearáin trína gcóras inmheánach um láimhseáil gearán, agus déanfaidh siad é sin ar bhealach tráthúil, dícheallach agus ***oibiachtúil***. I gcás ina bhfuil forais leordhóthanacha ag baint le gearán le go measfadh an t-ardán ar líne nach bhfuil an fhaisnéis lena mbaineann an gearán neamhdhleathach agus nach bhfuil sé neamhoiriúnach lena théarmaí agus coinníollacha, nó go bhfuil faisnéis ann a thugann le fios nach gá an tseirbhís nó an cuntas a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, aisiompóidh sé a chinneadh dá dtagraítear i mír 1 gan moill mhíchuí. | 3. Déanfaidh na hardáin ar líne gearáin a dhéanfar trína gcóras inmheánach um láimhseáil gearán a láimhseáil ar bhealach tráthúil, dícheallach agus ***neamhthreallach agus gan moill mhíchuí***. I gcás ina bhfuil forais leordhóthanacha ag baint le gearán le go measfadh an t-ardán ar líne nach bhfuil an fhaisnéis lena mbaineann an gearán neamhdhleathach agus nach bhfuil sé neamhoiriúnach lena théarmaí agus coinníollacha, nó go bhfuil faisnéis ann lena dtugtar le fios nach gá an tseirbhís nó an cuntas a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, aisiompóidh sé a chinneadh dá dtagraítear i mír 1 gan moill mhíchuí. |

**Leasú 201**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Cuirfidh na hardáin ar líne gearánaithe ar an eolas gan moill mhíchuí faoin gcinneadh a ghlac siad i leith na faisnéise lena mbaineann an gearán agus cuirfidh siad gearánaithe ar an eolas faoin bhféidearthacht maidir le réiteach díospóide lasmuigh den chúirt dá bhforáiltear in Airteagal 18 agus aon fhéidearthachtaí sásaimh eile atá ar fáil. | 4. Cuirfidh na hardáin ar líne gearánaithe ar an eolas gan moill mhíchuí faoin gcinneadh a ghlac siad i leith na faisnéise lena mbaineann an gearán agus cuirfidh siad gearánaithe ***agus an duine aonair nó na comhlachtaí a thíolaic an tarchur atá nasctha le hiarraidh an ghearánaí*** ar an eolas faoin bhféidearthacht maidir le réiteach díospóide lasmuigh den chúirt dá bhforáiltear in Airteagal 18 agus faoi aon fhéidearthachtaí sásaimh eile atá ar fáil. ***Áireofar an méid seo a leanas freisin sa chinneadh a luaitear sa mhír seo:*** <br> ***– faisnéis i dtaobh ar glacadh an cinneadh dá dtagraítear i mír 1 mar thoradh ar athbhreithniú daonna;*** |

| | |
|---|---|
| | – *__i gcás ina seastar leis an gcinneadh dá dtagraítear i mír 1, míniú mionsonraithe ar conas a dhéanann an fhaisnéis lena mbaineann an gearán sárú ar théarmaí agus coinníollacha an ardáin nó an fáth a measann an t-ardán ar líne go bhfuil an fhaisnéis neamhdhleathach.__* |

**Leasú 202**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Áiritheoidh na hardáin ar líne nach nglactar na cinntí, dá dtagraítear i mír 4, ar bhonn modhanna uathoibrithe amháin. | 5. Áiritheoidh na hardáin ar líne *__go bhféadfaidh faighteoirí dul i dteagmháil le teagmhálaí ar duine é nó í tráth a dhéanann siad an gearán a chur isteach agus__* nach ar bhonn modhanna uathoibrithe amháin a ghlacfar na cinntí, dá dtagraítear i mír 4. |

**Leasú 203**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | *__5a. Áiritheoidh ardáin ar líne go mbeidh aon fhaisnéis ábhartha maidir le cinntí arna ndéanamh ag an sásra inmheánach chun déileáil le gearáin ar fáil d'fhaighteoirí na seirbhíse chun críche sásaimh a lorg trí chomhlacht um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt de bhun Airteagal 18 nó os comhair cúirte.__* |

**Leasú 204**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| 1. Beidh faighteoirí na seirbhíse a dtéann na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 17(1) i ngleic léi, i dteideal aon díospóid lasmuigh den chúirt a roghnú a deimhníodh i gcomhréir le mír 2 chun díospóidí a bhaineann leis na cinntí sin a réiteach, lena n-áirítear gearáin nach bhféadfaí a réiteach trí bhíthin an chórais inmheánaigh um láimhseáil gearán dá dtagraítear san Airteagal sin. Rachaidh na hardáin ar líne i ngleic, de mheon macánta, leis an gcomhlacht a roghnaíodh d'fhonn an díospóid a réiteach agus beidh siad faoi cheangal ag aon chinneadh a ghlacann an comhlacht. | 1. ***Tar éis dóibh sásraí inmheánacha chun déileáil le gearáin a ídiú,*** beidh faighteoirí na seirbhíse, ***daoine aonair nó eintitis a rinne fógraí a thíolacadh,*** a dtugtar aghaidh orthu leis na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 17(1), i dteideal aon ***chomhlacht um réiteach*** díospóidí lasmuigh den chúirt a roghnú a deimhníodh i gcomhréir le mír 2 chun díospóidí a bhaineann leis na cinntí sin a réiteach, lena n-áirítear gearáin nach bhféadfaí a réiteach trí bhíthin an chórais inmheánaigh um láimhseáil gearán dá dtagraítear san Airteagal sin. Rachaidh na hardáin ar líne i dteagmháil, de mheon macánta, leis an gcomhlacht a roghnaíodh d'fhonn an díospóid a réiteach agus beidh siad faoi cheangal ag aon chinneadh a ghlacann an comhlacht. |

**Leasú 205**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tá an chéad fhomhír gan dochar do cheart an fhaighteora lena mbaineann sásamh a fháil in aghaidh an chinnidh os comhair cúirte i gcomhréir leis an dlí is infheidhme. | Tá an chéad fhomhír gan dochar do cheart an fhaighteora lena mbaineann sásamh a fháil in aghaidh an chinnidh os comhair cúirte i gcomhréir leis an dlí is infheidhme. ***Déanfar leigheas breithiúnach i gcoinne cinneadh ó chomhlacht um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt a dhíriú ar an ardán ar líne seachas ar an gcomhlacht réitigh.*** |

**Leasú 206**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. I gcás ina lorgaíonn faighteoir réiteach a fháil ar roinnt gearán, féadfaidh ceachtar den dá pháirtí a*** |

| | |
|---|---|
| | ***iarraidh go ndéileálfaidh an comhlacht um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt leis na gearáin sin agus go réiteodh sé iad in aon chinneadh díospóide amháin.*** |

**Leasú 207**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha an Bhallstáit ina bhfuil an comhlacht um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt bunaithe***, arna iarraidh don chomhlacht sin,*** an comhlacht a dheimhniú, i gcás ina bhfuil sé léirithe ag an gcomhlacht go gcomhlíonann sé na coinníollacha seo a leanas ar fad: | 2. Déanfaidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha an Bhallstáit ina bhfuil an comhlacht um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt bunaithe an comhlacht a dheimhniú i gcás ina bhfuil sé léirithe ag an gcomhlacht go gcomhlíonann sé na coinníollacha seo a leanas ar fad: |

**Leasú 208**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tá sé neamhchlaonta agus neamhspleách ar ardáin ar líne agus ar fhaighteoirí na seirbhíse arna soláthar ag na hardáin ar líne; | (a) tá sé neamhchlaonta agus neamhspleách ar ardáin ar líne agus ar fhaighteoirí na seirbhíse arna soláthar ag na hardáin ar líne***, lena n-áirítear ar ghnéithe amhail acmhainní airgeadais agus pearsanra, agus tá sé leithleach ó thaobh an dlí de agus neamhspleách ó thaobh feidhme de ar rialtas an Bhallstáit nó ar aon chomhlacht poiblí nó príobháideach eile mar aon le daoine aonair nó eintitis a rinne fógraí a thíolacadh***; |

**Leasú 209**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) tá rochtain éasca ar an réiteach díospóidí trí theicneolaíocht cumarsáide leictreonaí; | (c) tá rochtain éasca ar an réiteach díospóidí***, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumais,*** trí theicneolaíocht cumarsáide leictreonaí; |

**Leasú 210**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) tá sé ábalta díospóid a réiteach ar bhealach tapa, éifeachtúil agus costéifeachtach agus i dteanga oifigiúil amháin de chuid an Aontais ar a laghad; | (d) tá ar a chumas díospóid a réiteach ar bhealach mear, éifeachtúil***, atá inrochtana do dhaoine faoi mhíchumais*** agus costéifeachtach agus i dteanga oifigiúil amháin de chuid an Aontais ar a laghad; |

**Leasú 211**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) déantar an díospóid a réiteach i gcomhréir le rialacha nós imeachta soiléire agus cothroma. | (e) déantar an díospóid a réiteach i gcomhréir le rialacha nós imeachta soiléire agus cothroma ***atá inrochtana go héasca agus go poiblí***. |

**Leasú 212**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Sonróidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha, i gcás inarb infheidhme, na saincheisteanna ar leith lena mbaineann saineolas an chomhlachta ar an deimhniú agus an teanga oifigiúil nó na teangacha oifigiúla de chuid an Aontais inar féidir leis | Sonróidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha, i gcás inarb infheidhme, na saincheisteanna ar leith lena mbaineann saineolas an chomhlachta ar an deimhniú agus an teanga oifigiúil nó na teangacha oifigiúla de chuid an Aontais inar féidir leis |

| | |
|---|---|
| an gcomhlacht díospóidí a réiteach, dá dtagraítear i bpointí (b) agus (d) den chéad fhomhír, faoi seach. | an gcomhlacht díospóidí a réiteach, dá dtagraítear i bpointí (b) agus (d) den chéad fhomhír, faoi seach. |
| | ***Déanfaidh comhlachtaí deimhnithe um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt imeachtaí réitigh díospóide a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse réasúnta ama.*** |

**Leasú 213**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh na táillí a ghearrfaidh an comhlacht maidir leis an díospóid réasúnach agus ní sháróidh siad na costais a bhain leis an díospóid in aon chás. | Beidh na táillí a ghearrfaidh an comhlacht maidir leis an díospóid réasúnach agus ní sháróidh siad na costais a bhain leis an díospóid in aon chás. ***Beidh nósanna imeachta um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt saor in aisce, más féidir, d'fhaighteoir na seirbhíse.*** |

**Leasú 214**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 3 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh comhlachtaí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt na táillí, nó na sásraí a úsáidtear chun na táillí a shocrú, ***in iúl d'fhaighteoir na seirbhísí agus don ardán ar líne lena mbaineann sula dtosóidh siad ar réiteach na díospóide***. | Déanfaidh comhlachtaí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt ***faisnéis maidir leis*** na táillí, nó na sásraí a úsáidtear chun na táillí a chinneadh, ***a chur ar fáil don phobal***. |

**Leasú 215**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| | ***3a. Ní bheidh na cinntí a dhéanfaidh comhlacht um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt ina gconspóid ag comhlacht eile um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt agus ní fhéadfar réiteach díospóide ar leith a phlé ach amháin in aon chomhlacht amháin um réiteach díospóide lasmuigh den chúirt.*** |

**Leasú 216**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 19a*** |
| | ***Ceanglais inrochtaineachta d'ardáin ar líne*** |
| | ***1. Áiritheoidh soláthraithe ardán ar líne a thairgeann seirbhísí san Aontas go ndéanfaidh siad seirbhísí a dhearadh agus a sholáthar i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta a leagtar amach i Roinn III, Roinn IV, Roinn VI, agus Roinn VII d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882.*** |
| | ***2. Ullmhóidh soláthraithe ardán ar líne an fhaisnéis is gá i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882 mar aon le faisnéis, foirmeacha agus bearta a chuirtear ar fáil de bhun an Rialacháin seo agus míneoidh siad an chaoi a gcomhlíonann na seirbhísí na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme. Cuirfear an fhaisnéis ar fáil don phobal lena n-áirítear ar bhealach atá inrochtana do dhaoine faoi mhíchumais. Coimeádfaidh soláthraithe ardán ar líne an fhaisnéis sin ar feadh thréimhse oibrithe na seirbhíse.*** |
| | ***3. Áiritheoidh soláthraithe ardán ar líne a thairgeann seirbhísí san Aontas go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm ionas go mbeidh an soláthar seirbhísí i gcomhréir i gcónaí leis na ceanglais*** |

***inrochtaineachta is infheidhme. Maidir le hathruithe ar thréithe sholáthar na seirbhíse, le hathruithe ar na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme, agus le hathruithe ar na caighdeáin chomhchuibhithe nó ar shonraíochtaí teicniúla trína ndearbhaítear go gcomhlíonann seirbhís na ceanglais inrochtaineachta, cuirfidh an soláthraí seirbhísí idirghabhálacha san áireamh go leormhaith iad.***

***4. I gcás neamhchomhréireachta, déanfaidh soláthraithe ardán ar líne na bearta ceartaitheacha is gá chun go mbeidh an tseirbhís i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme.***

***5. Déanfaidh soláthraithe ardán ar líne, arna iarraidh sin d'údarás inniúil ar bhonn réasúnaithe, an fhaisnéis uile a bhfuil gá léi a thabhairt don údarás inniúil chun a léiriú go bhfuil an tseirbhís i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta is infheidhme. Comhoibreoidh siad leis an údarás sin, arna iarraidh sin don údarás sin, maidir le haon ghníomhaíocht a dhéantar chun an tseirbhís sin a thabhairt i gcomhréir leis na ceanglais sin.***

***6. Toimhdeofar go bhfuil ardáin ar líne atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe, nó le codanna díobh, ar foilsíodh a dtagairtí in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir le ceanglais inrochtaineachta na Treorach seo sa mhéid go gcumhdaítear na ceanglais sin leis na caighdeáin sin nó le codanna díobh.***

***7. Measfar ardáin ar líne nach bhfuil i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla nó le codanna díobh arna nglacadh le haghaidh Threoir (AE) 2019/882 a bheith i gcomhréir le ceanglais inrochtaineachta na Treorach seo sa mhéid go gcumhdaítear na ceanglais sin leis na sonraíochtaí teicniúla sin nó le codanna díobh.***

**Leasú 217**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh na hardáin ar líne soláthar a gcuid seirbhísí ar fionraí d'fhaighteoirí na seirbhíse a chuireann inneachar ar ***follasach*** go bhfuil sé neamhdhleathach ar fáil ***go minic***, ar feadh tréimhse ***réasúnach*** ama ***tar éis réamhfhógra a thabhairt***. | 1. ***Déanfaidh soláthraithe seirbhísí óstála agus*** ardáin ar líne***, tar éis dóibh réamhrabhadh a thabhairt,*** soláthar a seirbhísí ***a chumasú,*** a fhionraí, ar feadh tréimhse ***shonraithe*** ama, ***nó a fhoirceannadh*** d'fhaighteoirí na seirbhíse a sholáthraíonn inneachar neamhdhleathach ***arís is arís eile***. ***Féadfaidh an t-ardán ar líne tacaíocht a iarraidh ar an gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha i dtaobh an mhinicíocht a leagan síos ar ina leith a mheastar gur gá cuntais a chur ar fionraí agus chun fad tréimhse na fionraí a shocrú.*** |

**Leasú 218**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Foilseoidh margaí ar líne an fhaisnéis faoi thrádálaithe a cuireadh ar fionraí de bhun mhír 1 den Airteagal seo a bailíodh i gcomhréir le hAirteagal 22(1) sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 15(4). Nuair a théann an fhionraí in éag, ba cheart na sonraí a scriosadh ón mbunachar sonraí sin.*** |

**Leasú 219**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh ardáin ar líne próiseáil | 2. Déanfaidh ***soláthraithe seirbhísí*** |

fógraí agus gearán arna gcur isteach trí na sásraí gníomhaíochta agus fógra agus na córais inmheánacha um láimhseáil gearán dá dtagraítear in Airteagail 14 agus 17, faoi seach, maidir le fógraí nó gearáin ar follasach gur fógraí nó gearáin gan bhunús iad arna gcur isteach go minic ag daoine aonair nó eintitis nó gearánaigh, ar fionraí ar feadh tréimhse ***réasúnach*** ama ***tar éis réamhfhógra a thabhairt***.

***óstála agus*** ardáin ar líne***, tar éis dóibh trí réamhrabhadh ar a laghad a thabhairt,*** próiseáil fógraí agus gearán a fhionraí ar feadh tréimhse ***shonraithe*** ama, ***nó a fhoirceannadh*** i gcás fógraí agus gearáin ar léir nach bhfuil bunús leo, arna gcur isteach ag daoine aonair nó eintitis nó gearánaithe trí na sásraí fógra agus gníomhaíochta agus trí na córais inmheánacha láimhseála gearán dá dtagraítear in Airteagail 14 agus 17 faoi seach.

**Leasú 220**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh ardáin ***ar líne*** measúnú, ar bhonn cás ar chás agus ar bhealach tráthúil, dícheallach agus oibiachtúil, ar cibé an ngabhann an faighteoir, an duine aonair, an t-eintiteas nó an gearánach don mhí-úsáid dá dtagraítear i mír 1 agus 2, ag cur na bhfíoras agus na gcoinníollacha uile ábhartha is léir ón bhfaisnéis atá ar fáil ***don ardán ar líne*** san áireamh. Áireofar na míreanna seo a leanas ar a laghad sna coinníollacha sin: | 3. Déanfaidh ***soláthraithe seirbhísí óstála agus*** ardáin ***ar líne*** measúnú, ar bhonn cás ar chás agus ar bhealach tráthúil, dícheallach agus oibiachtúil, ar cibé an ngabhann an faighteoir, an duine aonair, an t-eintiteas nó an gearánach don mhí-úsáid dá dtagraítear i mír 1 agus 2, agus na fíorais agus na coinníollacha uile ábhartha is léir ón bhfaisnéis atá ar fáil ***dóibh*** á gcur i gcuntas. Áireofar na míreanna seo a leanas ar a laghad sna coinníollacha sin: |

**Leasú 221**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) dearbh-líon na n-ítimí d’inneacharr ar ***follasach*** gur inneachar neamhdhleathach é nó fógraí nó gearáin ar ***follasach*** gur fógraí nó gearáin gan bhunús iad, a cuireadh isteach le bliain anuas; | (a) dearbh-líon na nithe d’inneachar neamhdhleathach nó fógraí nó gearáin gan bhunús iad, a cuireadh isteach le bliain anuas; |

**Leasú 222**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 3 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) rún an fhaighteora, an duine aonair an eintitis nó an ghearánaigh. | (d) ***i gcás inarb inaitheanta,*** rún an fhaighteora, an duine aonair, an eintitis nó an ghearánaigh. |

**Leasú 223**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Féadfar fionraíochtaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a dhearbhú go buan sna cásanna seo a leanas:*** |
| | ***(a) ar chúiseanna láidre dlí nó beartais phoiblí, lena n-áirítear imscrúduithe coiriúla leanúnacha, lena dtugtar údar cuí leis an bhfógra a thugtar don fhaighteoir a sheachaint nó a chur siar;*** |
| | ***(b) ba chuid d'fheachtais ardtoirte iad na hítimí a baineadh anuas chun dallamullóg a chur ar úsáideoirí nó chun iarrachtaí modhnóireachta inneachair ardáin a chúbláil; nó*** |
| | ***(c) bhain na hítimí a baineadh anuas le hinneachar a chumhdaítear le Treoir 2011/93/AE nó le Treoir (AE) 2017/541.*** |

**Leasú 224**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

***3b. Ní foláir d’fhoireann cháilithe an measúnú a dhéanamh a mbeidh oiliúint thiomnaithe orthu i dtaca leis an gcreat dlí is infheidhme.***

**Leasú 225**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 3 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3c. Gan dochar d’Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1150, déanfaidh soláthraithe seirbhísí óstála a ndícheall chun a áirithiú nach féidir le húsáideoirí atá curtha ar fionraí ón tseirbhís í a úsáid arís go dtí go gcuirfear deireadh leis an bhfionraí.*** <br><br> ***I gcás ina stopann ardán ar líne de bheith ag cur a chuid seirbhísí ar fáil d’úsáideoir trádála, soláthróidh sé na cúiseanna lena chinneadh don úsáideoir sin 15 lá ar a laghad sula dtiocfaidh an foirceannadh i bhfeidhm agus cuirfidh sé ar an eolas é faoin bhféidearthacht agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh faoi Airteagal 17.*** |

**Leasú 226**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 20 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Leagfaidh ardáin ar líne a mbeartas maidir leis an mí-úsáid dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 amach, ar bhealach soiléir agus mionsonraithe, ina dtéarmaí agus coinníollacha, lena n-áirítear na fíorais agus na tosca a chuireann siad san áireamh nuair a dhéanann siad measúnú ar cibé an mí-úsáid é iompraíocht áirithe agus fad na fionraíochta. | 4. Déanfaidh ***soláthraithe seirbhísí óstála agus*** ardáin ar líne a mbeartas i leith na mí-úsáide dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 a leagan amach ar bhealach soiléir agus mionsonraithe ina dtéarmaí agus coinníollacha, lena n-áirítear maidir leis na fíorais agus na tosca a chuireann siad i gcuntas agus measúnú á dhéanamh acu ar cibé an mí-úsáid é iompraíocht áirithe agus fad tréimhse na fionraíochta. |

**Leasú 227**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír – 2 – an dara fomhír**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Chun críche an Airteagail seo, is éard a bheidh sa Bhallstát lena mbaineann ná an Ballstát a bhfuil amhras gur tharla an cion ann, ina bhfuil an cion ag tarlú agus gur dóchúil gur ann a tharlóidh an cion, nó an Ballstát ina bhfuil an duine atá faoi amhras ina chónaí nó lonnaithe, nó an Ballstát ina bhfuil íospartach an chiona amhrasta ina chónaí nó lonnaithe.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 228**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Mura n-ordaíonn an t-údarás feasach a mhalairt, déanfaidh an soláthraí an t-inneachar a bhaint anuas nó a dhíchumasú. Stórálfar an t-inneachar agus na sonraí gaolmhara uile ar feadh 6 mhí ar a laghad.*** |

**Leasú 229**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Ní bhainfear úsáid as faisnéis a fhaigheann údarás forfheidhmithe dlí nó údarás breithiúnach Ballstáit i gcomhréir le mír 1 chun aon chríche eile seachas na críocha sin a bhaineann go díreach leis an gcion coiriúil tromchúiseach aonair ar tugadh fógra ina leith.*** |

**Leasú 230**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Inrianaitheacht trádálaithe | Inrianaitheacht trádálaithe ***ar mhargaí ar líne*** |

**Leasú 231**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***I gcás ina lamháiltear le hardán*** ar líne ***do thomhaltóirí cianchonarthaí a chur i gcrích le trádálaithe,*** áiritheoidh ***sé*** nach féidir le trádálaithe a sheirbhísí a úsáid ach chun teachtaireachtaí a chur chun cinn nó chun táirgí nó seirbhísí a thairiscint do thomhaltóirí atá lonnaithe san Aontas má tá an fhaisnéis seo a leanas faighte ag an ***ardán ar líne*** sula mbaintear úsáid as a seirbhísí: | 1. Áiritheoidh ***an margadh*** ar líne nach féidir le trádálaithe a sheirbhísí a úsáid ach chun teachtaireachtaí a chur chun cinn nó chun táirgí nó seirbhísí a thairiscint do thomhaltóirí atá lonnaithe san Aontas má tá an fhaisnéis seo a leanas faighte ag an ***margadh ar líne*** sula mbaintear úsáid as a sheirbhísí: |

**Leasú 232**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) sonraí chuntas ***bainc*** an trádálaí***, i gcás gur duine nádúrtha é an trádálaí;*** | (c) sonraí chuntas ***íocaíochta*** an trádálaí***;*** |

**Leasú 233**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) ainm, seoladh, uimhir theileafóin | (d) ainm, seoladh, uimhir theileafóin |

| | |
|---|---|
| agus seoladh ríomhphoist an oibreora eacnamaíoch, de réir bhrí Airteagal 3(13) agus Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[51] nó aon ionstraim ábhartha de dhlí an Aontais; | agus seoladh ríomhphoist an oibreora eacnamaíoch, de réir bhrí Airteagal 3(13) agus Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[51] ***[Airteagal XX den Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta]*** nó aon ionstraim ábhartha de dhlí an Aontais; |
| [51] Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh agus comhlíontacht táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1). | [51] Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh agus comhlíontacht táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1). |

**Leasú 234**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) féindeimhniúchán ón trádálaí ina ngabhann sé air féin gan ach táirgí nó seirbhísí ***a chomhlíonann*** na rialacha is infheidhme de dhlí an Aontais a thairiscint. | (f) féindeimhniúchán ón trádálaí ina ngabhann sé air féin gan ach táirgí nó seirbhísí ***nó inneachar lena n-áirítear fógráin, a chomhlíonann*** na rialacha is infheidhme de dhlí an Aontais a thairiscint. |

**Leasú 235**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh an ***t-ardán*** ar líne, tar éis dó an fhaisnéis sin a fháil, iarrachtaí réasúnta chun a mheasúnú an bhfuil ***an*** fhaisnéis ***dá dtagraítear i bpointí (a), (d) agus (e) de mhír 1*** iontaofa ***trí aon bhunachar sonraí oifigiúil ar líne a bhfuil rochtain saor in aisce air nó comhéadan ar líne a sholáthraíonn Ballstát nó an*** | 2. Déanfaidh ***an margadh*** ar líne, tar éis dó an fhaisnéis sin a fháil, iarrachtaí réasúnta chun a mheasúnú an bhfuil an fhaisnéis ***sin*** iontaofa trí iarrataí a dhéanamh ar an trádálaí doiciméid tacaíochta ó fhoinsí iontaofa a sholáthar. |

***tAontas a úsáid nó*** trí iarrataí a dhéanamh ar an trádálaí doiciméid tacaíochta ó fhoinsí iontaofa a sholáthar.

**Leasú 236**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina léirítear d'***ardán*** ar líne go bhfuil aon ítim faisnéise dá dtagraítear i mír 1 a fuarthas ón trádálaí lena mbaineann míchruinn nó neamhiomlán, iarrfaidh an ***t-ardán*** sin ar an trádálaí an fhaisnéis a cheartú a mhéid is gá chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis uile cruinn agus iomlán, gan mhoill nó laistigh den tréimhse ama arna leagan síos ag an Aontas agus sa dlí náisiúnta. | 3. I gcás ina léirítear don ***mhargadh*** ar líne go bhfuil an ***fhaisnéis faoi mhír 1, pointe (f), míchruinn déanfaidh sé an táirge nó an tseirbhís a bhaint anuas go díreach óna ardán ar líne agus má tá aon*** ítim faisnéise ***eile*** dá dtagraítear i mír 1 a fuarthas ón trádálaí lena mbaineann míchruinn nó neamhiomlán, iarrfaidh an ***t-ardán ar líne*** sin ar an trádálaí an fhaisnéis a cheartú a mhéid is gá chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis uile cruinn agus iomlán, gan mhoill nó laistigh den tréimhse ama a leagtar síos le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta. |

**Leasú 237**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina mainníonn an trádálaí an fhaisnéis sin a cheartú nó a chomhlánú, cuirfidh an ***t-ardán*** ar líne soláthar a sheirbhíse don trádálaí ar fionraí go dtí go gcomhlíonfar an iarraidh sin. | I gcás ina mainníonn an trádálaí an fhaisnéis sin a cheartú nó a chomhlánú, cuirfidh ***soláthraithe*** na ***margaí*** ar líne ar fionraí soláthar a seirbhíse don trádálaí ***i ndáil leis na táirgí nó seirbhísí a thairgtear do thomhaltóirí atá lonnaithe san Aontas*** go dtí go gcomhlíonfar ***go hiomlán*** an iarraidh sin. |

**Leasú 238**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Áiritheoidh soláthraithe margaí ar líne go dtabharfar an cumas do thrádálaithe aon fhaisnéis a mheastar a bheith míchruinn nó neamhiomlán a phlé go díreach le trádálaí sula gcuirfear aon seirbhísí ar fionraí. Féadfaidh sé sin a bheith i bhfoirm an chórais inmheánaigh um láimhseáil gearán faoi Airteagal 17.*** |

**Leasú 239**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Má dhiúltaíonn margadh ar líne d'iarratas ar sheirbhísí nó má chuireann sé seirbhísí do thrádálaí ar fionraí, rachaidh an trádálaí in iontaoibh na gcóras faoi Airteagal 17 agus Airteagal 43 den Rialachán seo.*** |

**Leasú 240**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 30 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3c. Is iad na trádálaithe amháin a bheidh faoi dhliteanas i leith chruinneas na faisnéise agus cuirfidh siad an margadh ar líne ar an eolas gan mhoill faoi aon athruithe ar an bhfaisnéis a sholáthraítear.*** |

**Leasú 241**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Stórálfaidh an ***t-ardán*** ar líne an fhaisnéis a fhaightear de bhun mhír 1 agus 2 ar bhealach slán fad a mhairfidh a gcaidreamh conarthach leis an trádálaí lena mbaineann. Scriosfaidh siad an fhaisnéis ina dhiaidh sin. | 4. Stórálfaidh an ***margadh*** ar líne an fhaisnéis a fhaightear de bhun mhír 1 agus 2 ar bhealach slán fad a mhairfidh a gcaidreamh conarthach leis an trádálaí lena mbaineann. Scriosfaidh siad an fhaisnéis ina dhiaidh sin. |

**Leasú 242**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Gan dochar do mhír 2, ní nochtfaidh an ***t-ardán*** an fhaisnéis do thríú páirtithe ach amháin i gcás ina gceanglaítear air sin a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, lena n-áirítear na horduithe dá dtagraítear in Airteagal 9 agus aon orduithe eile arna n-eisiúint ag údaráis inniúla na mBallstát nó an Coimisiún chun a gcúraimí a chomhlíonadh faoin Rialachán seo. | 5. Gan dochar do mhír 2, ní nochtfaidh na ***margaí ar líne*** an fhaisnéis do thríú páirtithe ach amháin i gcás ina gceanglaítear air sin a dhéanamh i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, lena n-áirítear na horduithe dá dtagraítear in Airteagal 9 agus aon orduithe eile arna n-eisiúint ag údaráis inniúla na mBallstát nó an Coimisiún chun a gcúraimí a chomhlíonadh faoin Rialachán seo. |

**Leasú 243**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Cuirfidh an ***t-ardán*** ar líne an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a), (d), (e) agus (f) de mhír 1 ar fáil d'fhaighteoirí na seirbhíse, ar bhealach soiléir, inrochtana agus intuigthe. | 6. Cuirfidh na ***margaí*** ar líne an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a), (d), (e) agus (f) de mhír 1 ar fáil d'fhaighteoirí na seirbhíse, ar bhealach soiléir, inrochtana agus intuigthe. |

**Leasú 244**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Dearfaidh agus eagróidh an ***t-ardán*** ar líne a chomhéadan ar líne ar bhealach a chuireann ar a gcumas do thrádálaithe a gcuid oibleagáidí maidir le faisnéis réamh-chonarthach agus faisnéis sábháilteachta táirgí a chomhlíonadh faoin dlí is infheidhme san Aontas. | 7. Dearfaidh agus eagróidh an ***margadh*** ar líne a chomhéadan ar líne ar bhealach a chuireann ar a gcumas do thrádálaithe a gcuid oibleagáidí maidir le faisnéis réamh-chonarthach agus faisnéis sábháilteachta táirgí a chomhlíonadh faoin dlí is infheidhme san Aontas. |

**Leasú 245**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 22a*** |
| | ***Oibleagáid chun faisnéis a sholáthar*** |
| | ***1. Sa chomhéadan ar líne a chuirtear ar fáil don trádálaí lamhálfar do rochtain ar an bhfaisnéis seo a leanas ar a laghad:*** |
| | ***(a) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 22(6);*** |
| | ***(b) na ceanglais faisnéise dá bhforáiltear in Airteagail 6 agus 8 de Threoir 2011/83/AE;*** |
| | ***(c) an fhaisnéis trína lamháiltear do shainaitheantas aonchiallach an táirge nó na seirbhíse, agus, i gcás inarb infheidhme, an mharcáil CE agus na rabhaidh, an fhaisnéis agus na lipéid, atá éigeantach faoin reachtaíocht infheidhme maidir le sábháilteacht táirgí agus comhlíonadh táirgí.*** |
| | ***Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena liostófar na míreanna faisnéise a cheanglaítear i gcomhréir leis an gcéad fhomhír. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin tráth nach déanaí ná ... [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |
| | ***2. Seiceálfaidh an margadh ar líne go bhfuil an fhaisnéis a sholáthair an*** |

***trádálaí iomlán i dtaca leis na liostaí míreanna faisnéise dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) d'Airteagal 22(2) sula ndéantar an tairiscint maidir leis an táirge nó an tseirbhís a chur ar fáil ar líne agus ní údaróidh sé don trádálaí tairiscint den sórt sin a chur ar fáil fad a bheidh an fhaisnéis neamhiomlán.***

***3. I gcás ina mbunaíonn an margadh ar líne nach bhfuil an fhaisnéis a sholáthair an trádálaí maidir le tairiscint a foilsíodh ar líne cheana féin ábhartha a thuilleadh agus go gcaithfear í a chomhlánú, déanfaidh sé an tairiscint a fhionraí gan mhoill nó déanfaidh sé dorochtana í agus iarrfaidh sé ar an trádálaí an fhaisnéis sin a chomhlánú a luaithe is féidir.***

**Leasú 246**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 22b*** |
| | ***Oibleagáidí breise ar mhargaí ar líne*** |
| | ***1. I gcás ina bhfaighidh margadh ar líne eolas faoi chineál mídhleathach táirge nó seirbhíse a thairgeann trádálaí ar a chomhéadan, déanfaidh sé an méid seo a leanas:*** |
| | ***(a) an táirge nó an tseirbhís neamhdhleathach a bhaint anuas láithreach óna chomhéadan agus na húdaráis a chur ar an eolas faoi sin;*** |
| | ***(b) bunachar sonraí inmheánach a choinneáil ar an inneachar a baineadh anuas agus/nó na faighteoirí a cuireadh ar fionraí de bhun Airteagal 20 a bheidh le húsáid ag córais inmheánacha modhnóireachta inneachair a théann i ngleic leis na rioscaí sainaitheanta;*** |
| | ***(c) i gcás ina bhfuil sonraí teagmhála*** |

***fhaighteoirí a sheirbhísí ag an margadh ar líne, déanfaidh sé faighteoirí na seirbhíse sin a cheannaigh an táirge nó an tseirbhís sin le 12 mhí anuas a chur ar an eolas faoi neamhdhleathacht, faoi chéannacht an trádálaí agus faoi na roghanna atá ann sásamh a lorg;***

***(d) stór a thiomsú agus a chur ar fáil go poiblí trí chomhéadain ríomhchláraithe feidhmchláir ina bhfuil faisnéis faoi tháirgí agus seirbhísí neamhdhleathacha a baineadh anuas óna ardán le 6 mhí anuas, mar aon le faisnéis faoin trádálaí lena mbaineann agus na roghanna atá ann chun sásamh a lorg.***

**Leasú 247**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 22c*** |
| | ***Oibleagáidí a bhaineann le tairiscintí neamhdhleathacha ó thrádálaithe*** |
| | ***1. Glacfaidh na margaí ar líne bearta leormhaithe chun trádálaithe a úsáideann a seirbhísí a chosc ar thairiscintí le haghaidh táirgí nó seirbhísí a scaipeadh, ar táirgí nó seirbhísí iad nach gcomhlíonann dlí an Aontais nó dlí aon Bhallstáit arb ar a chríoch a dhéantar na tairiscintí sin a chur ar fáil.*** |
| | ***2. I gcás ina bhfaighidh an margadh ar líne léiriú, lena n-áirítear na míreanna a liostaítear i bpointí (a) agus (b) d'Airteagal 14(2), agus ar dá réir go bhfuil mír faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 22a(1) míchruinn, iarrfaidh an margadh ar líne sin ar an trádálaí fianaise a sholáthar maidir le cruinneas na míre faisnéise sin nó í a cheartú gan mhoill. I gcás nach dtugann an trádálaí fianaise go bhfuil an mhír faisnéise cruinn nó fianaise go bhfuil an ceartú a*** |

***rinneadh rialta, cuirfidh an margadh ar líne an tairiscint don táirge nó don tseirbhís ar fionraí go dtí go gcomhlíonfaidh an trádálaí an iarraidh.***

***3. Sula ndéantar an tairiscint ón trádálaí a chur ar fáil ar an margadh ar líne, fíoróidh an margadh ar líne, maidir leis an bhfaisnéis lena lamháiltear do shainaitheantas aonchiallach an táirge, lena n-áirítear an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 22a(1), an bhfuil an tairiscint is mian leis an trádálaí a mholadh do thomhaltóirí atá lonnaithe san Aontas luaite sa liosta, nó sna liostaí, de na táirgí nó catagóirí táirgí a shainaithnítear a bheith neamhchomhlíontach, arna n-aicmiú in aon bhunachar sonraí oifigiúil ar líne a bhfuil saor-rochtain air nó comhéadan ar líne arb é an Coimisiún a bhunaigh a thagairt trí bhíthin gníomh cur chun feidhme a glacadh tráth nach déanaí ná ... [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus ní údaróidh sé don trádálaí an tairiscint a sholáthar i gcás ina gcinntear leis an bhfíorú sin go liostaítear an táirge amhlaidh.***

**Leasú 248**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 22d*** |
| | ***Oibleagáidí a bhaineann le tairiscintí neamhdhleathacha ó thrádálaithe i dtaca leis an dlí is infheidhme maidir le sábháilteacht táirgí agus comhlíonadh táirgí*** |
| | ***1. A luaithe a chuirfidh údarás faireachais margaidh, údarás custaim, úinéirí na gceart nó eagraíocht tomhaltóra an margadh ar líne ar an*** |

***eolas go bhfuil tairiscint le haghaidh táirge nó seirbhíse neamhdhleathach faoin dlí is infheidhme maidir le sábháilteacht táirgí agus comhlíonadh táirgí, déanfaidh an margadh ar líne sin an tairiscint a bhaint anuas nó an rochtain uirthi a dhíchumasú.***

***Cuirfidh an margadh ar líne an trádálaí a d'fhoilsigh an tairiscint neamhdhleathach ar an eolas faoin gcinneadh a glacadh de bhun na míre seo i gcomhréir le hAirteagail 15 agus 17.***

***Nuair a chuirfidh sé an trádálaí ar an eolas faoin gcinneadh an tairiscint a bhaint anuas nó an rochtain uirthi a dhíchumasú, agus i gcás ina mbaineann neamhdhleathacht na tairisceana le mainneachtain an táirge nó na seirbhíse a d'fhéadfadh sláinte nó sábháilteacht tomhaltóirí a chur i mbaol, iarrfaidh an margadh ar líne ar an trádálaí gach faisnéis a sholáthar lena dtaispeántar go bhfuil an ghníomhaíocht cheartaitheach iomchuí glactha aige i gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán (AE) 2019/1020.***

***2. I gcás nach bhfaighidh an margadh ar líne freagra ar bith ón trádálaí laistigh de 48 uair an cloig ó dháta na hiarrata dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, glacfaidh sé an ghníomhaíocht cheartaitheach riachtanach dá dtagraítear i bpointí (c), (d) agus (g) d'Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) 2019/1020 gan moill mhíchuí.***

***3. Cuirfidh an margadh ar líne an t-údarás faireachais margaidh nó an t-údarás custaim ar an eolas gan mhoill faoin ngníomhaíocht atá glactha ag an trádálaí nó aige féin chun míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm. A luaithe a ordóidh údarás faireachais margaidh nó údarás custaim don trádálaí bearta malartacha nó breise a ghlacadh agus a chuirfidh sé an margadh ar líne ar an eolas dá réir, iarrfaidh an margadh ar***

*líne sin ar an trádálaí gach faisnéis a chur ar fáil lena gcruthaítear go bhfuil éifeacht iomchuí tugtha aige don ordú.*

*I gcás nach bhfaighidh an margadh ar líne laistigh de 48 uair an cloig an fhaisnéis gur chomhlíon an trádálaí an t-ordú go huile dá réir, déanfaidh an margadh ar líne na bearta malartacha a d'ordaigh an t-údarás faireachais margaidh nó an t-údarás custaim a chur chun feidhme go díreach gan moill mhíchuí.*

*4. Féadfaidh an margadh ar líne costas na mbeart atá glactha aige i gcomhréir leis an Airteagal seo a ghearradh ar an trádálaí, trí aon mheán iomchuí. Cuirfidh sé an trádálaí ar an eolas láithreach faoin mbeart sin agus cuirfidh sé in iúl dó go bhfuil sé de cheart aige an cinneadh sin a chonspóid i gcomhréir le hAirteagail 17 agus 18 nó le caingean dlí.*

*Ní cheanglóidh an margadh ar líne ar thrádálaithe a úsáideann a sheirbhísí go ndéanfaidh siad aon réamhíocaíochtaí ar chostais a bhaineann leis na bearta a d'fhéadfadh sé a ghlacadh i gcomhréir leis an Airteagal seo, ná ní dhéanfaidh sé rochtain ar a sheirbhísí coinníollach ar ghlacadh le híocaíochtaí den sórt sin.*

**Leasú 249**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 22e*** |
| | ***Rochtain trádálaithe ar sheirbhísí an mhargaidh ar líne a fhionraí*** |
| | ***1. I gcomhréir le hAirteagal 20 déanfaidh an margadh ar líne soláthar a sheirbhísí do thrádálaithe a sholáthraíonn tairiscintí neamhdhleathacha le haghaidh*** |

***táirge nó seirbhíse arís is arís eile nó go leanúnach a fhionraí gan moill mhíchuí. Cuirfidh sé a chinneadh in iúl don trádálaí láithreach.***

***2. I gcás ina nglacann an margadh ar líne cinneadh de bhun mhír 1, leanfaidh sé dá oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Roinn seo, go háirithe maidir le tomhaltóirí a bhfuil conradh curtha i gcrích acu leis na trádálaithe atá ar fionraí.***

***3. Cuirfidh an margadh ar líne an t-údarás inniúil ar an eolas gan mhoill faoin gcinneadh a glacadh de bhun mhír 1.***

**Leasú 250**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 22f*** |
| | ***An ceart chun sásaimh*** |
| | ***Beidh an margadh ar líne i dteideal sásamh ón trádálaí a thairbhigh dá sheirbhísí i gcás ina mainníonn an trádálaí a oibleagáidí i leith an mhargaidh ar líne nó i leith tomhaltóirí a chomhlíonadh, mura ndearna an margadh ar líne costais na mbeart arbh éigean dó glacadh leo mar thoradh, a ghearradh ar an trádálaí cheana féin.*** |
| | ***Tá an tomhaltóir i dteideal sásamh ón margadh ar líne as mainneachtain an mhargaidh ar líne na hoibleagáidí faoin Roinn seo a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 251**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an líon díospóidí arna gcur faoi bhráid na gcomhlachtaí um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt dá dtagraítear in Airteagal 18, torthaí an réitigh díospóide agus an mheántréimhse ama a theastóidh chun na nósanna imeachta um réiteach díospóidí a chur i gcrích; | (a) an líon díospóidí arna gcur faoi bhráid na gcomhlachtaí ***deimhnithe*** um réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt dá dtagraítear in Airteagal 18, torthaí an réitigh díospóide agus an mheántréimhse ama a theastóidh chun na nósanna imeachta um réiteach díospóidí a chur i gcrích; |

**Leasú 252**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) an líon fionraíochtaí arna bhforchur de bhun Airteagal 20, ag déanamh idirdhealú idir fionraíochtaí a achtaíodh as inneachar ar ***follasach*** gur inneachar neamhdhleathach é a sholáthar, fógraí ar ***follasach*** gur fógraí gan bhunús iad a chur isteach agus gearáin ar ***follasach*** gur gearáin gan bhunús iad a chur isteach; | (b) an líon fionraíochtaí arna bhforchur de bhun Airteagal 20, lena ndéantar idirdhealú idir fionraíochtaí a achtaíodh as inneachar neamhdhleathach a sholáthar, fógraí gan bhunús a chur isteach agus gearáin gan bhunús a chur isteach; |

**Leasú 253**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) líon na bhfógrán a rinne an t-ardán ar líne a bhaint anuas, a lipéadú nó a dhíchumasú agus an bonn cirt atá leis na cinntí;*** |

**Leasú 254**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| 4. ***Féadfaidh*** an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun teimpléid a leagan síos maidir le foirm, inneachar agus mionsonraí eile tuarascálacha de bhun mhír 1. | 4. ***Déanfaidh*** an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun teimpléid a leagan síos maidir le foirm, inneachar agus mionsonraí eile tuarascálacha de bhun mhír 1. |

**Leasú 255**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. I gcás ina ndéanfar iad a fhoilsiú don phobal i gcoitinne, ní bheidh faisnéis sna tuarascálacha bliantúla trédhearcachta dá dtagraítear i mír 1 a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do ghníomhaíochtaí leanúnacha chun inneachar neamhdhleathach nó inneachar atá ina shárú ar théarmaí agus coinníollacha soláthraí óstála a chosc, a bhrath nó a bhaint anuas.*** |

**Leasú 256**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Trédhearcacht fógraíochta ar líne | Trédhearcachta ***agus rialú*** fógraíochta ar líne |

**Leasú 257**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na hardáin ar líne a thaispeánann fógraíocht ar a gcomhéadain ar líne a áirithiú gur féidir le faighteoirí na seirbhíse an méid seo a leanas a shainaithint, le haghaidh gach fógrán | ***1.*** Déanfaidh na hardáin ar líne a thaispeánann fógraíocht ***go díreach agus go hindíreach*** ar a gcomhéadain ar líne a áirithiú gur féidir le faighteoirí na seirbhíse an méid seo a leanas a shainaithint, le |

| | |
|---|---|
| sonrach a thaispeántar do gach faighteoir aonair, ar bhealach soiléir, gan débhrí agus i bhfíor-am: | haghaidh gach fógrán sonrach a thaispeántar do gach faighteoir aonair, ar bhealach soiléir, gan débhrí agus i bhfíor-am: |

**Leasú 258**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) gur fógrán é an fhaisnéis a thaispeántar; | (a) gur fógrán ***ar líne*** í an fhaisnéis ***nó cuid di*** a thaispeántar ***ar an gcomhéadan***; |

**Leasú 259**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) faisnéis bhríoch faoi na ***príomh***pharaiméadair a úsáideadh chun na faighteoirí dá dtaispeánfar an fógrán a chinneadh. | (c) faisnéis ***shoiléir***, fhóinteach ***agus aonfhoirmeach*** faoi na paraiméadair a úsáidtear chun an faighteoir a bhfuil an fógrán ar taispeáint dó a chinneadh; |

**Leasú 260**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Déanfaidh an t-ardán ar líne a chomhéadan ar líne a dhearadh agus a eagrú sa chaoi gur féidir le faighteoirí na seirbhíse a gcearta a fheidhmiú go héasca agus go héifeachtúil faoi dhlí is infheidhme an Aontais maidir lena sonraí pearsanta a phróiseáil le haghaidh gach fógrán sonrach a thaispeántar don ábhar sonraí ar an ardán.*** |

**Leasú 261**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Áiritheoidh ardáin ar líne a thaispeánann fógráin ar a gcomhéadain ar líne go ndéanfaidh fógróirí an méid seo a leanas:*** |
| | ***(a) gur féidir leo faisnéis a iarraidh agus a fháil maidir leis an áit inar cuireadh a bhfógráin;*** |
| | ***(b) gur féidir leo faisnéis a iarraidh agus a fháil maidir leis an mbróicéir a phróiseáil a gcuid sonraí;*** |
| | ***(c) gur féidir leo a léiriú cén suíomh ar leith nach féidir a gcuid fógraí a shuíomh. I gcás neamhchomhlíonadh na forála seo, beidh sé de cheart ag fógróirí leigheas breithiúnach a fháil.*** |

**Leasú 262**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1c. Ní cheadófar fógráin atá dírithe ar dhaoine aonair nó ar chodanna de dhaoine aonair atá faoi bhun 18 mbliana d'aois ar bhonn a sonraí pearsanta, a n-iompar, a gcuid gníomhaíochtaí nó a bpróifílithe de réir bhrí Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2016/679 a rianú.*** |

**Leasú 263**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Caibidil III – Roinn 4 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Oibleagáidí breise d'ardáin an-mhór ar líne | Oibleagáidí breise d'ardáin an-mhór ar |

| | |
|---|---|
| chun rioscaí córasacha a bhainistiú | líne, ardáin bheoshruthaithe***, seirbhísí teachtaireachtaí meandracha a úsáidtear chun críoch eile seachas chun críoch príobháideach nó neamhthráchtála agus inneall cuardaigh*** chun rioscaí córasach a bhainistiú |

**Leasú 264**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ardáin an-mhór ar líne | Ardáin an-mhór ar líne***, ardáin bheoshruthaithe, seirbhísí teachtaireachtaí meandracha a úsáidtear chun críoch eile seachas chun críoch príobháideach nó neamhthráchtála agus inneall cuardaigh*** |

**Leasú 265**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh feidhm ag an Roinn seo maidir le ***hardáin*** ar líne a chuireann a seirbhísí ar fáil do mheánlíon faighteoirí gníomhacha míosúla na seirbhíse san Aontas atá cothrom le 45 mhilliún nó níos airde, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 3. | 1. Beidh feidhm ag an Roinn seo maidir le ***seirbhísí ardáin*** ar líne***, seirbhísí ardáin beoshruthaithe, seirbhísí teachtaireachtaí meandracha a úsáidtear chun críoch eile seachas chun críoch príobháideach nó neamhthráchtála agus seirbhísí inneall cuardaigh*** a chuireann a seirbhísí ar fáil do mheánlíon faighteoirí gníomhacha míosúla na seirbhíse san Aontas atá cothrom le 45 mhilliún nó níos mó, arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 3. |

**Leasú 266**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh ***ardáin*** an-mhór ar líne aon rioscaí córasacha a eascraíonn ó fheidhmiú agus ón úsáid a bhaintear as a seirbhísí san Aontas a shainaithint, a anailísiú agus a mheas, ó dháta an chur i bhfeidhm dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 25(4), uair amháin sa bhliain ar a laghad ina dhiaidh sin. Bainfidh an measúnú riosca seo go sonrach lena gcuid seirbhísí agus beidh na rioscaí córasacha seo a leanas mar chuid de: | 1. Déanfaidh ***seirbhísí ardáin*** an-mhór ar líne***, seirbhísí ardáin beoshruthaithe, seirbhísí teachtaireachtaí meandracha a úsáidtear chun críoch eile seachas chun críoch príobháideach nó neamhthráchtála agus seirbhísí inneall cuardaigh*** sainaithint, anailísiú agus measúnú, ó dháta an chur i bhfeidhm dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 25(4), ***ar bhonn leanúnach agus*** uair amháin sa bhliain ar a laghad ina dhiaidh sin, ***ar dhóchúlacht agus ar dhéine*** aon rioscaí córasacha suntasacha ***lena n-áirítear an dóchúlacht agus déine,*** a eascraíonn ó fheidhmiú agus ón úsáid a bhaintear as a seirbhísí agus ***a ngníomhaíochtaí,*** san Aontas. Bainfidh an measúnú riosca seo go sonrach lena gcuid seirbhísí agus beidh na rioscaí córasacha seo a leanas mar chuid de: |

**Leasú 267**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) scaipeadh inneachair neamhdhleathaigh trína seirbhísí; | (a) an scaipeadh ***agus méadú*** ar inneachar neamhdhleathach trína seirbhísí***, lena n-áirítear táirgí agus seirbhísí neamhshábháilte agus neamhchomhlíontacha, i gcás margaí ar líne***; |

**Leasú 268**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) aon éifeachtaí diúltacha ar fheidhmiú na gceart bunúsach maidir le hómós a thabhairt do shaol príobháideach an duine agus do shaol an teaghlaigh, don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, don toirmeasc ar idirdhealú agus do chearta an linbh, mar a chumhdaítear in Airteagail 7, 11, 21 agus 24 den Chairt faoi seach; | (b) aon éifeachtaí diúltacha ar fheidhmiú ***aon cheann de*** na cearta bunúsacha ***a liostaítear sa Chairt, go háirithe maidir leis na cearta bunúsacha*** i dtaobh urraim a thabhairt don saol príobháideach agus do shaol an teaghlaigh, do ***dhínit an duine,*** don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, do ***shaoirse agus iolrachas na meán,*** don toirmeasc ar idirdhealú agus do chearta an linbh, mar a chumhdaítear in Airteagail 7, 11, 21 agus 24 den Chairt faoi seach, ***de shiocair gníomhaíocht neamhdhleathach***; |

**Leasú 269**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ionramháil a seirbhíse d'aon ghnó, ***lena n-áirítear*** trí úsáid bhréagach a bhaint as an tseirbhís nó le huathshaothrú na seirbhíse, lena mbaineann éifeacht dhiúltach iarbhír nó intuartha ar chosaint na sláinte poiblí, mionaoiseach, an dioscúrsa shibhialta, nó lena mbaineann éifeachtaí iarbhír nó intuartha a bhaineann le próisis thoghchánacha agus leis an tslándáil phoiblí. | (c) cúbláil a seirbhíse d'aon ghnó, lena n-áirítear trí úsáid bhréagach a bhaint as an tseirbhís, ***amhail 'domhainbhrionnuithe'*** nó le huathshaothrú na seirbhíse, lena mbaineann éifeacht dhiúltach iarbhír nó ***intuartha nó neamhdhleathach*** ar chosaint na sláinte poiblí, na mionaoiseach, ***na luachanna daonlathacha, shaoirse na meán agus shaoirse na n-iriseoirí a dtuairimí a nochtadh, mar aon lena gcumas fíorais a fhíorú,*** an dioscúrsa shibhialta, nó éifeachtaí iarbhír nó intuartha a bhaineann le próisis thoghchánacha agus leis an tslándáil phoiblí. |

**Leasú 270**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| 2. Le linn do na measúnuithe riosca a bheith á ndéanamh, cuirfidh ardáin an-mhór ar líne, go háirithe, an tionchar atá ag a gcórais mhodhnaithe inneachair, a gcórais moltaí agus a gcórais chun fógráin a roghnú agus a thaispeáint ar aon cheann de na rioscaí córasacha dá dtagraítear i mír 1 san áireamh, lena n-áirítear scaipeadh inneachar neamhdhleathach ***agus faisnéise atá ar neamhréir lena dtéarmaí agus coinníollacha*** agus a d'fhéadfadh a bheith mear agus forleathan. | 2. Le linn do na measúnuithe riosca a bheith á ndéanamh, déanfaidh ardáin an-mhór ar líne ***freisin***, go háirithe, an tionchar atá ag a gcórais modhnaithe inneachair, a gcórais mholtóra agus a gcórais chun fógráin a roghnú agus a thaispeáint ar aon cheann de na rioscaí córasacha dá dtagraítear i mír 1 a chur san áireamh, lena n-áirítear scaipeadh inneachair neamhdhleathaigh agus faisnéise a d'fhéadfadh a bheith mear agus forleathan. |

**Leasú 271**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Cuirfear toradh an measúnaithe riosca agus na doiciméid tacaíochta in iúl do Bhord na gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha agus do Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta.*** |

**Leasú 272**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh ***ardáin*** an-mhór ar líne bearta maolaithe réasúnta, comhréireacha agus ***éifeachtacha*** atá oiriúnaithe do na rioscaí córasacha sonracha dá dtagraítear in Airteagal 26 i bhfeidhm. D'fhéadfadh go mbeadh na nithe seo a leanas i measc na mbeart sin, i gcás inarb infheidhme: | 1. Déanfaidh ***seirbhísí ardáin*** an-mhór ar líne***, seirbhísí ardáin beoshruthaithe, seirbhísí teachtaireachtaí meandracha a úsáidtear chun críoch eile seachas chun críoch príobháideach nó neamhthráchtála agus seirbhísí inneall cuardaigh*** bearta réasúnta, comhréireacha agus éifeachtacha a chur i bhfeidhm, ***chun maolú a dhéanamh ar dhóchúlacht agus ar dhéine aon rioscaí córasacha suntasacha, lena n-áirítear an dóchúlacht agus déine, a eascraíonn ó fheidhmiú agus ón úsáid a bhaintear as a seirbhísí*** arna sainaithint de bhun Airteagal 26. |

D'fhéadfadh go mbeadh na nithe seo a leanas ar áireamh leis na bearta sin, i gcás inarb infheidhme:

**Leasú 273**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) oiriúnú a dhéanamh ar chórais modhnaithe inneachair nó córais moltaí, na próisis chinnteoireachta a bhaineann leo, gnéithe dá gcuid seirbhísí nó feidhmiú a gcuid seirbhísí, nó a dtéarmaí agus coinníollacha; | (a) oiriúnú a dhéanamh ar chórais modhnaithe inneachair nó córais mholtóra, na próisis chinnteoireachta a bhaineann leo, ***dearadh,*** gnéithe dá gcuid seirbhísí nó feidhmiú a gcuid seirbhísí, nó a dtéarmaí agus coinníollacha; |

**Leasú 274**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) comhar a thionscnamh nó a leasú le comharthóirí iontaofa i gcomhréir le hAirteagal ***19***; | (d) comhar a thionscnamh nó a leasú le comharthóirí iontaofa i gcomhréir le hAirteagal ***14a***; |

**Leasú 275**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) i gcás margaí an-mhór ar líne agus an fhaisnéis maidir le sáruithe athuaire dá dtagraítear in Airteagal 20(1d) á cur san áireamh, agus tús á chur le caidreamh conarthach le trádálaí;*** |

**Leasú 276**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(e) comhar a thionscnamh nó a leasú le hardáin eile ar líne trí na cóid iompair agus trí na prótacail ghéarchéime dá dtagraítear in Airteagail 35 agus 37 faoi seach.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 277**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Déanfaidh ardáin an-mhór ar líne bearta leormhaithe chun físeáin bhréagacha ('domhainbhrionnuithe') a bhrath. Agus físeáin den sórt sin á mbrath acu, ba cheart dóibh iad a lipéadú mar chinn bhréagacha ar bhealach atá le feiceáil go soiléir ag an úsáideoir idirlín.*** |

**Leasú 278**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. I gcás ina gcinneann ardán an-mhór ar líne gan aon cheann de na bearta maolaitheacha a liostaítear in Airteagal 27(1) a chur i bhfeidhm, cuirfidh sé míniú i scríbhinn ar fáil ina mbeidh cur síos ar na cúiseanna nár cuireadh na bearta sin i bhfeidhm, don Bhord i bhfianaise moltaí sonracha a eisiúint agus d'iniúchóirí neamhspleácha chun críocha na tuarascála iniúchóireachta.*** <br><br> ***Tar éis an mhínithe i scríbhinn ar na cúiseanna atá ag na hardáin an-mhór ar*** |

***líne gan bearta maolaithe a chur i bhfeidhm, agus i gcás inar gá, eiseoidh an Bord moltaí sonracha maidir leis na bearta maolaithe a chuirfidh ardáin an-mhór ar líne chun feidhme in ionad na mbeart a liostaítear in Airteagal 27(1). Déanfaidh ardáin an-mhór ar líne na bearta molta a chur chun feidhme laistigh de mhí amháin ó na moltaí sin a fháil.***

***I gcás ina mainníonn an t-ardán an-mhór ar líne arís agus arís eile bearta maolaitheacha éifeachtacha a dhéanamh agus i gcás neamhchomhlíonadh leanúnach na moltaí, féadfaidh an Bord comhairle a chur ar an gCoimisiún agus ar na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha smachtbhannaí a fhorchur i gcomhréir le Caibidil IV.***

**Leasú 279**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) sainaithint agus measúnú ar na rioscaí córasacha ***is mó agus is mó a thagann chun cinn arís agus arís*** de réir tuairiscí ó ardáin an-mhór ar líne nó a sainaithníodh trí fhoinsí faisnéise eile, go háirithe iad siúd atá á soláthar i gcomhréir le hAirteagail 31 agus 33; | (a) sainaithint agus measúnú ar na rioscaí córasacha ***uile*** arna dtuairisciú ag ardáin an-mhór ar líne nó a sainaithníodh trí fhoinsí faisnéise eile, go háirithe iad siúd atá á soláthar i gcomhréir le hAirteagail 31 agus 33; |

**Leasú 280**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Féadfaidh*** an Coimisiún, i gcomhar leis na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, treoirlínte ginearálta a eisiúint faoi chur i bhfeidhm mhír 1 i ndáil le rioscaí sonracha, go háirithe maidir le dea- | 3. ***Déanfaidh*** an Coimisiún, i gcomhar leis na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, ***agus tar éis comhairliúchán poiblí*** treoirlínte ginearálta a eisiúint faoi chur i bhfeidhm |

chleachtais reatha agus bearta féideartha a mholadh, agus aird chuí á tabhairt ar iarmhairtí féideartha na mbeart ar chearta bunúsacha a chumhdaítear i gCairt na bpáirtithe uile lena mbaineann. ***Eagróidh an Coimisiún comhairliúcháin phoiblí le linn ullmhú na dtreoirlínte sin.***

mhír 1 i ndáil le rioscaí sonracha, go háirithe maidir le dea-chleachtais reatha agus bearta féideartha a mholadh, agus aird chuí á tabhairt ar iarmhairtí féideartha na mbeart ar chearta bunúsacha a chumhdaítear i gCairt na bpáirtithe uile lena mbaineann.

**Leasú 281**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 27a*** |
| | ***Rioscaí a mhaolú i gcás na saoirse chun tuairimí a nochtadh agus shaoirse agus iolrachas na meán*** |
| | ***1. Áiritheoidh ardáin an-mhór ar líne go ndéanfar feidhmiú na gceart bunúsach chun tuairimí a nochtadh agus saoirse agus iolrachas na meán a chosaint go leormhaith agus go héifeachtach i gcónaí.*** |
| | ***2. I gcás ina lamhálann ardáin an-mhór ar líne do scaipeadh preasfhoilseachán ar an bpobal de réir bhrí Airteagal 2(4) de Threoir (AE) 2019/790, agus seirbhísí meán closamhairc de réir bhrí Airteagal 1(1)(a) de Threoir 2010/13/AE (AVMS) nó meáin eagarthóireachta eile, a fhoilsítear i gcomhréir le dlí infheidhme an Aontais agus leis an dlí náisiúnta is infheidhme faoi fhreagracht eagarthóireachta agus rialú foilsitheora preasa, soláthraí closamhairc nó soláthraí eile seirbhísí meán, ar féidir iad a chur faoi dhliteanas faoi dhlíthe Ballstáit, beidh cosc ar na hardáin ón inneachar nó na seirbhísí sin a bhaint anuas, rochtain orthu a dhíchumasú, iad a chur ar fionraí nó ó chur isteach orthu ar shlí eile nó ó chuntais na soláthraithe seirbhísí a fhionraí nó a fhoirceannadh ar bhonn*** |

***neamhréireacht líomhnaithe an inneachair sin lena dtéarmaí agus coinníollacha, agus ar bhonn aon chaighdeán nó beart féinrialála nó comhrialála, lena n-áirítear Cóid Iompair de bhun Airteagal 35 den Rialachán seo. Is amhlaidh a bheidh sé i gcás leabhar agus scannán nó nochtadh eile ar thuairimí nó ar ráitis fíorais chun críoch an chirt chun tuairimí a nochtadh a fheidhmiú mar atá cumhdaithe in Airteagal 11 den Chairt.***

***3. Áiritheoidh ardáin an-mhór ar líne go mbeidh a modhnóireacht inneachair, a bpróisis chinnteoireachta, gnéithe nó feidhmiú a seirbhísí, a dtéarmaí agus a gcoinníollacha agus a gcórais mholtóra oibiachtúil, cothrom agus neamh-idirdhealaitheach.***

**Leasú 282**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh ardáin an-mhór ar líne faoi réir, ar a gcostas féin agus uair amháin sa bhliain ar a laghad, iniúchóireachtaí chun comhlíontacht leis na nithe seo a leanas a mheas: | 1. Beidh ardáin an-mhór ar líne faoi réir, ar a gcostas féin agus uair amháin sa bhliain ar a laghad, iniúchóireachtaí ***neamhspleácha*** chun comhlíontacht leis na nithe seo a leanas a mheas: |

**Leasú 283**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) na hoibleagáidí a leagtar amach i gCaibidil III; | (a) na hoibleagáidí a leagtar amach i gCaibidil III***, go háirithe cáilíocht shainaithint, anailís agus mheasúnú na rioscaí dá dtagraítear in Airteagal 26, agus riachtanas, comhréireacht agus éifeachtacht na mbeart maolaithe riosca*** |

| | |
|---|---|
| | *dá dtagraítear in Airteagal 27*; |

**Leasú 284**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Áireofar sna príomhpharaiméadair dá dtagraítear i mír 1 na nithe seo a leanas ar a laghad:*** |
| | ***(a) critéir na bpríomhpharaiméadar;*** |
| | ***(b) an chaoi a dtugtar tosaíocht do na critéir sin;*** |
| | ***(c) sprioc bharrfheabhsaithe an chórais moltóra ábhartha; agus*** |
| | ***(d) an ról atá ag iompar faighteora i gcinneadh aschuir an chórais moltóra más infheidhme.*** |

**Leasú 285**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina bhfuil roghanna iomadúla ar fáil de bhun mhír 1, soláthróidh ardáin an-mhór ar líne feidhmiúlacht ar féidir teacht go héasca uirthi ar a gcomhéadan ar líne ag ceadú d'fhaighteoir na seirbhíse a rogha thosaíochta a roghnú agus a mhodhnú tráth ar bith le haghaidh gach ceann de na córais mholtóra lena gcinntear ord coibhneasta na faisnéise a chuirtear faoina mbráid. | ***scriosta*** |

**Leasú 286**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 2 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***2a. Beidh na paraiméadair a mbainfear úsáid astu i gcórais mholtóra cothrom agus neamh-idirdhealaitheach i gcónaí.*** |

**Leasú 287**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 22 b (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***2b. Áiritheoidh ardáin an-mhór ar líne go ndéanfar a gcomhéadan ar líne a cheapadh ar bhealach a fhágfaidh nach mbeidh baol ann go ndéanfaidh an comhéadan faighteoirí na seirbhíse a chur amú ná a chúbláil.*** |

**Leasú 288**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – teideal**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| Trédhearcacht bhreise le haghaidh fógraíocht ar líne | Trédhearcacht ***agus cosaint*** bhreise le haghaidh fógraíocht ar líne |

**Leasú 289**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 1**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 1. Tiomsóidh ardáin an-mhór ar líne a thaispeánann fógraíocht ar a gcomhéadain ar líne stór ina bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 agus cuirfidh siad an stór sin ar fáil ***go poiblí*** trí chomhéadain feidhmchláir, go ceann bliana tar éis an dáta a raibh an fógrán ar taispeáint den uair dheiridh ar a gcomhéadain ar líne. Áiritheoidh siad nach bhfuil aon fhaisnéis | 1. Tiomsóidh ardáin an-mhór ar líne a thaispeánann fógraíocht ar a gcomhéadain ar líne, stór ***atá inrochtana agus inchuardaithe go héasca*** ina bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 agus cuirfidh siad an stór sin ar fáil ***do na húdaráis ábhartha agus do thaighdeoirí grinnfhiosraithe a chomhlíonann ceanglais Airteagal 31(4),*** trí chomhéadain |

| | |
|---|---|
| phearsanta de chuid fhaighteoirí na seirbhíse ar taispeánadh an fógrán dóibh nó a bhféadfadh sé gur taispeánadh an fógrán dóibh sa stór sin. | feidhmchláir, go ceann ***6 mhí*** tar éis an fógrán a thaispeáint den uair dheiridh ar a gcomhéadain ar líne. Áiritheoidh siad nach bhfuil aon fhaisnéis phearsanta de chuid fhaighteoirí na seirbhíse ar taispeánadh an fógrán dóibh nó a bhféadfadh sé gur taispeánadh an fógrán dóibh sa stór sin. |

**Leasú 290**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) an duine nádúrtha nó duine dlítheanach a bhfuil an fógra á thaispeáint thar a cheann; | (b) an duine nádúrtha nó duine dlítheanach a bhfuil an fógra á thaispeáint ***nó maoinithe*** thar a cheann; |

**Leasú 291**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 2 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(d) cibé an raibh sé mar rún an fógrán a thaispeáint go sonrach do ghrúpa amháin d'fhaighteoirí na seirbhíse nó do níos mó ná grúpa amháin d'fhaighteoirí na seirbhíse agus má bhí, na príomhpharaiméadair a úsáideadh chun na críche sin;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 292**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(e) an líon iomlán d'fhaighteoirí na seirbhíse a sroicheadh agus, i gcás inarb infheidhme, uimhreacha comhiomlána don ghrúpa nó do na grúpaí faighteoirí ar*** | ***scriosta*** |

***ar díríodh an fógrán go sonrach.***

**Leasú 293**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Áiritheoidh ardáin an-mhóra ar líne a dhíolann fógraíocht le cur ar taispeáint ar a gcomhéadan ar líne, trí chlásail chonarthacha chaighdeánacha le ceannaitheoirí spáis fógraíochta, go bhfuil an t-inneachar lena bhfuil baint ag an bhfógraíocht i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha an ardáin, nó le dlí na mBallstát ina bhfuil faighteoirí na seirbhíse suite ar dóibh a dhéanfar an fhógraíocht a thaispeáint.*** |

**Leasú 294**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Cuirfear toirmeasc ar ardáin an-mhór ar líne próifíliú nó díriú ar mhionaoisigh le fógraíocht phearsantaithe, i gcomhréir leis na caighdeáin tionscail a leagtar síos in Airteagal 34 agus i Rialachán (AE) 2016/679.*** |

**Leasú 295**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 2 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2c. Déanfaidh an t-ardán ar líne a chomhéadan ar líne a dhearadh agus a eagrú sa chaoi gur féidir le faighteoirí na*** |

|  |  |
|---|---|
|  | ***seirbhíse a gcearta a fheidhmiú go héasca agus go héifeachtúil faoi dhlí is infheidhme an Aontais maidir lena sonraí pearsanta a phróiseáil le haghaidh gach fógrán sonrach a thaispeántar don ábhar sonraí ar an ardán, go háirithe an méid seo a leanas:*** |
|  | ***(a) toiliú a tharraingt siar nó agóid a dhéanamh i gcoinne próiseála;*** |
|  | ***(b) rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta a bhaineann leis an ábhar sonraí;*** |
|  | ***(c) go ndéanfar ceartú ar shonraí pearsanta míchruinne a bhaineann leis an ábhar sonraí;*** |
|  | ***(d) léirscriosadh sonraí pearsanta a fháil gan moill mhíchuí;*** |
|  | ***(e) i gcás ina bhfeidhmíonn faighteoir aon cheann de na cearta sin, ní foláir don ardán ar líne aon pháirtithe a bhfuil na sonraí pearsanta lena mbaineann i bpointe (a) go pointe (d) den mhír seo iniata leo a chur ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) 2016/679.*** |

**Leasú 296**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh ardáin an-mhór ar líne ar fáil do Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta nó don Choimisiún, ar iarraidh réasúnaithe a fháil uathu agus laistigh de thréimhse réasúnta, atá sonraithe san iarraidh, rochtain ar shonraí atá riachtanach chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht leis an Rialachán seo. Is chun na gcríoch sin amháin a úsáidfidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha agus an Coimisiún an fhaisnéis sin. | 1. Cuirfidh ardáin an-mhór ar líne ar fáil do Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta nó don Choimisiún, ar iarraidh réasúnaithe a fháil uathu agus laistigh de thréimhse réasúnta, ***agus laistigh de 72 uair an chloig ar a uasmhéid,*** atá sonraithe san iarraidh, ***faisnéis agus rochtain iomlán agus leanúnach ar shonraí a chur ar fáil atá riachtanach chun monatóireacht chuí agus*** measúnú ***cuí a dhéanamh*** ar chomhlíontacht leis an Rialachán seo. Is |

chun na gcríoch sin amháin a úsáidfidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha agus an Coimisiún an fhaisnéis sin. ***Maidir le modhnóireacht agus córais mholtóra, cuirfidh ardáin an-mhór ar líne, ar iarraidh a fháil, rochtain ar fáil don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha nó don Choimisiún ar algartaim agus sonraí a bhaineann leo lena lamháiltear do chlaonta a d'fhéadfadh a bheith ann a bhrath, a bhféadfadh scaipeadh inneachair neamhdhleathaigh nó inneachar atá ina shárú ar a dtéarmaí agus coinníollacha a bheith mar thoradh orthu, nó atá ina bhagairt ar chearta bunúsacha, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh. Nuair a bhraitear claontacht, ba cheart d'ardáin an-mhór ar líne í a cheartú go mear, i gcomhréir leis na moltaí ón gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha nó ón gCoimisiún. Ba cheart go mbeadh ardáin an-mhór ar líne in ann a gcomhlíonadh a léiriú ag gach céim den phróiseas den bhun an Airteagail sin.***

**Leasú 297**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ar iarraidh réasúnaithe a fháil ó Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta nó ón gCoimisiún, cuirfidh ardáin an-mhór ar líne rochtain ar shonraí ar fáil do thaighdeoirí grinnfhiosraithe a chomhlíonann na ceanglais i mír 4 den Airteagal seo, laistigh de thréimhse réasúnta, mar atá sonraithe san iarraidh, agus é mar aon chuspóir amháin leis an rochtain sin taighde a dhéanamh a chuireann le sainaithint agus tuiscint na rioscaí córasacha mar a leagtar amach in ***Airteagal*** 26***(1)***. | 2. Ar iarraidh réasúnaithe a fháil ó Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta nó ón gCoimisiún, cuirfidh ardáin an-mhór ar líne rochtain ar shonraí ar fáil do thaighdeoirí grinnfhiosraithe a chomhlíonann na ceanglais i mír 4 den Airteagal seo, laistigh de thréimhse réasúnta, mar atá sonraithe san iarraidh, agus é mar aon chuspóir amháin leis an rochtain sin taighde a dhéanamh a rannchuidíonn le sainaithint agus tuiscint ***agus maolú*** na rioscaí sistéamacha mar a leagtar amach in ***Airteagail*** 26 ***agus 27***. |

**Leasú 298**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Cuirfidh ardáin an-mhór ar líne rochtain ar shonraí de bhun mhír 1 agus mír 2 ar fáil trí bhunachair sonraí ar líne nó trí chomhéadain feidhmchláir, de réir mar is iomchuí. | 3. Cuirfidh ardáin an-mhór ar líne rochtain ar shonraí de bhun mhír 1 agus mír 2 ar fáil ***ar feadh tréimhse theoranta*** trí bhunachair sonraí ar líne nó trí chomhéadain feidhmchláir, de réir mar is iomchuí ***i bhformáid atá inrochtana go héasca agus soláimhsithe***. ***Ní áireofar sonraí pearsanta leis sin ach amháin sa chás ina bhfuil siad inrochtana ag an bpobal go dleathach agus gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679.*** |

**Leasú 299**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. D'fhonn a bheith grinnfhiosraithe, ní mór do thaighdeoirí a bheith cleamhnaithe le hinstitiúid acadúil, a bheith neamhspleách ó leasa trádála, taifid chruthaithe ar shaineolas sna réimsí a bhaineann leis na rioscaí a ndéantar imscrúdú orthu a bheith acu, agus geallfaidh siad agus beidh siad ábalta na ceanglais maidir le slándáil sonraí agus rúndacht a ghabhann le gach iarraidh a chaomhnú. | 4. Chun bheith grinnfhiosraithe, beidh taighdeoirí ***eolaíocha*** cleamhnaithe le hinstitiúid acadúil, beidh siad neamhspleách ó leasanna trádála ***an ardáin an-mhór ar líne nó a iomaitheoirí óna bhfuil sonraí á lorg acu, déanfaidh siad na foinsí cistiúcháin lena maoinítear a dtaighde a nochtadh,*** beidh taifid chruthaithe acu ar shaineolas sna réimsí a bhaineann leis na rioscaí a ndéantar imscrúdú orthu nó leis na modheolaíochtaí taighde gaolmhara, agus déanfaidh siad gealladh a thabhairt agus beidh siad ábalta na ceanglais maidir le slándáil sonraí agus rúndacht a ghabhann le gach iarraidh a chaomhnú. |

**Leasú 300**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Glacfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an mBord, gníomhartha tarmligthe ina leagtar síos na coinníollacha teicniúla faoina bhfuil ar ardáin an-mhór ar líne sonraí a roinnt de bhun mhír 1 agus 2 agus na críocha ar féidir na sonraí a úsáid ina leith. Leagfar síos sna gníomhartha tarmligthe sin na coinníollacha sonracha faoinar féidir sonraí a roinnt le taighdeoirí grinnfhiosraithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679, ag cur san áireamh cearta agus leasa na n-ardán an-mhór ar líne agus fhaighteoirí na seirbhíse lena mbaineann, lena n-áirítear faisnéis rúnda a chosaint, go háirithe rúin trádála, agus slándáil a seirbhíse a chothabháil. | 5. Déanfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an mBord***, agus tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo***, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ina leagtar síos na coinníollacha teicniúla faoina bhfuil ar ardáin an-mhór ar líne sonraí a roinnt de bhun mhír 1 agus 2 agus na críocha ar féidir na sonraí a úsáid ina leith. Leagfar síos sna gníomhartha tarmligthe sin na coinníollacha sonracha faoinar féidir sonraí a roinnt le taighdeoirí grinnfhiosraithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679, agus cearta agus leasa na n-ardán an-mhór ar líne agus fhaighteoirí na seirbhíse lena mbaineann á gcur san áireamh, lena n-áirítear faisnéis rúnda a chosaint, go háirithe rúin trádála, agus slándáil a seirbhíse a chothabháil. |

**Leasú 301**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Laistigh de 15 lá tar éis iarraidh dá dtagraítear i ***mír*** 1 agus i ***mír*** 2 a fháil, féadfaidh ardán an-mhór ar líne iarraidh ar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta nó ar an gCoimisiún, de réir mar is infheidhme, an iarraidh a leasú, i gcás ina measann sé nach féidir leis rochtain ar na sonraí a chur ar fáil ***i ngeall ar ar aon ceann amháin*** den ***dá*** chúis a leanas: | 6. Laistigh de 15 lá tar éis iarraidh dá dtagraítear i ***míreanna*** 1 agus 2 a fháil, féadfaidh ardán an-mhór ar líne iarraidh ar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta nó ar an gCoimisiún, de réir mar is infheidhme, an iarraidh a leasú, i gcás ina measann sé nach féidir leis rochtain ar na sonraí arna iarraidh a chur ar fáil ***i ngeall ar*** an cúiseanna seo a leanas: |
| (a) níl rochtain ***aige*** ar na sonraí; | (a) ***i gcás iarraidh faoi mhír 1,*** níl ***rochtain ar na sonraí ag ardán an-mhór ar líne agus ní féidir leis*** rochtain ar na sonraí ***a fháil le hiarracht réasúnach;*** |
| (b) bainfidh leochaileachtaí suntasacha i ndáil le slándáil a sheirbhíse nó cosaint faisnéise rúnda, go háirithe rúin trádála, le | (b) ***i gcás iarraidh faoi mhír 2, ní bheidh rochtain ag ardán an-mhór ar líne ar na sonraí nó má thugtar*** rochtain ar na |

| | |
|---|---|
| rochtain ***a thabhairt*** ar na sonraí sin. | sonraí, beidh leochaileachtaí suntasacha ann maidir le slándáil a sheirbhíse nó maidir leis an gcosaint ar fhaisnéis rúnda, go háirithe rúin trádála. |

**Leasú 302**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***7. Ní mór go mbeadh tograí le haghaidh modh malartach amháin nó níos mó trínar féidir rochtain ar na sonraí a iarradh nó ar shonraí eile atá iomchuí agus leordhóthanach chun críche na hiarrata sna hiarrataí ar leasú de bhun phointe (b) de mhír 6.*** <br> ***Déanfaidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta nó an Coimisiún cinneadh faoin iarraidh ar leasú laistigh de 15 lá agus cuirfidh siad an cinneadh sin in iúl don ardán an-mhór ar líne mar aon leis, i gcás inarb ábhartha, an iarraidh leasaithe agus an tréimhse nua ama chun an iarraidh a chomhlíonadh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 303**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 7 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7. Ar an taighde dá bhforáiltear in Airteagal 31(2) a thabhairt chun críche, déanfaidh na taighdeoirí grinnfhiosraithe torthaí a dtaighde a chur ar fáil go poiblí, agus cearta agus leasanna fhaighteoirí na seirbhíse lena mbaineann á gcur san áireamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/679.*** |

**Leasú 304**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 31 – mír 8 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8. Uair sa bhliain, déanfaidh na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha agus an Coimisiún tuairisciú ar an bhfaisnéis seo a leanas:*** |
| | ***(a) líon na n-iarrataí a rinneadh orthu dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2;*** |
| | ***(b) líon na n-iarrataí sin ar dhiúltaigh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha nó an Coimisiún dóibh agus na cúiseanna ar ar diúltaíodh iad;*** |
| | ***(c) líon na n-iarrataí sin ar dhiúltaigh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha nó an Coimisiún dóibh, lena n-áirítear na cúiseanna ar ar diúltaíodh iad, tar éis d'ardán an-mhór ar líne a iarraidh ar an gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha nó ar an gCoimisiún leasú a dhéanamh ar iarraidh dá dtagraítear i míreanna agus 2.*** |

**Leasú 305**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 32 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Cuirfidh ardáin an-mhór ar líne ainm agus sonraí teagmhála an oifigigh comhlíontachta in iúl ***do Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta agus don Choimisiún***. | 5. Cuirfidh ardáin an-mhór ar líne ainm agus sonraí teagmhála an oifigigh comhlíontachta in iúl. |

**Leasú 306**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 33 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| | ***2a. Áireofar modhnóireacht inneachair sna tuarascálacha agus foilseofar iad i dteangacha oifigiúla Bhallstáit an Aontais.*** |

**Leasú 307**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(f) tarchur sonraí idir idirghabhálaithe fógraíochta mar thaca le hoibleagáidí trédhearcachta de bhun phointí (b) agus (c) d'Airteagal 24.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 308**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Ní chuirfidh easpa comhaontaithe maidir le caighdeáin dheonacha tionscail cosc ar infheidhmeacht nó ar chur chun feidhme aon bheart a leagtar amach sa rialachán seo.*** |

**Leasú 309**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Spreagfaidh*** agus éascóidh an Coimisiún cóid iompair a tharraingt suas ar leibhéal an Aontais chun cur le cur i bhfeidhm ceart an Rialacháin seo, ag cur na ndúshlán sonrach a bhaineann le dul i ngleic le cineálacha éagsúla inneachar neamhdhleathach agus rioscaí córasacha, i gcomhréir le dlí an Aontais, san áireamh, go háirithe maidir le hiomaíocht agus | 1. Beidh sé ***de cheart*** ag an gCoimisiún agus ag an mBord a iarraidh agus éascú a dhéanamh ar tharraingt suas cóid iompair ar leibhéal an Aontais chun rannchuidiú le cur i bhfeidhm ceart an Rialacháin seo, agus na dúshláin shonracha a bhaineann le dul i ngleic le cineálacha éagsúla inneachair neamhdhleathaigh agus rioscaí córasacha á gcur i gcuntas ***mar a*** |

sonraí pearsanta a chosaint.

***shainítear i ndlí an Aontais agus sa dlí náisiúnta***, i gcomhréir le dlí an Aontais, go háirithe maidir le hiomaíocht agus maidir leis an gcosaint ar shonraí pearsanta.

**Leasú 310**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina dtagann riosca córasach suntasach de réir bhrí Airteagal 26(1) chun cinn agus go mbaineann sé le roinnt ardáin an-mhór ar líne, féadfaidh am Coimisiún iarraidh ar na hardáin an-mhór ar líne lena mbaineann, ar ardáin an-mhór ar líne eile agus soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha eile, de réir mar is iomchuí, ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ar ***pháirtithe leasmhara*** eile, a bheith rannpháirteach i dtarraingt suas na gcód iompair, lena n-áirítear gealltanais a leagan amach chun bearta sonracha maolaithe riosca a ghlacadh, chomh maith le gnáthchreat tuairiscithe maidir le haon bhearta a rinneadh agus a dtorthaí. | 2. I gcás ina dtagann riosca córasach suntasach de réir bhrí Airteagal 26(1) i dtaca scaipeadh inneachair neamhdhleathaigh chun cinn agus go mbaineann sé le roinnt ardáin an-mhór ar líne, féadfaidh am Coimisiún iarraidh ar na hardáin an-mhór ar líne lena mbaineann, ar ardáin an-mhór ar líne eile agus ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha eile, de réir mar is iomchuí, ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ar ***gheallsealbhóirí ábhartha*** eile, a bheith rannpháirteach i dtarraingt suas na gcód iompair, lena n-áirítear gealltanais a leagan amach chun bearta sonracha maolaithe riosca a ghlacadh, chomh maith le gnáthchreat tuairiscithe maidir le haon bhearta a rinneadh agus a dtorthaí. |

**Leasú 311**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Le linn éifeacht a thabhairt do mhír 1 agus 2, beidh sé mar ***aidhm*** ag an gCoimisiún agus ag an mBord ***a*** áirithiú go leagtar a gcuspóirí amach go ***soiléir*** sna cóid iompair, go bhfuil príomhtháscairí feidhmíochta iontu le gnóthachtáil na gcuspóirí sin a thomhas agus chun aird chuí a thabhairt do riachtanais agus leasanna na ***bpáirtithe leasmhara*** uile, lena | 3. Le linn éifeacht a thabhairt do mhíreanna 1 agus 2, áiritheoidh an Coimisiún agus an Bord go leagfar a gcuspóirí amach go soiléir sna cóid iompair ***i dtaca le scaipeadh inneachair neamhdhleathaigh***, go mbeidh ***tacar*** príomhtháscairí feidhmíochta ***comhchuibhithe*** iontu chun gnóthachtáil na gcuspóirí sin a thomhas agus chun aird |

n-áirítear saoránaigh, ar leibhéal an Aontais. Beidh sé mar aidhm ag an gCoimisiún agus ag an mBord a áirithiú go dtuairiscíonn rannpháirtithe go tráthrialta don Choimisiún agus dá gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha ***bunaíochta*** faoi seach ***maidir le*** haon bhearta a rinneadh agus a dtorthaí, arna dtomhas in aghaidh na bpríomhtháscairí feidhmíochta atá mar chuid díobh, freisin.

chuí a thabhairt ar riachtanais agus leasanna na ***ngeallsealbhóirí ábhartha*** uile, lena n-áirítear saoránaigh, ar leibhéal an Aontais. Áiritheoidh an Coimisiún agus an Bord freisin go dtuairisceoidh rannpháirtithe go tráthrialta don Choimisiún agus dá gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha faoi seach maidir le haon bhearta a rinneadh agus a dtorthaí, arna dtomhas in aghaidh na bpríomhtháscairí feidhmíochta atá mar chuid díobh ***ar mhaithe le héascú a dhéanamh ar fhaireachán tras-ardáin éifeachtach***.

**Leasú 312**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfaidh an Coimisiún agus an Bord measúnú ar cibé an gcomhlíonann na cóid iompair na haidhmeanna a shonraítear i míreanna 1 agus 3, agus déanfaidh siad faireachán agus meastóireacht tráthrialta ar ghnóthachtáil a gcuspóirí. ***Déanfaidh siad*** a gconclúidí a fhoilsiú. | 4. Déanfaidh an Coimisiún agus an Bord measúnú ar cibé an gcomhlíonann na cóid iompair na haidhmeanna a shonraítear i míreanna 1 agus 3, agus déanfaidh siad faireachán agus meastóireacht tráthrialta ar ghnóthachtáil a gcuspóirí***, agus*** foilseoidh siad a gconclúidí. ***Thairis sin, áiritheoidh siad go mbeidh sásra coiteann foláirimh ann a bhainistítear ar leibhéal an Aontais chun gur féidir freagairtí fíor-ama agus freagairtí comhordaithe a thabhairt.*** |

**Leasú 313**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Déanfaidh an Bord faireachán agus measúnú ar ghnóthachtáil chuspóirí na gcód iompair go tráthrialta, ag féachaint do na príomhtháscairí feidhmíochta a d'fhéadfadh a bheith mar chuid díobh. | 5. Déanfaidh an Bord faireachán agus measúnú ar ghnóthachtáil chuspóirí na gcód iompair go tráthrialta, ag féachaint do na príomhtháscairí feidhmíochta a d'fhéadfadh a bheith mar chuid díobh. ***I gcás mainneachtain chórasach agus*** |

| | |
|---|---|
| | ***atriallach na Cóid Iompair a chomhlíonadh, déanfaidh an Bord cinneadh, mar rogha dheiridh, ardáin nach gcomhlíonann a ngealltanais mar shínitheoirí leis na Cóid Iompair a chur ar fionraí go sealadach nó a eisiamh go deimhnitheach tar éis rabhadh a thabhairt roimh ré.*** |

**Leasú 314**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 36 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Spreagfaidh agus éascóidh an Coimisiún tarraingt suas na gcód iompair ar leibhéal an Aontais idir, ardáin ar líne agus soláthraithe seirbhíse ábhartha eile, amhail soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha fógraíochta ar líne nó eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar an tseirbhís agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta nó údaráis ábhartha, chun rannchuidiú le trédhearcacht bhreise i bhfógraíocht ar líne a ghabhann thar cheanglais ***Airteagail 24 agus 30***. | 1. Spreagfaidh agus éascóidh an Coimisiún tarraingt suas na gcód iompair ar leibhéal an Aontais idir, ardáin ar líne agus soláthraithe seirbhíse ábhartha eile, amhail soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha fógraíochta ar líne nó eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar an tseirbhís agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta nó údaráis ábhartha, chun rannchuidiú le trédhearcacht bhreise i bhfógraíocht ar líne a ghabhann thar cheanglais ***Airteagal 30 den Rialachán seo agus Airteagal 6 de Threoir 2000/31/CE***. |

**Leasú 315**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 36 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh sé mar aidhm ag an gCoimisiún a áirithiú go saothraíonn na cóid iompair tarchur éifeachtach faisnéise, agus lánurraim á tabhairt do chearta agus leasanna na bpáirtithe rannpháirteacha, agus timpeallacht iomaíoch, thrédhearcach agus chothrom le haghaidh fógraíocht ar líne, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta, go háirithe i ndáil le hiomaíocht agus sonraí pearsanta a | 2. Beidh sé mar aidhm ag an gCoimisiún a áirithiú go saothraíonn na cóid iompair tarchur éifeachtach faisnéise, agus lánurraim á tabhairt do chearta agus leasanna na bpáirtithe rannpháirteacha, agus timpeallacht iomaíoch, thrédhearcach agus chothrom le haghaidh fógraíocht ar líne, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta, go háirithe i ndáil le hiomaíocht agus sonraí pearsanta a |

chosaint. Beidh sé mar aidhm ag an gCoimisiún a áirithiú go dtéitear i ngleic leis na nithe seo a leanas ar a laghad sna cóid iompair:

***(a) tarchur faisnéise atá i seilbh soláthraithe idirghabhálacha fógraíochta ar líne chuig faighteoirí na seirbhíse maidir leis na ceanglais a leagtar amach i bpointí (b) agus (c) d'Airteagal 24;***

***(b) tarchur faisnéise atá i seilbh soláthraithe idirghabhálacha fógraíochta ar líne chuig na stóir de bhun Airteagal 30.***

chosaint. Beidh sé mar aidhm ag an gCoimisiún a áirithiú go dtabharfar aghaidh ar a laghad sna cóid iompair ***ar tharchur na faisnéise atá i seilbh soláthraithe idirghabhálacha fógraíochta ar líne chuig na stórtha de bhun Airteagal 30.***

**Leasú 316**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 36 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh an Coimisiún forbairt na gcód iompair a spreagadh laistigh de bhliain amháin tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus a gcur i bhfeidhm tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an dáta sin. | 3. Déanfaidh an Coimisiún forbairt na gcód iompair a spreagadh laistigh de bhliain amháin tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus a gcur i bhfeidhm tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an dáta sin. ***Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur i bhfeidhm na gCód sin 2 bhliain tar éis chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 317**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh na húdaráis náisiúnta, áitiúla agus réigiúnacha ábhartha a gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha ar an eolas faoi éagsúlacht earnálacha na*** |

| | |
|---|---|
| | ***n-ardán agus na saincheisteanna a chumhdaítear leis an Rialachán seo;*** |

**Leasú 318**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Má mheasann an Coimisiún nach n-éiríonn le prótacal géarchéime dul i ngleic leis an gcás géarchéime ar bhealach éifeachtach, ná feidhmiú na gceart bunúsach dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 4 a chosaint, ***féadfaidh*** sé iarraidh ar na rannpháirtithe athbhreithniú a dhéanamh ar an bprótacal géarchéime, lena n-áirítear bearta breise a dhéanamh. | 5. Má mheasann an Coimisiún nach n-éiríonn le prótacal géarchéime dul i ngleic leis an gcás géarchéime ar bhealach éifeachtach, nó feidhmiú na gceart bunúsach dá dtagraítear i bpointe (e) de mhír 4 a chosaint, ***iarrfaidh*** sé ar na rannpháirtithe an prótacal géarchéime ***a bhaint anuas agus, i gcás inar gá,*** athbhreithniú a dhéanamh ar an bprótacal géarchéime, lena n-áirítear trí bhearta breise a dhéanamh. |

**Leasú 319**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ainmneoidh na Ballstáit ceann amháin de na húdaráis inniúla mar a gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha. Beidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha sin freagrach as gach ábhar a bhaineann le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin seo sa Bhallstát sin, ach amháin má tá cúraimí nó earnálacha sonracha ar leith sannta ag an mBallstát lena mbaineann d'údaráis inniúla eile. Beidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha freagrach in aon chás as comhordú na n-ábhar sin a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta agus as cur le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú éifeachtach agus comhsheasmhach an Rialacháin seo ar fud an Aontais. | 2. Ainmneoidh na Ballstáit ceann amháin de na húdaráis inniúla mar a gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha. Beidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha sin freagrach as gach ábhar a bhaineann le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú an Rialacháin seo sa Bhallstát sin, mura bhfuil cúraimí nó earnálacha sonracha ar leith sannta ag an mBallstát lena mbaineann d'údaráis inniúla eile. ***Beidh na cumhachtaí riachtanacha ag na húdaráis inniúla sin na cúraimí a dhéanamh nó maoirseacht a dhéanamh ar na hearnálacha a shanntar dóibh is a shanntar don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha maidir le feidhmiú agus forfheidhmiú an Rialacháin seo.*** Beidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha |

freagrach in aon chás as comhordú na n-ábhar sin a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta agus as rannchuidiú le cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú éifeachtach agus comhsheasmhach an Rialacháin seo ar fud an Aontais.

**Leasú 320**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh acmhainní airgeadais agus daonna leordhóthanacha ag na húdaráis inniúla, chomh maith le saineolas dlíthiúil agus teicniúil chun a gcúraimí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 321**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tá mír 2 gan dochar do chúraimí na gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha laistigh den chóras maoirseachta agus forfheidhmithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus don chomhar le húdaráis inniúla eile i gcomhréir le hAirteagal 38(2). Ní chuirfidh mír 2 cosc ar mhaoirseacht na n-údarás lena mbaineann i gcomhréir leis an dlí bunreachtúil náisiúnta. | 3. Tá mír 2 gan dochar do chúraimí na gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha laistigh den chóras maoirseachta agus forfheidhmithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus don chomhar le húdaráis inniúla eile i gcomhréir le hAirteagal 38(2). Ní chuirfidh mír 2 cosc ar mhaoirseacht na n-údarás lena mbaineann i gcomhréir leis an dlí bunreachtúil náisiúnta ***nó le leithdháileadh cumhachtaí breise faoi dhlí eile is infheidhme***. |

**Leasú 322**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh dlínse ag an mBallstát ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí seirbhísí idirghabhálacha lonnaithe chun críocha ***Chaibidil III agus IV den Rialachán seo***. | 1. Beidh dlínse ag an mBallstát ina bhfuil príomhbhunaíocht an tsoláthraí seirbhísí idirghabhálacha lonnaithe chun críocha ***Chaibidil III agus dlínse chríochnaitheach i dtaobh díospóidí maidir le horduithe arna n-eisiúint faoi Airteagail 8 agus 9***. |

**Leasú 323**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. De mhaolú ar mhír 1, beidh dlínse ag an mBallstát ina bhfuil cónaí ar an úsáideoir deiridh chun críocha Airteagail 22, 22a agus 22b agus beidh dlínse ag an mBallstát ina bhfuil an t-údarás a eisíonn an t-ordú suite chun críocha Airteagail 8 agus 9.*** |

**Leasú 324**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Beidh dlínse ag an mBallstát ina bhfuil gnáthchónaí ar na tomhaltóirí chun críocha Chaibidil III, Roinn 3.*** |

**Leasú 325**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tá míreanna 1, 2 agus 3 gan dochar don dara fomhír d'Airteagal 50(4) agus | 4. Tá míreanna 1, 2 agus 3 gan dochar d'***Airteagal 43(2),*** don dara fomhír |

don dara fomhír d’Airteagal 51(2) agus do chúraimí agus cumhachtaí an Choimisiúin faoi Roinn 3.

d’Airteagal 50(4) agus don dara fomhír d’Airteagal 51(2) agus do chúraimí agus cumhachtaí an Choimisiúin faoi Roinn 3.

**Leasú 326**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) an chumhacht le bearta eatramhacha a dhéanamh chun an baol go ndéanfaí díobháil thromchúiseach a sheachaint. | (e) an chumhacht le bearta eatramhacha ***comhréireacha*** a dhéanamh chun an baol go ndéanfaí díobháil thromchúiseach a sheachaint. |

**Leasú 327**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Tar éis iarraidh ar an gCoimisiún agus i gcásanna sáruithe leanúnacha, a d’fhéadfadh dochar tromchúiseach a dhéanamh d’fhaighteoirí na seirbhíse, nó a d’fhéadfadh difear tromchúiseach a dhéanamh dá gcearta bunúsacha, féadfaidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha sa Bhallstát ina bhfuil cónaí ar na húsáideoirí deiridh a bheith i dteideal cumhachtaí breise i gcreat na n-imscrúduithe comhpháirteacha dá dtagraítear in Airteagal 46.*** |

**Leasú 328**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 42 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe soláthraithe seirbhísí | 1. Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis ***lena n-áirítear fíneálacha riaracháin*** is infheidhme i leith |

idirghabhálacha faoina ndlínse ar an Rialachán seo a leagan síos agus déanfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad i gcomhréir le hAirteagal 41.

sáruithe ag soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha faoina ndlínse ar an Rialachán seo a leagan síos agus déanfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme ***go cuí agus go héifeachtach*** iad i gcomhréir le hAirteagal 41.

**Leasú 329**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 42 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh na pionóis éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir leis na rialacha sin agus na bearta sin agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasuithe ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh. | 2. Beidh na pionóis éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. ***Cuirfidh siad san áireamh go sonrach leas agus inmharthanacht eacnamaíoch na soláthraithe ar mhionscála agus na ngnólachtaí nuathionscanta***. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir leis na rialacha sin agus na bearta sin agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasuithe ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh. |

**Leasú 330**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh sé de cheart ag faighteoirí na seirbhíse gearán a thaisceadh in aghaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha ina líomhnófar sárú ar an Rialachán seo le Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha an Bhallstáit ina bhfuil an faighteoir ina chónaí nó bunaithe. Déanfaidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha measúnú ar an ngearán agus, i gcás inarb iomchuí, tarchuirfidh sé an gearán chuig Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta. I gcás ina dtagann an gearán faoi fhreagracht údarás inniúil eile ina | ***1.*** Beidh sé de cheart ag faighteoirí na seirbhíse gearán a thaisceadh in aghaidh soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha ina líomhnófar sárú ar an Rialachán seo le Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha an Bhallstáit ina bhfuil an faighteoir ina chónaí nó bunaithe. Déanfaidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha measúnú ar an ngearán agus, i gcás inarb iomchuí, tarchuirfidh sé an gearán chuig Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta. I gcás ina dtagann an gearán faoi fhreagracht údarás inniúil eile ina |

| | |
|---|---|
| Bhallstát, tarchuirfidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a fhaigheann an gearán é chuig an údarás sin. | Bhallstát, déanfaidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a fhaigheann an gearán é a tharchur chuig an údarás sin, agus ***cuirfidh sé an duine a thíolaic an gearán ar an eolas***. |

**Leasú 331**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Maidir le Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta, i gcásanna a bhaineann le gearáin arna tharchur ag Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar an bhfaighteoir nó ina bhfuil sé nó sí bunaithe dá bhforáiltear i mír 1, déanfaidh sé an t-ábhar a mheasúnú go tráthúil agus cuirfidh sé Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar an bhfaighteoir nó ina bhfuil sé nó sí bunaithe ar an eolas faoin gcaoi ar déileáladh leis an ngearán.*** |

**Leasú 332**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 43a*** |
| | ***Cearta chun leigheasanna breithiúnacha éifeachtacha*** |
| | ***1. Gan dochar d'aon leigheas riaracháin nó neamhbhreithiúnach ar bith eile, beidh sé de cheart ag aon fhaighteoir seirbhíse nó ag a eagraíocht ionadaíoch leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil in aghaidh cinneadh atá ceangailteach ó thaobh dlí de ó Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a*** |

***bhaineann leo.***

***2. Agus cinneadh á dhéanamh i dtaobh ar chomhlíon an t-ardán an-mhór ar líne a oibleagáidí faoi Airteagal 27(1), agus i bhfianaise phrionsabal na comhréireachta, déanfar infhaighteacht na mbeart oiriúnach agus éifeachtach a chur i gcuntas.***

***3. Gan dochar d'aon leigheas riaracháin nó neamhbhreithiúnach eile, beidh sé de cheart ag aon fhaighteoir seirbhíse nó ag a eagraíocht ionadaíoch leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil i gcás nach ndéileálann an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha atá inniúil de bhun Airteagail 40 agus 43 le gearán nó i gcás nach gcuireann sé faighteoir na seirbhíse ar an eolas laistigh de 3 mhí faoi dhul chun cinn nó faoi thoradh an ghearáin arna thaisceadh de bhun mhír 43.***

***Déanfar imeachtaí i gcoinne Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha faoin mír seo a thionscnamh os comhair chúirteanna an Bhallstáit ina bhfuil an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha bunaithe.***

**Leasú 333**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tarraingeoidh Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha tuarascáil bhliantúil suas ar a ngníomhaíochtaí faoin Rialachán seo. Cuirfidh siad na tuarascálacha ar fáil go poiblí, agus cuirfidh siad iad in iúl don Choimisiún agus don Bhord. | 1. Tarraingeoidh Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha tuarascáil bhliantúil suas ar a ngníomhaíochtaí faoin Rialachán seo. Cuirfidh siad na tuarascálacha ar fáil go poiblí, agus cuirfidh siad faoi bhráid an Choimisiúin***, Pharlaimint na hEorpa*** agus an Bhoird iad. |

**Leasú 334**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Bunaithe ar an tuarascáil bhliantúil a chuirfidh na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha in iúl, cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle tuarascáil dhébhliantúil thiomnaithe ina ndéanfar anailís ar na sonraí comhiomlánaithe maidir le horduithe dá dtagraítear in Airteagail 8, 8a agus 9 agus arna eisiúint ag na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, agus aird ar leith á tabhairt ar an mí-úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as na hAirteagail sin. Tabharfar forléargas cuimsitheach sa tuarascáil ar na horduithe chun gníomhú i gcoinne inneachar neamhdhleathach agus, ar feadh tréimhse shonrach ama, an deis measúnú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha.*** |

**Leasú 335**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) líon agus ábhar na n-orduithe chun gníomhú in aghaidh inneachar neamhdhleathach agus orduithe chun faisnéis arna heisiúint ag aon údarás breithiúnach nó riaracháin de Bhallstát an Chomhordaitheora Sheirbhísí Digiteacha lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9 a sholáthar; | (a) líon agus ábhar na n-orduithe chun gníomhú in aghaidh inneachar neamhdhleathach agus orduithe chun faisnéis a sholáthar***, lena n-áirítear ar a laghad faisnéis ar ainm an údaráis eisiúna, ainm an tsoláthraí agus an cineál gnímh a shonraítear san ordú,*** arna heisiúint i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9 ag aon údarás náisiúnta breithiúnach nó riaracháin de Bhallstát an Chomhordaitheora Sheirbhísí Digiteacha lena mbaineann; |

**Leasú 336**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Ní fhágfaidh iarraidh nó moladh de bhun mhír 1 nach bhféadfaidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha an Bhallstáit ina bhfuil cónaí ar fhaighteoir na seirbhíse nó ina bhfuil sé bunaithe, a imscrúdú féin a dhéanamh maidir le sárú amhrasta ar an Rialachán seo ag soláthraí seirbhísí idirghabhálacha.*** |

**Leasú 337**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tabharfaidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta lánaird ar an iarraidh nó ar an moladh de bhun mhír 1. I gcás ina measann sé nach bhfuil faisnéis leordhóthanach aige chun gníomhú ar an iarraidh nó ar an moladh agus go bhfuil cúiseanna aige le meas gur féidir leis an gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a sheol an iarraidh, ***nó*** an Bord, faisnéis bhreise a sholáthar, féadfaidh sé faisnéis den sórt sin a iarraidh. Cuirfear an tréimhse ama a leagtar síos i mír 4 ar fionraí go dtí go gcuirfear an fhaisnéis bhreise sin ar fáil. | 3. Tabharfaidh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha lánaird ar an iarraidh nó ar an moladh de bhun mhír 1 ***agus déanfaidh sé measúnú ar an ábhar d'fhonn bearta sonracha imscrúdaithe nó forfheidhmiúcháin a dhéanamh chun comhlíonadh a áirithiú gan moill mhíchuí***. I gcás ina measann sé nach bhfuil faisnéis leordhóthanach aige chun gníomhú ar an iarraidh nó ar an moladh agus go bhfuil cúiseanna aige lena mheas gur féidir leis an gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a sheol an iarraidh, ***agus leis an*** mBord, faisnéis bhreise a sholáthar, féadfaidh sé faisnéis den sórt sin a iarraidh. Cuirfear an tréimhse ama a leagtar síos i mír 4 ar fionraí go dtí go gcuirfear an fhaisnéis bhreise sin ar fáil. |

**Leasú 338**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Cuirfidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta, gan moill mhíchuí agus in aon chás tráth nach déanaí ná 2 mhí ón iarraidh ná ón moladh a fháil, a mheasúnú ar an sárú amhrasta, nó measúnú aon údarás inniúil eile de bhun an dlí náisiúnta i gcás inarb ábhartha, in iúl don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a sheol an iarraidh, nó don Bhord, chomh maith le míniúchán ar aon bheart imscrúdaithe nó forfheidhmithe a glacadh nó a bheartaítear maidir leis an sárú sin chun comhlíontacht an Rialacháin seo a áirithiú. | 4. Cuirfidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta, gan moill mhíchuí agus in aon chás tráth nach déanaí ná 2 mhí ón iarraidh nó ón moladh a fháil, a mheasúnú ar an sárú amhrasta, nó measúnú aon údarás inniúil eile de bhun an dlí náisiúnta i gcás inarb ábhartha, in iúl don Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a sheol an iarraidh, nó don Bhord, chomh maith le míniúchán ar aon bheart imscrúdaithe nó forfheidhmithe a glacadh nó a bheartaítear maidir leis an sárú sin ***agus ráiteas ar chúiseanna i gcás cinnidh, tar éis a imscrúdaithe, gan bearta a dhéanamh*** chun comhlíontacht an Rialacháin seo a áirithiú. |

**Leasú 339**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ábhar laistigh de 3 mhí tar éis tharchur an ábhair de bhun mhír 5, tar éis dul i gcomhairle le Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta agus, ach i gcás inar tharchuir sé féin an t-ábhar, an Bord. | 6. Déanfaidh an Coimisiún***, i gcomhar leis na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha*** measúnú ar an ábhar laistigh de 3 mhí tar éis tharchur an ábhair de bhun mhír 5, tar éis dul i gcomhairle le Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta agus, agus murar tharchuir sé féin an t-ábhar, an Bord. |

**Leasú 340**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. I gcás, de bhun ***mhír 6***, ina gcinnfidh an Coimisiún nach bhfuil na bearta measúnaithe nó imscrúdaithe nó forfheidhmithe a rinneadh ná a beartaíodh de bhun mhír 4 ar chomhréir leis an | 7. I gcás, de bhun ***mhír 6***, ina gcinnfidh an Coimisiún ***i gcomhar leis na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha*** nach bhfuil na bearta measúnaithe nó imscrúdaithe nó forfheidhmithe a rinneadh |

| | |
|---|---|
| Rialachán seo, iarrfaidh sé ar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta tuilleadh measúnaithe a dhéanamh ar an ábhar agus na bearta imscrúdaithe nó forfheidhmithe is gá a dhéanamh chun comhlíontacht leis an Rialachán seo a áirithiú, agus é a chur ar an eolas faoi na bearta sin a rinneadh laistigh de 2 mhí ón iarraidh sin. | nó a beartaíodh de bhun mhír 4 ar chomhréir leis an Rialachán seo, iarrfaidh sé ar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta tuilleadh measúnaithe a dhéanamh ar an ábhar agus na bearta imscrúdaithe nó forfheidhmithe is gá a dhéanamh chun comhlíontacht leis an Rialachán seo a áirithiú, agus é a chur ar an eolas faoi na bearta sin a rinneadh laistigh de 2 mhí ón iarraidh sin.<br>***Tarchuirfear an fhaisnéis seo freisin chuig an gComhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha nó chuig an mBord a thionscain na himeachtaí de bhun mhír 1.*** |

**Leasú 341**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. I gcás ina measann Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na tíre cinn scríbe gur ann do shárú líomhnaithe agus go ndéantar leis díobháil thromchúiseach do líon mór faighteoirí na seirbhíse sa Bhallstát sin, nó go bhféadfadh sé difear tromchúiseach a dhéanamh dá gcearta bunúsacha, féadfaidh sé a iarraidh ar an gCoimisiún imscrúduithe comhpháirteacha a chur ar bun idir Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na tíre ina bhfuil siad bunaithe agus Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha iarrthach na tíre cinn scríbe.*** |

**Leasú 342**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Comhordaitheoirí*** |

***Seirbhísí Digiteacha, measúnú ar an iarraidh sin agus tar éis tuairim dhearfach a fháil ón mBord, déanfaidh sé imscrúdú comhpháirteach a chur ar bun ina bhféadfaidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na tíre cinn scríbe a bheith i dteideal na cumhachtaí breise seo a leanas a fheidhmiú maidir leis an soláthraí seirbhísí idirghabhálacha lena mbaineann an sárú líomhnaithe:***

***(a) rochtain a fháil ar an leagan rúnda de na tuarascálacha arna bhfoilsiú ag na soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 13 agus, i gcás inarb infheidhme, in Airteagail 23 agus 24, agus ar na tuarascálacha bliantúla arna dtarraingt suas ag na húdaráis inniúla eile de bhun Airteagal 44;***

***(b) rochtain a fháil ar shonraí arna mbailiú ag Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na tíre bunaíochta chun críche maoirseachta a dhéanamh ar an soláthraí sin ar chríoch an Chomhordaitheora Seirbhísí Digiteacha sa tír chinn scríbe, gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679;***

***(c) imeachtaí a thionscnamh agus measúnú a dhéanamh ar an ábhar d'fhonn bearta sonracha imscrúdaithe nó forfheidhmiúcháin a dhéanamh chun comhlíonadh a áirithiú, i gcás ina dteastódh freagairt láithreach de bharr thromchúis amhrasta an tsáraithe nach ligfeadh feidhm a bheith ag forálacha Airteagal 45;***

***(d) chun bearta eatramhacha a iarraidh, dá dtagraítear in Airteagal 41(2)(e);***

**Leasú 343**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1c. Sa chinneadh ón gCoimisiún maidir leis an imscrúdú comhpháirteach a chur ar bun, saineofar spriocdháta faoina dtiocfaidh Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na tíre bunaíochta agus an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha atá i mbun an iarraidh a sheoladh de bhun mhír 2 ar chomhaontú faoi chomhsheasamh maidir leis an imscrúdú comhpháirteach, agus i gcás inarb infheidhme, maidir leis na bearta forfheidhmiúcháin atá le glacadh. Mura dtagtar ar chomhaontú faoin spriocdháta sin, cuirfear an cás ar aghaidh chuig an gCoimisiún de bhun Airteagal 45(5).*** |

**Leasú 344**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) rannchuidiú le cur i bhfeidhm éifeachtach Threoir 2000/31/CE, Airteagal 3, chun cosc a chur ar ilroinnt an mhargaidh aonair dhigitigh agus oibleagáidí na n-ardán an-mhór dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán 2019/1150;*** |

**Leasú 345**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 49 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) moltaí a thabhairt maidir le cur chun feidhme Airteagal 27 agus comhairle a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm smachtbhannaí a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás neamhchomhlíonadh leanúnach;*** |

**Leasú 346**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 49 – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(ea) tuairimí, moltaí nó comhairle a eisiúint maidir le hábhair a bhaineann le hAirteagal 34.*** |

**Leasú 347**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 50 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| ***Féadfaidh*** an Coimisiún, ag gníomhú ar a thionscnamh féin, nó an Bord, ag gníomhú ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ó thriúr Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha cinn scríbe ar a laghad, i gcás ina bhfuil cúiseanna ann le bheith amhrasach gur sháraigh ardán an-mhór ar líne aon cheann de na forálacha sin, moladh do Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta imscrúdú a dhéanamh ar an sárú amhrasta d'fhonn go nglacfadh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha sin le cinneadh den sórt sin ***laistigh de thréimhse ama réasúnta***. | ***Déanfaidh*** an Coimisiún, ag gníomhú ar a thionscnamh féin, nó an Bord, ag gníomhú ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ó thriúr Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha cinn scríbe ar a laghad, i gcás ina bhfuil cúiseanna ann le bheith amhrasach gur sháraigh ardán an-mhór ar líne aon cheann de na forálacha sin, moladh a thabhairt do Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na bunaíochta imscrúdú a dhéanamh ar an sárú amhrasta d'fhonn go nglacfadh an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha sin le cinneadh den sórt sin ***gan moill mhíchuí***. |

**Leasú 348**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 1. ***Féadfaidh*** an Coimisiún, ag gníomhú ar mholadh ón mBord nó ar a thionscnamh féin tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord, imeachtaí a thionscnamh d'fhonn na cinntí a d'fhéadfaí | 1. ***Déanfaidh*** an Coimisiún, ag gníomhú ar mholadh ón mBord nó ar a thionscnamh féin tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord, imeachtaí a thionscnamh d'fhonn na cinntí a d'fhéadfaí |

| | |
|---|---|
| a ghlacadh de bhun Airteagail 58 agus 59 i leith iompar ábhartha an ardáin an-mhór ar líne: | a ghlacadh de bhun Airteagail 58 agus 59 i leith iompair an ardáin an-mhór ar líne: |

**Leasú 349**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***I gcás*** ina ***gcinneann*** an Coimisiún imeachtaí ***a thionscnamh*** de bhun mhír 1, tabharfaidh sé fógra do gach duine de na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, don Bhord agus don ardán an-mhór ar líne lena mbaineann. | 2. ***Nuair*** a chinneann an Coimisiún imeachtaí ***a thionscnamh*** de bhun mhír 1, tabharfaidh sé fógra do na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha uile, don Bhord agus don ardán an-mhór ar líne lena mbaineann. |

**Leasú 350**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. D'fhonn tabhairt faoi na cúraimí a shanntar dó faoin Roinn seo, féadfaidh an Coimisiún le hiarraidh shimplí nó le cinneadh éileamh ar na hardáin an-mhór ar líne lena mbaineann, chomh maith le haon duine eile a ghníomhaíonn chun críocha a bhaineann lena dtrádáil, gnó, ceird nó gairm a d'fhéadfadh a bheith ar an eolas go réasúnta faoi fhaisnéis a bhaineann leis an sárú amhrasta nó leis an sárú, mar is infheidhme, lena n-áirítear eagraíochtaí a dhéanann na hiniúchtaí dá dtagraítear in Airteagail 28 agus 50(3), faisnéis den sórt sin a chur ar fáil laistigh de thréimhse ama réasúnta. | 1. Chun tabhairt faoi na cúraimí a shanntar dó faoin Roinn seo, féadfaidh an Coimisiún le hiarraidh shimplí nó le cinneadh éileamh ar na hardáin an-mhór ar líne lena mbaineann, ar ***a n-ionadaithe dlíthiúla***, chomh maith le haon duine eile a ghníomhaíonn chun críocha a bhaineann lena dtrádáil, gnó, ceird nó gairm a d'fhéadfadh a bheith ar an eolas go réasúnta faoi fhaisnéis a bhaineann leis an sárú amhrasta nó leis an sárú, mar is infheidhme, lena n-áirítear eagraíochtaí a dhéanann na hiniúchtaí dá dtagraítear in Airteagail 28 agus 50(3), faisnéis den sórt sin a chur ar fáil laistigh de thréimhse ama réasúnta. |

**Leasú 351**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 55 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcomhthéacs imeachtaí as a bhféadfaí cinneadh maidir le neamhchomhlíonadh de bhun Airteagal 58(1) a ghlacadh dá bharr, i gcás ina bhfuil práinn mar gheall ar riosca damáiste tromchúiseach d'fhaighteoirí na seirbhíse, féadfaidh an Coimisiún, trí chinneadh, bearta eatramhacha a ordú in aghaidh an ardáin an-mhór ar líne lena mbaineann ar bhonn cinneadh *prima facie* go ndearnadh sárú. | 1. I gcomhthéacs imeachtaí as a bhféadfaí cinneadh maidir le neamhchomhlíonadh de bhun Airteagal 58(1) a ghlacadh dá bharr, i gcás ina bhfuil práinn mar gheall ar riosca damáiste tromchúiseach d'fhaighteoirí na seirbhíse, féadfaidh an Coimisiún, trí chinneadh, bearta ***comhréireacha*** eatramhacha a ordú in aghaidh an ardáin an-mhór ar líne lena mbaineann ar bhonn cinneadh *prima facie* go ndearnadh sárú. |

**Leasú 352**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 57 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. D'fhonn na cúraimí a sannadh dó faoin Roinn seo a chur i gcrích, féadfaidh an Coimisiún na bearta is gá a dhéanamh chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach agus ar chomhlíontacht an ardáin an-mhór ar líne lena mbaineann leis an Rialachán seo. Féadfaidh an Coimisiún a ordú don ardán sin rochtain a thabhairt ar a bhunachair sonraí agus ar algartaim***, agus ar mhíniúcháin a bhaineann leo***. | 1. A mhaithe leis na cúraimí a sannadh dó faoin Roinn seo a chur i gcrích, féadfaidh an Coimisiún na bearta is gá a dhéanamh chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach agus ar chomhlíontacht an ardáin an-mhór ar líne lena mbaineann leis an Rialachán seo. Féadfaidh an Coimisiún freisin a ordú don ardán sin, ***i gcás inar gá,*** rochtain a thabhairt ar a bhunachair sonraí agus ar algartaim***, agus ar mhíniúcháin a bhaineann leo a sholáthar***. |

**Leasú 353**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 58 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh neamhchomhlíonta i gcás ina measann sé nach gcomhlíonann an t-ardán an-mhór ar líne lena mbaineann ceann amháin nó níos | 1. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh neamhchomhlíonta***, tar éis dul i gcomhairle leis an mBord,*** i gcás ina measann sé nach gcomhlíonann an t-ardán |

| | |
|---|---|
| mó de na míreanna seo a leanas: | an-mhór ar líne lena mbaineann ceann amháin nó níos mó de na míreanna seo a leanas: |

**Leasú 354**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 59 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh an Coimisiún fíneálacha nach mó ná 1 % den láimhdeachas iomlán sa bhliain airgeadais roimhe sin a fhorchur trí chinneadh ar an ardán an-mhór ar líne lena mbaineann nó ar an duine eile dá dtagraítear in Airteagal 52(1), i gcás ina measann sé go ndearnadh an méid seo a leanas, d’aon ghnó nó le faillí: | 2. Féadfaidh an Coimisiún trí chinneadh ***agus i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta,*** fíneálacha nach mó ná 1 % den láimhdeachas iomlán sa bhliain airgeadais roimhe sin a fhorchur ar an ardán an-mhór ar líne lena mbaineann nó ar an duine eile dá dtagraítear in Airteagal 52(1), i gcás ina measann sé go ndearnadh an méid seo a leanas, d’aon ghnó nó le faillí: |

**Leasú 355**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 73 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Laistigh de 5 bliana tar éis teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo ar a dhéanaí, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus tuairisceoidh sé do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. | 1. Laistigh de 5 bliana tar éis teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo ar a dhéanaí, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus tuairisceoidh sé do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. ***Ar bhonn na dtorthaí agus lánaird á tabhairt ar thuairim an Bhoird, beidh togra le haghaidh leasú ar an Rialachán seo ag gabháil leis an tuarascáil sin, i gcás inarb iomchuí.*** |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Ionstraim um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE |
| **Tagairtí** | COM(2020)0825 – C9-0418/2020 – 2020/0361(COD) |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO<br>8.2.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | JURI<br>8.2.2021 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 20.5.2021 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Geoffroy Didier<br>10.5.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 27.5.2021 13.7.2021 9.9.2021 |
| **Dáta an ghlactha** | 30.9.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 15<br>–: 9<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pascal Arimont, Gunnar Beck, Geoffroy Didier, Pascal Durand, Ibán García Del Blanco, Jean-Paul Garraud, Mislav Kolakušić, Sergey Lagodinsky, Gilles Lebreton, Karen Melchior, Jiří Pospíšil, Marcos Ros Sempere, Stéphane Séjourné, Raffaele Stancanelli, Adrián Vázquez Lázara, Axel Voss, Marion Walsmann, Tiemo Wölken, Lara Wolters |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Patrick Breyer, Daniel Buda, Emmanuel Maurel, Nacho Sánchez Amor, Kosma Złotowski |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Isabel Benjumea Benjumea |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 15 | + |
|---|---|
| PPE | Pascal Arimont, Isabel Benjumea Benjumea, Daniel Buda, Geoffroy Didier, Axel Voss, Marion Walsmann |
| Renew | Pascal Durand, Stéphane Séjourné, Adrián Vázquez Lázara |
| ID | Jean-Paul Garraud, Gilles Lebreton |
| ECR | Raffaele Stancanelli, Kosma Złotowski |
| The Left | Emmanuel Maurel |
| NI | Mislav Kolakušić |

| 9 | - |
|---|---|
| S&D | Ibán García Del Blanco, Marcos Ros Sempere, Nacho Sánchez Amor, Lara Wolters, Tiemo Wölken |
| Renew | Karen Melchior |
| ID | Gunnar Beck |
| Verts/ALE | Patrick Breyer, Sergey Lagodinsky |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh